# Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta

## Leanúntas Tacaíochta



## Treoirlínte do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

National Educational Psychological Service

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá** | **1** |
| | **Tús Eolais** | **3** |
| **1** | **An Leanúntas Tacaíochta – Foramharc** | **11** |
| **2** | **Creat Scoile Uile chun tacú le hiompraíocht** | **15** |
| **3** | **Struchtúir agus Tacaíochtaí Ranga** | **19** |
| | **3.1 Caidreamh Dearfach**<br>Eolas a chur ar an dalta agus ar theaghlach an dalta<br>Dea-chórais chumarsáide a bhunú<br>A léiriú do dhaltaí go bhfuil tábhacht leo | **19** |
| | **3.2 Timpeallacht Shóisialta an tSeomra Ranga** | **22** |
| | **3.3 An Timpeallacht Foghlama** | **23** |
| | **3.4 Eagar an tSeomra Ranga**<br>An timpeallacht fhisiceach<br>Rialacha ranga a cheapadh<br>Gnáthaimh a cheapadh<br>An tráthchlár | **23** |
| | **3.5 Dearcthaí agus Iompraíocht an Mhúinteora** | **27** |
| | **3.6 Cur Chuige Córasach i leith Déileáil le hIompraíocht**<br>Aird agus moladh ón múinteoir<br>Neamhaird phleanáilte a thabhairt ar iompraíocht aird-éillitheach neamhshuaiteach nach iompraíocht thromchúiseach í<br>Úsáid a bhaint as dreasachtaí agus duaiseanna chun dea-iompraíocht agus inspreagadh a mhisniú<br>Cur chuige céim ar chéim i leith déileáil le mí-iompraíocht | **28**<br><br><br><br><br>**35** |
| | **3.7 Straitéisí Teagaisc Sóisialta agus Mothúchánacha** | |
| **4** | **Staidéar ar Chásanna** | **37** |
| | Tacaíocht Ranga: Cás-Staidéar — Lucy | 38 |
| | Tacaíocht Ranga: Cás-Staidéar — Luca | 43 |
| | Tacaíocht Scoile Móide: Cás-Staidéir — John | 51 |
| | Emma | 58 |
| | **Aguisín 1: Doiciméid Tacaíochta (RD)** | **63** |
| | **Aguisín 2: Doiciméid Mheasúnaithe(AD)** | **79** |
| | **Aguisín 3: Doiciméid Idirghabhála** | **109** |
| | 3.1 Doiciméid Idirghabhála Ranga (CID) | 109 |
| | 3.2 Doiciméid Idirghabhála Aonair (IID) | 123 |
| | **Gluais** | **139** |
| | **Tagairtí** | **140** |

**RÉAMHRÁ**



I Meán Fómhair 2007 scaip NEPS Special Educational Needs – A Continuum of Support Guidelines for Teachers and Resource Pack. Ceapadh na Treoirlínte agus an Beart Acmhainní chun cabhrú le múinteoirí i mbunscoileanna príomhshrutha riachtanais a aithint agus idirghabhálacha a chomhlíonfadh iad a cheapadh agus a mheas.

Ón uair sin i leith, tá NEPS i mbun oibre le scoileanna chun tacú leo sa chur chuige seo i leith cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá síceolaithe NEPS ar fáil chun oibriú le scoileanna sannta ag aon cheann de na leibhéil mheasúnaithe agus idirghabhála, is iad sin Tacaíocht Ranga, Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoile Móide.

Féadfaidh sé a bheith an-dúshlánach do mhúinteoirí daltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu a chuimsiú. Chun freagairt don dúshlán sin agus chun tacú le múinteoirí chun riachtanais na ndaltaí sin a chomhlíonadh, cheap NEPS na treoirlínte seo "*Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta – Leanúntas Tacaíochta".* Aithnítear sna Treoirlínte go dtarlaíonn deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta ar leanúntas. Féadfaidh siad a bheith sa raon ó iompraíocht chuí ó thaobh forbartha de agus deacrachtaí beaga neamhbhuana go deacrachtaí suntasacha leanúnacha. Dearadh na Treoirlínte chun cabhrú le múinteoirí idirghabháil a dhéanamh ar cibé leibhéal den leanúntas is cuí.

Forbairt is ea na Treoirlínte ar dhoiciméid bhunaidh an Leanúntais Tacaíochta agus áirítear orthu cás-staidéir, ábhair mheasúnaithe agus idirghabhála. Áirítear ar na hábhair acmhainne ábhair d'idirghabhálacha ranga agus d'idirghabhálacha aonair. Ceapadh na hábhair le go bhféadfadh múinteoirí iad a íoslódáil agus a fhótachóipeáil, de réir mar is gá. Tá síceolaithe NEPS ar fáil i gcónaí chun tacú le scoileanna i dtaca le measúnú agus idirghabhálacha bunaithe ar an gcur chuige leanúntais seo.

Ceapadh na Treoirlínte mar chomhlánú ar na Treoirlínte Tacaíochta Foghlama (2000) agus lena n-úsáid i gcomhar leis na Guidelines on the Individual Education Plan Process (NCSE 2006) agus Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools (NEWB, 2008). Táim buíoch den uile dhuine a rannchuidigh lena gceapadh trí aiseolas cuiditheach a thairiscint. Ina measc siúd bhí múinteoirí, Cigireacht na Roinne, Cumann Múinteoirí Éireann, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, agus baill foirne ó na coláistí oiliúna.

Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil le baill NEPS a d'oibrigh ar na treoirlínte agus ar na hábhair thacaíochta seo. Táim muiníneach go mbeidh siad ina gcabhair phraiticiúil do mhúinteoirí agus iad ag díriú ar riachtanais iompraíochta, mhothúchánacha agus shóisialta ina scoileanna.

Maureen Costello
Stiúrthóir

## TÚS EOLAIS

Gabhann na treoirlínte seo leis an bhfoilseachán *Special Educational Needs: A Continuum of Support* a scaipeadh ar na múinteoirí uile sa bhliain 2007. An próiseas seo, a mbaineann scoileanna agus múinteoirí úsáid as chun riachtanais speisialta oideachais a aithint agus a chomhlíonadh i gcoitinne, cuirtear i bhfeidhm é go sonrach anseo i dtaca le riachtanais iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta daltaí. Ní miste a rá gur d'fhoireann uile na mbunscoileanna a ceapadh na treoirlínte seo.

Is é aidhm na dtreoirlínte tacú le foireann na scoile chun cur leis an dea-chleachtas reatha agus córais, scileanna agus struchtúir a cheapadh le gur féidir riachtanais daltaí a chomhlíonadh. Léiríonn na treoirlínte dea-chleachtas i dtaca le hoibriú le leanaí a bhfuil riachtanais iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu.

**ACMHAINNÍ A EAGRÚ CHUN TACÚ**
**LE LEANÚNTAS RIACHTANAIS**

Is minic gaol idir riachtanais daltaí aonair a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu a chomhlíonadh agus eagar na n-acmhainní atá ar fáil sa scoil. In Aguisín 2 den doiciméad *SPECIAL EDUCATIONAL NEEDS: A Continuum of Support* leagtar amach an gaol idir an Leanúntas Tacaíochta agus eagrú na n-acmhainní sin a leithdháiltear ar an scoil ón Leithdháileadh Ginearálta, agus ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i dtaca le daltaí aonair. Tá i gceist go gcabhróidh na próisis a mholtar anseo le scoileanna an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní sin chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais acu ar phointe ar bith den leanúntas.

Leanann an cur chuige a ndéantar cur síos air anseo an tsamhail mheasúnaithe agus idirghabhála atá leagtha amach san fhoilseachán *Special Educational Needs: A Continuum of Support*. Gheofar foramharc ar an tsamhail sin i **Roinn 1**. Trí phróiseas scoilbhunaithe ar leith atá i gceist ann:

**Tacaíocht Ranga** - próiseas idirghabhála a chomhordaíonn an múinteoir ranga agus a chuirtear i bhfeidhm laistigh den ghnáthsheomra ranga

**Tacaíocht Scoile** - próiseas measúnaithe agus idirghabhála a chomhordaíonn múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne de ghnáth i gcomhar leis an múinteoir ranga. Idirghabhálacha a chuirtear ar fáil ag an gcéim seo, beidh siad de bhreis ar na hidirghabhálacha a chuirtear ar fáil ag céim Thacaíocht Ranga.

**Tacaíocht Scoile Móide** - is éard a bhíonn i gceist anseo ná iarratas ón scoil ar sheirbhísí seachtracha cuí mar chuid de chlár a fhéachann le measúnú níos mionsonraithe a dhéanamh chun idirghabháil chuí a cheapadh. Baintear úsáid as an leibhéal idirghabhála seo le daltaí a bhfuil deacrachtaí casta agus/nó deacrachtaí níos seasmhaí acu má mheastar nach dóthain an dul chun cinn atá á dhéanamh acu d'ainneoin idirghabhálcha a bheith pleanáilte go cúramach ar na leibhéil roimhe sin.

Táirgeann **Roinn 2** de na treoirlínte seo foramharc gairid ar chreat scoile uile maidir le dea-iompraíocht a chur ar aghaidh agus deacrachtaí a chosc.

**Roinn 3** déantar cur síos ar struchtúir agus ar thacaíochtaí ranga a chabhraíonn chun timpeallacht dhearfach a chruthú sa seomra ranga, an fhoghlaim agus an comhchaidriú a uasmhéadú, agus mí-iompraíocht a íoslaghdú.

Baintear úsáid as **cás-staidéir** i **Roinn 4** chun an tslí a n-oibríonn an tsamhail mheasúnaithe agus idirghabhála iarbhír a thaispeáint, mar aon leis an tslí ar féidir léi tacú le daltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha nó sóisialta acu.

Na hacmhainní a chuirtear ar fáil san fhoilseachán *Special Educational Needs: A Continuum of Support,* agus a mholtar a úsáid le daltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu, atáirgtear iad in Aguisín 1. Acmhainní a chuirtear i bhfeidhm de ghnáth mar chuid den phróiseas measúnaithe agus idirghabhála i dtaca le deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta, tairgtear iad in Aguisín 2 agus in Aguisin 3. Moltar do mhúinteoirí úsáid a bhaint astu faoi mar atá siad nó iad a chur in oiriúint do chásanna ina seomraí ranga féin.

Mar aon le léiriú a thabhairt ar an gcur chuige atá leagtha amach in *Special Educational Needs: A Continuum of Support* (2007), ceapadh na treoirlínte seo mar chomhlánú ar *Learning Support Guidelines* (2000) agus ar an gcur chuige céimnithe i leith measúnú agus idirghabháil atá leagtha amach i Special Education Circular 02/05. Slí eile leis na treoirlínte a úsáid ná i gcomhar leis na *Guidelines on the Individual Education Plan Process* (NCSE, 2006).

Bunaíodh an doiciméad sin ar dhea-chleachtas sna scoileanna, ar athbhreithniú leanúnach ar theoiric shíceolaíochta agus ar thaighde agus ar thaithí shíceolaithe NEPS ar a bheith ag obair le múinteoirí i scoileanna. Ní liosta cuimsitheach treoirlínte iad seo agus is mar acmhainn insroichte do mhúinteoirí seachas mar pháipéar taighde a ceapadh iad. Réimse í seo atá i mbéal forbartha agus tá NEPS lándáiríre faoi fheabhsú leanúnach a dhéanamh ar dhea-chleachtas maidir le tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus tacú le múinteoirí. Ba mhór againn aiseolas a fháil uait, mar aon le moltaí d'fhorbairtí breise.

**Peirspictíochtaí Teoiriciúla ar Dheacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta**

Is deacair teacht ar chomhaontú sa litríocht faoin rud a thuigtear le deacracht iompraíochta, mhothúchánach nó shóisialta agus tá raidhse cineálacha cur chuige ann i leith sainiú na ndeacrachtaí sin. Is éard a bhíonn i gceist ag NEPS leis an téarma sin deacracht a bheadh ag dalta a chuirfeadh bac ar a fhorbairt nó a forbairt phearsanta, shóisialta, chognaíoch nó mhothúchánach. D'fhéadfaí an deacracht sin a chur in iúl i bhfoirm iompraíocht cheilte nó iompraíocht léirithe. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an deacracht sin ar ghaol an duine leis nó léi féin, le daoine eile agus leis an bpobal trí chéile agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar fhorbairt phearsanta agus oideachais an dalta féin nó ar fhorbairt daoine eile. Ní mór breithniú a dhéanamh ar na comhthéacsanna ina mbíonn na deacrachtaí sin le sonrú, cuir i gcás an seomra ranga, an scoil, an teaghlach, an pobal agus suíomhanna cultúrtha.

Ní miste smaoineamh ar dheacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta mar iompraíocht a tharlaíonn feadh leanúntais ó iompraíocht atá oiriúnach don leibhéal forbartha (m.sh. gnáththástáil teorainneacha) agus deacrachtaí beaga neamhbhuana go dtí deacrachtaí suntasacha agus/nó leanúnacha, a bhféadfadh atreorú cliniciúil agus idirghabháil a bheith ag teastáil maidir leo. Measann NEPS go gcuimsíonn an téarma sin galar meabhrach/neamhoird chliniciúla ach ní bheadh diagnóis chliniciúil ach ag mionlach beag daltaí ar an leanúntas seo.

Is iomaí peirspictíocht theoiriciúil atá ann i dtaobh na slí a éascaítear forbairt shóisialta agus mhothúchánach agus a dtagann deacrachtaí iompraíochta chun cinn. Cuimsítear sna teoiricí éagsúla samhlacha difriúla maidir leis an duine agus an tslí a fhorbraíonn sé agus mar sin tá samhlacha cúisíocha difriúla acu ar fad maidir le hiompraíocht. Is iad na samhlacha sin a chinneann an cineál próisis measúnaithe agus idirghabhála a úsáidtear chun tuiscint agus réiteach a fháil ar an bhfadhb. Níl sé ar chumas an doiciméid seo athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na teoiricí sin. Foramharc gairid atá sa tábla thíos chun léiriú a thabhairt ar na príomhfhorbairtí agus ar na príomhtheoiricí i dtaca le tuiscint ar iompraíocht. I measc na bpeirspictíochtaí teoiriciúla sin tá peirspictíochtaí a dhíríonn ar an ngaol atá ag an duine leis nó léi féin, peirspictíochtaí a dhíríonn ar an ngaol idir an duine féin agus daoine eile agus cinn eile a dhíríonn ar an ngaol idir an duine féin agus an timpeallacht. Seo a leanas na peirspictíochtaí a thuairiscítear anseo:

- Bitheolaíoch
- Sícidinimiciúil
- Iompraíoch
- Cognaíoch
- Foghlaim Shóisialta
- Daonnachaíoch
- Éicea-chórasach
- Éiceolaíoch

Cuimsítear i dtreoirlínte an Leanúntais Tacaíochta cur chuige fadhbréitigh i leith tuiscint a fháil ar dhaltaí a bhfuil raon deacrachtaí foghlama agus iompraíochta acu agus idirghabhálacha a cheapadh lena n-aghaidh. Is é a bhreithnítear i gcás gach peirspictíochta an bonn teoiriciúil mar aon leis an mbaint atá aige leis an bpróiseas fadhbréitigh i dtaca le

- Measúnú - an fhadhb/an iompraíocht a thuairisciú
- Foirmliú – cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?
- Idirghabháil – conas is féidir linn cabhrú?
- Athbhreithniú – ar oibrigh sé?

Ar obair Harry Ayers, Don Clarke, Anne Murray ina bhfoilseachán: *"A Practical Guide to Effective Interventions for Teachers, 2nd Edition-David Fulton Publishers (2002)"* atá an tábla thíos bunaithe.

| Peirspictíocht theoiriciúil agus an bonn teoiriciúil fúithi | Measúnú | Foirmliú | Idirghabháil | Athbhreithniú |
|---|---|---|---|---|
| **Bitheolaíoch**<br>Bíonn tionchar ag próisis ghéiniteacha, síceolaíocha agus néareolaíocha ar iompraíocht | Íomháú inchinne, agallamh, tástáil shíceaméadrach agus néarfiseolaíoch, tomhais shícea-fiseolaíocha | D'fhéadfadh togracht ghéiniteach, mínormaltachtaí orgánacha nó struchtúrtha san inchinn nó míchothromaíocht néara-cheimiceacha a bheith ina gcúiseanna le deacrachtaí | Teiripe drugaí | Éifeachtaí teiripe drugaí ar iompraíocht agus ar chognaíocht |
| **Sícidinimiciúil**<br>Próisis neamh-chomhfhiosacha a fhéachann leis an ego a chosaint is cúis le hiompraíocht | Gaol aistrithe, sícea-anailís, míniú brionglóidí, teicnící teilgin | Eascraíonn deacrachtaí iompraíochta ó choimhlintí neamhréitithe agus neamh-chomhfhiosacha atá fréamhaithe sa luath-óige agus atá ina gcúis le himní neamh-chomhfhiosach agus meicníochtaí cosanta | Míniú ar fhantasaíocht neamh-chomhfhiosach, cosaint an ego trí ghaol aistrithe leis an teiripeoir | Forbraíonn an duine léargas agus samhlacha oibre oiriúnacha |
| **Iompraíoch**<br>Ar riochtú clasaiceach agus riochtú oibríoch atá an pheirspictíocht seo bunaithe. Toradh ar an bhfoghlaim is ea iompraíocht, de réir na samhla seo | Sceidil bhreathnóireacht a, seicliostaí, taifeadadh minicíochta agus breithniú réamhtheachtait he agus iarmhairtí iompraíochta | Toradh is ea fadhbanna iompraíochta ar fhoghlaim lochtach agus ar iompraíocht dhiúltach a bheith á treisiú | Cláir threisithe, díothú, geilleagar airíochtaí, conraitheoireac ht iompraíochta, costas freagairtí, oiliúint i scileanna sóisialta | Laghdú ar mhinicíocht na hiompraíochta diúltaí agus méadú ar iompraíocht inmhianaithe i gcomparáid le tomhais bhonnlíne |
| **Cognaíoch**<br>Próiseáil eolais; stiúrann próisis chognaíocha ár bhfreagairtí iompraíochta agus mothúchánacha | Dialanna féinmhontóireach ta ag díriú ar smaointe/dearct haí/tuairimí agus ar mhothúcháin agus iompraíocht | Toradh is ea deacrachtaí iompraíochta agus mothúchánacha ar phróisis smaointeoireachta mhí-oiriúnaitheacha / lochtacha | Scileanna fadhbréitigh a fhorbairt, ionaclú in aghaidh struis, féinteagasc srl | Méadú ar scileanna fadhbréitigh agus féinbhainistíochta, athrú ar aitreabúideacht |

| Peirspictíocht theoiriciúil agus an bonn teoiriciúil fúithi | Measúnú | Foirmliú | Idirghabháil | Athbhreithniú |
|---|---|---|---|---|
| **Foghlaim Shóisialta** Cinnteachas deilíneach: rud a fhoghlaimítear is ea iompraíocht agus bíonn tionchar ag idirghníomhaíocht le daoine eile uirthi; féinéifeachtúlacht: bíonn tionchar ag ionchais ar iompraíocht | Féinmhonatóireacht | Bíonn toradh ag éifeachtúlacht agus ag ionchais ar iompraíocht | Foghlaim bhreathnóireachta, teagasc agus sampla-aithris ar scileanna déileála | Méadú ar fhéinéifeachtúlacht |
| **Daonnachaíoch** Féiniméaneolaíocht; bríonna suibiachtúla, aireachtáil agus mothúcháin | Tomhais an fhéinchoincheapa, féinmheas, mothúcháin, breathnóireacht seomra ranga, taiscéaladh an fhéin idéalaigh/an fhéin iarbhír | Deacrachtaí iompraíochta agus mothúchánacha de dheasca lagmheas ar an duine féin agus féinchoincheap diúltach | Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt, díriú ar ordlathas riachtanas Maslow | Méadú ar fhéinmheas, féinchoincheap dearfach |
| **Éicea-chórasach** Teoiric córas/teiripe theaghlaigh; fócas ar chórais agus ar chúisiú ciorclach | Idirghníomhaíochtaí laistigh de chórais agus idir chórais a scrúdú agus a léirmhíniú (an teaghlach/an scoil) trí mheán agallaimh agus breathnóireacht | Toradh ar idirghníomhaíocht aí idir fhochórais is ea iompraíocht; idirghníomhaíocht aí /léirmhínithe diúltacha is cúis le timthriallta féinbhuanaithe iompraíochta | Mínithe ar fheidhmeanna agus ar inspreagadh a anailísiú agus a athfhrámú | Athruithe dearfacha ar idirghníomhaíocht aí agus ar léirmhínithe agus timthriallta féinchothaitheacha dea-iompraíochta curtha ar bun |
| **Éiceolaíoch** Timpeallachtaí sóisialta agus fisiceacha; tarlaíonn iompraíocht laistigh de chomhthéacs agus is féidir féachaint uirthi mar thoradh ar idirghníomhaíocht idir an duine agus an timpeallacht | Ceistneoirí, breathnóireacht, suirbhéanna ar dhearcadh, seicliostaí, teicnící sochmhéadracha | Toradh ar idirghníomhaíocht dhiúltach idir an duine agus an timpeallacht is ea deacrachtaí iompraíochta | Mionathrú a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiceach agus shóisialta, feasacht a chothú agus aireachtálacha, tuairimí agus dearcthaí a athrú | Athrú dearfach ar an timpeallacht agus ar an idirghníomhaíocht idir an duine agus an timpeallacht |

**Cur chuige bith-shícshóisialta i leith deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta**
Admhaíonn cleachtóirí nach dtugann aon cheann de na peirspictíochtaí teoiriciúla a thuairiscítear thuas gach freagra dúinn agus claonadh is ea é ag síceolaithe oideachais creataí leathana coincheapúla a úsáid agus leas a bhaint as raon teoiricí chun tuiscint a fháil ar iompraíocht agus idirghabhálacha a cheapadh.

Aithnítear sa chur chuige bith-shíc-shóisialta, atá tagtha chun bheith ar an tsamhail cheannasach meabhairshláinte, gur beitheanna casta iad daoine agus go mbraitheann a bhfeidhmiú ar thosca idirghaolaithe agus idirspleácha bitheolaíocha, síceolaíocha agus soch-chultúrtha. Faoin gcur chuige seo is féidir raon creataí teoiriciúla a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú chun feidhmiú agus riachtanas reatha dalta a bhreithniú.

Aithnítear sa chur chuige seo ag síceolaithe oideachais gur féidir cúiseanna iolracha agus cúiseanna casta a bheith le deacrachtaí agus gur féidir le toisc chúisíoch amháin go fiú bheith ina cúis le hiompraíocht dhifriúil i ndaltaí difriúla agus i staideanna difriúla. Ní mór cuimhneamh chomh maith gur minic a thuairiscítear iompraíocht de réir an dearcaidh ar leith atá glactha ag an múinteoir, ag an tuismitheoir nó ag duine éigin eile.

Is ar raon athróg a bhraitheann rath i dtimpeallacht chasta foghlama agus sóisialta na scoile agus féadfaidh mórchuid de na hathróga sin a bheith lasmuigh de smacht dhíreach an mhúinteora m.sh. cúlra socheacnamaíoch, pearsantacht, inniúlacht agus cumais. Bíodh sin mar atá, tá tosca áirithe faoi smacht an mhúinteora (bainistíocht an tseomra ranga, caidreamh leis an dalta, difreáil srl.) agus tá sé taispeáinte go mbíonn éifeacht shuntasach acu siúd ar na torthaí do dhaltaí.

Sa chás-staidéar seo a leanas ar Mharc taispeántar an tslí nár mhór tosca bitheolaíocha, síceolaíocha agus sóisialta a chur san áireamh chun riachtanais dalta a thuiscint agus a chomhlíonadh.

## Cás-Staidéar

Rinneadh fáthmheas Neamhoird Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA) le deireanas i dtaca le Marc, atá 8 mbliana d'aois. Bhí a thuismitheoirí tar éis iarraidh ar an dochtúir teaghlaigh é a atreorú go dtí an tSeirbhís Mheabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh i ngeall ar an imní a bhí ar a mhúinteoirí le roinnt blianta anuas i dtaobh a iompraíochta ar scoil agus a dheacra a bhí sé orthu féin a iompraíocht sa bhaile a bhainistiú. Bhí fuadar air i gcónaí, ba dheacair dó dul a luí nuair a iarradh air agus bhí sé ag teacht chun bheith aonraithe toisc nár iarr leanaí eile air níos mó bheith páirteach ina gcluichí. Thug a thuismitheoirí faoi deara gur dheacair dó glacadh le rialacha agus go bhféadfadh sé racht feirge a bheith aige dá mba rud é nár comhlíonadh a éileamh láithreach. Bhí siad de shíor ag géilleadh dó de ghrá an réitigh agus bhraith siad nach raibh sé sin féaráilte ar na leanaí eile sa chlann.



Marc

Bhí sé tugtha faoi deara ag a mhúinteoirí go raibh sé an-deacair go deo ar Mharc éisteacht le treoracha sa rang agus déanamh dá réir. Ba mhinic a scread sé amach agus b'annamh a chríochnaigh sé an tasc a tugadh dó. Bhí imní ar a mhúinteoirí faoina chumas cairde a dhéanamh ós rud é go raibh sé ina choimhlint go minic idir é féin agus a phiaraí, go háirithe ag am súgartha.

Chabhraigh múinteoir Mharc leis "Mo smaointe mar gheall ar an scoil" a chomhlánú (Aguisín 2 Doiciméad Measúnachta 4). Léirigh freagraí Mharc go raibh sé buartha nach raibh cairde aige. Thuairiscigh sé go

ndéarfadh a mhúinteoir faoi go raibh sé ar an mbuachaill "ba dhána sa rang". Dúirt Marc gurb í an líníocht an rud ba mhó a thug sonas dó.

Meastar gur bonn néarabhitheolaíoch atá ag NHEA ach déantar é a fháthmheas ar bhonn measúnú ildisciplíne a dhíríonn ar mhinicíocht agus ar dhéine iompraíochta ar leith a bhaineann le ríogacht, easpa airde agus seachránaitheacht. Aithnítear, leis, gur féidir leis an scoil, an teaghlach agus tosca timpeallachta tionchar a bheith acu ar cé mar a réiteofar deacrachtaí an linbh.

I gcás Mharc rinne foireann CAMHS fáthmheas ar bhonn eolais a bailíodh ón mbaile agus ón scoil agus ó bhreathnóireacht chliniciúil. Chinn an síciatraí comhairleach Marc a chur ar Ritalin, ar bhonn trialach. Taispeánann an taighde go bhféadfadh an réim cógas sin cuid de na gnéithe iompraíochta a ghabhann le NHEA a laghdú ach nach leigheas ráthaithe ann féin é. Is i gcomhar le tacaíocht shíceolaíoch, oideachais agus shóisialta is éifeachtaí a bhíonn sé.

Le cois na réime cógas, mar sin, cuireadh na hidirghabhálacha seo a leanas i bhfeidhm chun cabhrú le Marc:

Tugadh cabhair do thuismitheoirí Mharc áit a fháil ar chlár tuismitheoireachta ar áiríodh ann mír ar bhainistiú leanaí a bhfuil NHEA orthu Tá siad tar éis gnáthamh agus ionchais shoiléire a shocrú do Mhac agus plean iompraíochta a cheapadh ina ndíreofar ar an gcéad dul síos ar dhul go dtí an leaba agus fanacht inti. Thuairiscigh siad don oibrí tacaíochta teaghlaigh go bhfuil tuiscint níos fearr acu anois ar riachtanais Mharc agus go mbraitheann siad gur lú teannas atá sa teach. Thuairiscigh siad gur fearrde an teaghlach ar fad gnáthamh agus rialacha tí soiléire a bheith acu.

Ar scoil d'iarr múinteoir Mharc comhairle ar shíceolaí oideachais na scoile ar conas cabhrú le Marc sa seomra ranga. Rinne sé roinnt athruithe ar na socruithe suí agus thug isteach tráthchlár físeach a chabhraigh chun rudaí a dhéanamh níos intuartha do Mharc. Cheap sé cairt iompraíochta do Mharc ina ndírítear ar spriocanna aontaithe i dtaca le tascanna scríofa a bhaint amach. Gheobhaidh Marc leabhar líníochta ar 20 réalta a bheith bainte amach aige. Thuairiscigh an múinteoir ranga go bhfuil tuiscint níos fearr aige anois ar Mharc agus tá sé ag iarraidh athrú a dhéanamh ar an gcáil a bhí ar Mharc sa rang trí neamhaird a thabhairt ar iompraíocht neamhshuntasach, fútráil, cuir i gcás, agus deiseanna a lorg chun iarrachtaí Mharc a mholadh.

Tá an múinteoir acmhainne i mbun oibre le Marc ar straitéisí láimhsithe feirge agus straitéisí suaimhnithe chun cabhrú leis déileáil le frustrachas nuair nach n-oibríonn rudaí amach dó. Tá sí ag cuidiú leis scileanna fadhbréitigh a fhorbairt le cabhair 'Leathanach Smaointe' (Féach Doiciméad Idirghabhála Aonair 9). Tá grúpa scileanna sóisialta eagraithe aici dhá uair sa tseachtain mar ar féidir le Marc agus daltaí eile raon scoileanna a fhoghlaim agus a chleachtadh faoi threoir agus trí rólghlacadh.

Cuimsítear i dtreoirlínte an Leanúntais Tacaíochta cur chuige fadhbréitigh i leith tuiscint a fháil ar dhaltaí a bhfuil raon deacrachtaí foghlama agus iompraíochta acu agus idirghabhálacha a cheapadh lena n-aghaidh. Is é a bhreithnítear i gcás gach peirspictíochta an bonn teoiriciúil mar aon leis an mbaint atá aige leis an bpróiseas fadhbréitigh i dtaca le


- Measúnú - an fhadhb/an iompraíocht a thuairisciú
- Foirmliú – cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?
- Idirghabháil – conas is féidir linn cabhrú?
- Athbhreithniú – ar oibrigh sé?

## Roinn 1

### An Leanúntas Tacaíochta – foramharc


Gheofar téacs iomlán an Leanúntais Tacaíochta in *Special Educational Needs, A Continuum of Support, Guidelines for Teachers (DES 2007).* Tugtar achoimre ar an bpróiseas anseo ach moltar do mhúinteoirí dul chuig na treoirlínte chun cur síos iomlán a fháil.

Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is i dtéarmaí leanúntais is fearr is féidir na riachtanais sin a thuiscint agus tacaíocht a sholáthar.




Tá idir mheasúnú agus idirghabháil i gceist le 'tacaíocht' sna treoirlínte seo. Dírítear ar ghníomhaíochtaí a aithint a dhéanfadh difear dearfach don dalta, agus cur chuige fadhbréitigh a úsáidtear chun na gníomhaíochtaí sin a aithint. Tugtar breac-chuntas ar phróiseas incriminteach níos córasaí a bhraitheann ar cá háit ar an leanúntas a shamhlófaí riachtanais an dalta, ó thaobh déine agus fad. Ach is iad ina ceisteanna téamacha céanna is ceart an próiseas smaointeoireachta agus gníomhaíochta a threorú ar gach leibhéal tacaíochta:

- Céard é an t-údar imní?
- Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?
- Conas is féidir linn cabhrú?
- Ar oibrigh sé?




Is éard atá i gceist leis an bpróiseas fadhbréitigh, mar sin, measúnú, idirghabháil agus athbhreithniú.

**Tacaíocht Ranga**

Is í Tacaíocht Ranga an fhreagairt is coitianta, agus an chéad fhreagairt, de ghnáth, ar riachtanais atá ag teacht chun cinn. Freagairt is ea é do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais ar leith nó riachtanais aonair acu agus a dteastaíonn cur chuige foghlama/iompraíochta uathu de bhreis ar an gcur chuige is gá do leanaí eile ina rang.

Is gnách tús a chur le fadhbréiteach ar an leibhéal seo tar éis do thuismitheoir nó múinteoir údar imní a thuairisciú mar gheall ar dhalta aonair. Pléann an múinteoir agus na tuismitheoirí nádúr na faidhbe agus cé na straitéisí a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach. Is éard atá i gceist le Tacaíocht Ranga na cineálacha cur chuige i leith fadhbréiteach is gnách do mhúinteoirí ranga a úsáid chun tacú le riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Slí thábhachtach le caidreamh dearfach a chur ar aghaidh, dea-iompraíocht a chothú agus díriú ar riachtanais ar leith a aithnítear sa ghrúpa ranga is ea an t-am a chuirtear i leataobh le haghaidh OSPS a chaitheamh ar thopaicí ar nós 'Duine ar leith mé'; mothúcháin; cinnteoireacht; féiniúlacht agus féinmheas; nó trí na scileanna sóisialta a bhíonn ag teastáil ó dhaltaí chun go n-éireoidh leo ar scoil a mhúineadh.

Mheasfaí go raibh dalta atá ag fáil tacaíocht sa seomra ranga ag céim 1 den "Cur Chuige Céimniúil i leith Measúnú, aithint agus Clárphleanáil". **(Imlitir an ROS um Oideachas Speisialta 02/05)**

**Tacaíocht Scoile**

I gcásanna áirithe ní leor idirghabháil ar leibhéal ranga chun freastal do riachtanais speisialta oideachais an dalta ina n-iomláine. D'fhéadfadh Plean Thacaíocht Scoile a bheith de dhíth. I gceist anseo bheadh eolas a bhailiú ar shlí níos córasaí agus Próifíl Foghlama Dalta Aonair (IPLP) a cheapadh agus monatóireacht a dhéanamh ina leith. Ní mór don mhúinteoir ranga ag an bpointe seo iarraidh ar an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne a bheith rannphäirteach sa phróiseas fadhbréitigh. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as acmhainní a chuirfí ar fáil faoin Leithdháileadh Ginearálta chun idirghabháil réamhghníomhach a dhéanamh a dhíreodh ar na deacrachtaí aitheanta. D'fhéadfadh idirghabháil luath na deacrachtaí a réiteach. D'fhéadfadh an plean seo díriú ar riachtanas breis is dalta amháin, m.sh. d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach idirghabháil bhreise ranga a dhéanamh le grúpa daltaí a bhfuil riachtanais chomhchosúla acu. D'fhéadfadh síceolaí NEPS cabhrú trí chomhairle a sholáthar mar gheall ar idirghabhálacha oiriúnacha nó trí thacú le foireann na scoile chun iad a chur i bhfeidhm.

**Tacaíocht Scoile Móide**

Más dian nó más leanúnach iad riachtanais speisialta oideachais an dalta, is dóichí ná a mhalairt go mbeidh diantacaíocht agus Plean Iompraíochta Aonair (IEP) ag teastáil. De ghnáth is é a shamhlaítear le Tacaíocht Scoile Móide pearsanra ó lasmuigh den scoil a bheith bainteach leis an bpróiseas fadhbréitigh, measúnaithe agus idirghabhála. D'fhéadfaí teagmháil a dhéanamh le síceolaí NEPS ag an gcéim seo. Pointe tosaigh don fhadhbréiteach ar an leibhéal seo a bheidh san eolas a bailíodh le linn chéimeanna Thacaíocht Ranga agus Thacaíocht Scoile. Déanfar athbhreithniú ar an obair a rinneadh ar an dá leibhéal sin chun eolas a sholáthar don IEP.


Mheasfaí go raibh dalta atá ag fáil tacaíocht ghrúpa den chuid is mó nó tacaíocht aonair ócáideach de bhreis ar Thacaíocht Ranga ag céim 2 den "Cur Chuige Céimniúil i leith Measúnú, Aithint agus Clárphleanáil". **(Imlitir an ROS um Oideachas Speisialta 02/05)**

**Nóta: Dathchódú ar fud na tuarascála chun leibhéil a léiriú**

- TACAÍOCHT RANGA
- TACAÍOCHT SCOILE
- TACAÍOCHT SCOILE MÓIDE

Cé gur chóir freastal ar riachtanais tosaigh thromlach na ndaltaí trí idirghabhálacha a tharlódh sa seomra ranga, d'fhéadfadh go rachadh líon beag daltaí ar scoil agus go mbeadh deacrachtaí níos suntasaí ag gabháil dóibh nó go mbeadh deacrachtaí acu a d'aithneofaí ar an bpointe. I gcásanna den sort d'fhéadfadh go mbeadh an PleanTacaíochta Scoile nó an Plean Tacaíochta Scoile Móide níos feiliúnaí mar thúsphointe. Bhainfeadh sé seo sa chuid is mó de na cásanna le daltaí a bheadh nua sa scoil. D'fhéadfadh, áfach, go mbainfeadh sé chomh maith le daltaí eile dá dtarlódh ócáid a chuirfeadh isteach go mór orthu ar scoil.

Bainfidh na scoileanna úsáid as acmhainní de réir an leibhéil riachtanas.




Cabhraíonn síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le scoileanna acmhainn na scoile a fhorbairt chun go mbeidís ábalta freastal ar riachtanais na ndaltaí ag gach leibhéal.

**TACAÍOCHT SHÍCEOLAITHE NEPS DON PHRÓISEAS**

Féadfaidh síceolaithe NEPS agus an scoil oibriú as lámha a chéile chun cineálacha straitéisí éagsúla a cheapadh: chun an dea-iompraíocht a chur ar aghaidh ar bhonn scoile uile mar aon le straitéisí a d'oirfeadh do ranganna aonair nó do ghrúpaí daltaí. Braithfidh an méid oibre a dhéanfaidh an síceolaí ar chomhaontú a bheith ann leis an scoil mar gheall ar an úsáid a bhainfear as an am seirbhíse atá ar fáil.

Samplaí de sin is ea:

- obair ar bheartais agus ar nósanna imeachta scoile, ar nós beartais dea-iompraíochta a fhorbairt nó tacaíocht a sholáthar d'fhoirne cúraim/SEN
- comhairle ar chineálacha cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama
- ionchur i bhforbairt foirne
- comhairle ar straitéisí bainistíochta ranga
- straitéisí measúnaithe agus idirghabhála a chomhroinnt
- obair ghrúpa a dhéanamh le daltaí a bhfuil riachtanais chomhchosúla acu, cuir i gcás scileanna sóisialta,
- láimhsiú feirge, forbairt ar athléimneacht

Féadfaidh an obair tacaíochta agus an obair fhorbartha seo tacú go díreach nó go hindíreach le dalta a bhfuil a riachtanais á gcomhlíonadh ag pointí difriúla de leanúntas tacaíochta na scoile. Slí éifeachtach is ea é, leis, chun tacú le múinteoirí agus le tuismitheoirí chun leas a bhaint as a dtaithí, a scileanna agus a gcuid eolais chun díriú ar riachtanais daltaí.

Ról comhairleach a bheidh ag NEPS de ghnáth maidir le Tacaíocht Ranga agus Tacaíocht Scoile. Ach oibreoidh an síceolaí go díreach de ghnáth le daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí a fhaigheann tacaíocht ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide.

Mar shampla:

Ar leibhéal **Thacaíocht Ranga** d'fhéadfadh síceolaí NEPS comhairliú neamhfhoirmiúil a sholáthar ar conas tacú le daltaí laistigh den seomra ranga.

Ar leibhéal **Thacaíocht Scoile** d'fhéadfadh síceolaí NEPS dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus le tuismitheoirí i dtaobh measúnú agus idirghabháil laistigh den scoil. Cuirfidh an obair sin leis an obair mheasúnaithe agus idirghabhála a bheidh déanta ag foireann na scoile cheana féin. D'fhéadfadh an síceolaí an dalta a bhreathnú, más cuí, agus comhairle a chur ar an scoil i dtaobh Plean Thacaíocht scoile.

**Tacaíocht Scoile Móide** a thugtar ar mheasúnú níos mionsonraithe a dhéanfadh an síceolaí ar riachtanais - rud eile a chuirfeadh leis an obair a bhí déanta cheana féin sa scoil. Déantar é sin i gcomhar leis na tuismitheoirí agus leis an bhfoireann i gcomhphróiseas fadhbréitigh agus d'fhéadfadh teagmháil le gairmithe eile a bheith i gceist leis. D'fhéadfadh an síceolaí an dalta a bhreathnú i suíomhanna éagsúla agus/nó dul i mbun oibre leis nó léi ar bhonn aonraic. Ag brath ar an eolas a bhaileofaí d'fhéadfadh an síceolaí dul i gcomhar le múinteoirí agus tuismitheoirí chun idirghabhálacha scoile a phleanáil ina gcuirfí nearta an dalta san áireamh agus ina ndíreofaí ar na réimsí riachtanais a aithníodh. Is í aidhm na hoibre sin tacú le foireann na scoile chun IEP a cheapadh don dalta. D'fhéadfadh síceolaithe oibriú i gcomhar le múinteoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha in imeacht tréimhse ama má dhéantar an tréimhse ama sin a chomhaontú leis an scoil agus tosaíochtaí oibre á gceapadh.  Ar na cineálacha oibre eile a d'fhéadfadh síceolaithe a dhéanamh ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide bheadh: daltaí a athbhreithniú don aistriú go dtí an iar-bhunscoil; athbhreithniú a dhéanamh ar dhalta má tá imní ann faoi shocrúchán scoile; casadh ar mhúinteoirí/ar thuismitheoirí a dteastaíonn tacaíocht leanúnach uathu chun riachtanais dalta a chomhlíonadh; teagmháil a dhéanamh le gairmithe eile agus freastal ar chruinnithe ildisciplíne de réir mar is gá.

## Roinn 2

**Creat scoile uile chun tacú le hiompraíocht**

Baintear leas i mórchuid tuarascálacha agus foilseachán, dála treoirlínte NEWB maidir le cód iompraíochta a cheapadh (NEWB, 2008, *Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools,* NEWB, Dublin) ar an taighde atá déanta ar dheacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta. Téama a luaitear arís agus arís eile is ea chur chuige scoile uile i leith folláine agus meabhairshláinte leanaí agus i leith díriú ar dheacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta.
Deirtear i ndoiciméad NEWB:
"Cabhair is ea cód iompraíochta do phobal na scoile éiteas na scoile, caidreamh, beartais, gnáthaimh agus cleachtais a spreagann dea-iompraíocht agus a choisceann iompraíocht neamh-inghlactha a chur ar aghaidh. Cabhraíonn an cód iompraíochta le múinteoirí, baill eile foirne, daltaí agus tuismitheoirí oibriú as lámha a chéile chun scoil shona, éifeachtach, shábháilte a bheith acu.
Léirítear sa chód fís, misean agus luachanna na scoile agus a Phatrúin. Aistríonn sé ionchais na foirne, na dtuismitheoirí agus na ndaltaí go socruithe praiticiúla a chabhróidh chun leanúnachas teagaisc do na daltaí ar fad a chinntiú. Cabhraíonn sé chun scoil ordúil, comhchuí a chothú ina mbíonn súil le hardchaighdeán iompraíochta agus ina dtacaítear leis.

Ba cheart úsáid a bhaint as na treoirlínte chun:

- iniúchadh a dhéanamh ar chód iompraíochta atá ann cheana
- athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar chód atá ann cheana nó cód a cheapadh den chéad uair
- plé agus machnamh leanúnach a spreagadh mar gheall ar iompraíocht agus foghlaim sa scoil.


Sa RA, léirítear i dtreoir a d'eisigh an National Institute for Clinical Excellence (NICE) ar na mallaibh, (NICE, 2008, *Social and emotional wellbeing in primary education: Promoting children's social and emotional wellbeing in primary education.* NICE, London) meoin ghinearálta an taighde ar fholláine mhothúchánach leanaí óga. Deirtear ann " Tá tábhacht le folláine shóisialta agus mhothúchánach leanaí mar ghné inti féin agus toisc go mbíonn tionchar aici ar a sláinte fhisiceach (mar leanbh agus mar dhuine fásta araon) agus ar cé mar a éiríonn leo ar scoil. Ach dea-shláinte shóisialta, mhothúchánach agus shíceolaíoch a bheith ag leanaí, is lú an seans go dtarlóidh aon cheann díobh seo a leanas dóibh: fadhb mhothúchánach, fadhb iompraíochta, foréigean, coireacht, toircheas déagóra, mí-úsáid drugaí agus mí-úsáid alcóil."

Molann sé do gach bunscoil:

- éiteas agus dálaí a chruthú a thacóidh le dea-iompraíocht ar mhaithe le foghlaim agus caidreamh rathúil
- timpeallacht shlán sábháilte a sholáthar ina léirítear meas ar mhothúcháin agus ina gcoisctear aon chineál bulaíochta nó foréigin
- tacú le gach dalta agus lena tuismitheoirí nó cúramóirí, más cuí sin (áirítear air sin daoine fásta atá freagrach as cúram leanaí)
- cabhair shonrach a sholáthar do na leanaí is mó a d'fhéadfadh fadhbanna iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta a bheith acu (nó a léiríonn comharthaí díobh cheana féin).
- folláine shóisialta agus mhothúchánach a áireamh i mbeartais
- tacú le múinteoirí agus le cleachtóirí scoile chun eolas agus scileanna a fhorbairt i dtaca le conas folláine shóisialta, mhothúchánach agus shíceolaíoch leanaí a chur ar aghaidh.

Gheofar treoir maidir le conas cód iompraíochta a iniúchadh agus a athbhreithniú i gCuid 2 de dhoiciméad an NEWB dar teideal "Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools" agus ar an gcúis sin ní dhéanfar treoir mhionsonraithe ar bheartais iompraíochta scoile uile a thairiscint san fhoilseachán seo.

Ach tugtar thíos achoimre ar roinnt ceannteideal faoina bhféadfadh an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar a cleachtas reatha. Éascaítear cur chuige scoile uile i leith deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta trína chinntiú go gcuirtear dea-chleachtas ar aghaidh faoi gach ceann de na ceannteidil agus go nasctar na heilimintí éagsúla le chéile chun córas éifeachtach cúraim agus tacaíochta a sholáthar do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.




**Ról cheannairí na scoile i dtaca le luachanna uileghabhálacha agus timpeallacht thacúil scoile a chur ar aghaidh**

Aithnítear sa litríocht gur den tábhacht é timpeallacht agus éiteas fáilteach ina léirítear meas ar an uile dhuine a bheith i réim chun dea-iompraíocht a chothú. Ní mór do phríomhoidí a bheith gníomhach ó thaobh dearcadh dearfach i leith na hiompraíochta a chur ar aghaidh agus é sin a neadú i gcultúr na scoile trí é a choimeád ar chlár oibre na scoile ó cheann ceann na bliana. Cabhair is ea é cur chuige a ghlacadh ina bhféachtar ar gach cineál iompraíochta mar mhír chumarsáide a chuireann riachtanas in iúl. *Beidh tionchar ag luachanna na príomhfhoirne, ní amháin luachanna an cheannaire fhoirmiúil, luachanna ar nós an mheas céanna a léiriú ar gach dalta agus ball foirn agus ar gach a tharlaíonn sa scoil.* Ach oibriú as lámha a chéile féadfaidh an fhoireann **cultúr agus timpeallacht** a chothú sa scoil ina mbraitheann idir fhoireann, thuismitheoirí agus dhaltaí go nglactar leo agus go dtacaítear leo.

**Beartais scoile**

Ní mór do scoileanna beartais chuimsitheacha iompraíochta a bheith acu. Soláthraíonn treoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB) maidir le conas cód iompraíochta a cheapadh creat dearfach chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas reatha na scoile agus chun an dea-chleachtas atá ann cheana a neartú. Tá tábhacht le réimsí eile de bheartas na scoile ó thaobh cur chuige i leith iompraíochta a cheapadh. Féadfaidh beartas maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) a bheith fíorthábhachtach, leis, toisc go gcuimsíonn sé réimsí ar nós cuimsiú, struchtúir SEN, oiliúint agus forbairt foirne, agus cur chuige leanúntais a úsáid i leith deacrachtaí. Tá tábhacht ar leith le teagmháil idir an baile agus an scoil chun caidreamh a choimeád agus comhleanúnachas a chinntiú idir an cur chuige a ghlactar ag an mbaile agus an ceann a ghlactar ar scoil. Cuireann OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) deiseanna den scoth ar fáil chun inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach daltaí a fhorbairt. Cuid lárnach is ea é de chur chuige scoile uile a chabhraíonn chun forbairt gach dalta a chur ar aghaidh agus chun timpeallacht shábháilte fholláin a chothú. Ní mór beartais a athbhreithniú go rialta, a chinntiú go mbaineann siad le hábhar i gcónaí agus go bhfuil nasc idir na heiliimintí éagsúla. Próiseas leanúnach forbartha is ea é sin agus ról do cheannaireacht na scoile. Gheofar ó na seirbhísí tacaíochta oideachais éagsúla* agus ar láithreán na Roinne roinnt treoirlínte agus teimpléad beartais a chabhródh le scoileanna a mbeartas féin a fhorbairt.

**Struchtúir agus córais scoile**

Bunófar struchtúir agus córais scoile ar luachanna soiléire agus ar phríomhbheartais scoile. D'fhéadfadh sé tamall a thógáil córais agus struchtúir den sórt sin a fhorbairt. Ba chabhair é meicníochtaí a bheith ann chun éisteacht le daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne agus teagmháil a dhéanamh leo m.sh. maidir le forbairt beartas iompraíochta nó i gcomhairle daltaí. Cabhair eile is ea struchtúir thacaíochta foirne, foirne éifeachtacha cúram tréadach nó cúraim, agus socruithe piar-eadrána a bheith ann mar aon le cosáin shoiléire i leith cabhrach, sa scoil agus ó ghníomhaireachtaí lasmuigh. Ach cur chuige 'leanúntais' a bheith ann mar aon le freagairt chéimniúil ar fhadhbanna, beifear in ann údair imní a aithint agus idirghabháil a cheapadh go luath. Cabhróidh sé sin chun géarú fadhbanna a sheachaint agus laghdóidh sé líon na ndaltaí a dteastódh cabhair níos déine uathu. Tá uirlisí ceaptha ag na seirbhísí tacaíochta dá dtagraítear thuas a chabhródh le scoileanna córais a cheapadh. Gheofar iad ar na láithreáin Ghréasáin lena mbaineann. [1]

[1] SESS, PPDS, SCP, NEWB, NCCA, NCSE, NEPS

**Cláir, curaclaim agus modhanna teagaisc**

Ach raon clár, curaclam agus modhanna teagaisc a oireann do riachtanais daltaí a bheith ann, cothófar rannpháirtíocht daltaí agus laghdófar an baol coimhthithe. Ach modhanna teagaisc a bheith difreáilte chun freastal do riachtanais, cumais agus stíleanna foghlama éagsúla, braithfidh daltaí go bhfuil meas ag an scoil orthu mar dhaoine aonair. Cuid lárnach d'fhorbairt an dalta is ea an curaclam OSPS agus is dlúthchuid é de chlár na scoile. Soláthraíonn sé deiseanna tábhachtacha chun iompraíocht shóisialta a mhúineadh agus chun cabhrú le daltaí forbairt shóisialta agus mhothúchánach a dhéanamh. Is iomaí dalta nach gcruthóidh go maith i réimsí acadúla na scoile. Mar sin is maith an rud gníomhaíochtaí spóirt, ceoil, ealaíonta, damhsa agus sóisialta a thairiscint mar aon le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí comhshaoil chun deis a thabhairt do gach dalta rud éigin a bhaint amach agus a chúlra cultúrtha féin a léiriú.

**Foireann, scileanna, acmhainní**

Is den tábhacht é **baill foirne** a cheapadh i róil agus i ndualgais áirithe. Cabhair is ea é chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais ar leith acu an oiliúint, an taithí agus na dearcthaí cearta a bheith ag an bhfoireann. Ba cheart plean forbartha scoile ina n-aithnítear **na scileanna agus na hacmhainní** a theastódh ón bhfoireann chun timpeallacht dhearfach a chothú sa seomra ranga, freagairt éifeachtach a thabhairt ar dheacrachtaí, agus an curaclam a dhifreáil chun riachtanais éagsúla na ndaltaí a chomhlíonadh a bheith mar chuid de chur chuige scoile uile i leith na hiompraíochta.

D'fhéadfadh próiseas pleanála forbartha na scoile meicníocht a sholáthar chun athbhreithniú a dhéanamh ar cé mar atá ag éirí leis an scoil sna réimsí sin, chun an dea-chleachtas atá i réim cheana féin i mórchuid scoileanna a neartú agus chun réimsí ina dteastaíonn breis forbartha a aithint.

## Roinn 3
**Tacaíochtaí agus struchtúir ranga**

Ag tús gach scoilbhliana, caitheann múinteoirí ranga mórchuid ama agus fuinnimh ag pleanáil slite leis an gcuraclam a sheachadadh go héifeachtach. Is den tábhacht é, leis, am a chaitheamh ag pleanáil na timpeallachta sóisialta agus foghlama a bheidh i réim sa seomra ranga.

Léiríonn an taighde go soiléir nach mór straitéisí réamhghníomhacha a cheapadh ar leibhéal ranga má tá iompraíocht shuaiteach le cosc agus le híoslaghdú. Sa chuid seo, déantar cur síos ar chleachtais ranga a chruthaíonn timpeallacht shábháilte intuartha foghlama a chabhraíonn chun inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach daltaí a fhorbairt. Ach struchtúir agus tacaíochta ranga uile a bheith curtha i bhfeidhm, is féidir minicíocht na hiompraíochta suaití a laghdú agus tacaíocht aonair a thabhairt isteach don mhionlach a d'fhéadfadh a bheith ina ngátar. Aibhsíonn an taighde a thábhachtaí atá sé díriú ar na réimsí seo a leanas:

**3.1 Caidreamh Dearfach**
**3.2 Timpeallacht Shóisialta an tSeomra Ranga**
**3.3 An Timpeallacht Foghlama**
**3.4 Eagar an tSeomra Ranga**
**3.5 Dearcthaí agus Iompraíocht an Mhúinteora**
**3.6 Cur Chuige Córasach i leith Déileáil le hIompraíocht**
**3.7 Straitéisí Sóisialta agus Mothúchánacha**

Pléitear sna leathanaigh seo a leanas slite inar féidir díriú ar na réimsí thuas.

### 3.1 CAIDREAMH DEARFACH

Tá taighde ann a léiríonn go soiléir gur mór an cuidiú caidreamh dearfach a bheith ann idir múinteoirí, daltaí agus a dteaghlaigh ó thaobh teagasc éifeachtach agus bainistíocht an tseomra ranga. Seo a leanas cuid de na cúiseanna a mheastar gur fiú do mhúinteoirí am agus fuinneamh a chaitheamh ag cur aithne ar na daltaí ina ranganna:
Is mó an tionchar a bhíonn ag daoine fásta ar dhaltaí má tá caidreamh dearfach eatarthu - is é sin, tugann daltaí aird ar dhaoine fásta freagracha comhbhácha. Tugann siad aird ar leith ar an méid a deir agus a dhéanann múinteoir a bhfuil na cáilíochtaí sin aige nó aici agus lorgaíonn siad slite chun breis airde dearfaí a fháil ón múinteoir.

I dtaca le caidreamh tacúil, forbraíonn daltaí féinchoincheap dearfach, féinmhuinín agus braistint shábháilteachta a chabhraíonn chun minicíocht na hiompraíochta dúshlánaí a laghdú. Dá réir sin, seans gur lú an méid ama a thógfadh sé caidreamh a chothú ná straitéisí casta a chur i bhfeidhm chun díriú ar iompraíocht shuaiteach.

(Fox et al 2003. The Teaching Pyramid, A Model for Supporting Social Competence and Presenting Challenging Behaviour in Young Children, July 2003)

Seo a leanas roinnt moltaí faoin tslí le caidreamh a chothú:

**Eolas a chur ar an dalta agus ar theaghlach an dalta**


Is féidir cineálacha cur chuige aontaithe i leith caidrimh le teaghlaigh a leagan amach i mbeartas na scoile um chaidreamh idir an baile agus an scoil. Is fearr cur chuige mar sin a bheith aontaithe ag foireann iomlán na scoile, lena n-áirítear an fhoireann tacaíochta, agus athbhreithniú rialta a bheith déanta air mar chuid d'athbhreithniú ar chód iompraíochta na scoile.

Seo a leanas cuid de na slite ar féidir caidreamh dearfach iontaofa a chothú idir an múinteoir agus an dalta agus idir múinteoirí agus tuismitheoirí:

- oícheanta oscailte a bheith ann do thuismitheoirí;
- cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí scoile/ranga;
- cuireadh a thabhairt do dhaltaí grianghraif dá dteaghlaigh a thabhairt isteach le roinnt leis an múinteoir agus a bpiaraí;
- deiseanna a thabhairt do dhaltaí eispéiris lasmuigh den scoil a chomhroinnt;
- am a chaitheamh le daltaí ag am lóin nó fad a bhíonn siad ag súgradh;
- eolas a chur ar riachtanais daltaí trí bhreathnú agus trí sheicliostaí scagtha a fhéachann ar inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach daltaí, ar iompraíocht atá oiriúnach dá n-aois, ar fhéinmheas agus ar scileanna sóisialta.
- tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí nach é an Béarla a gcéad teanga

**PICTIÚR DÍOMSA**

Seo smaoineamh chun 'scripteanna pictiúir' a sholáthar do dhaltaí lenar féidir leo iad féin a chur i láthair. Bailíonn daltaí roinnt pictiúr a léiríonn na rudaí is spéis leo, daoine tábhachtacha ina saol, a rogha ainmhithe, dathanna, bia, caitheamh aimsire, agus cuireann siad na pictiúir sin ar leatháin. Féadfaidh na daltaí ceisteanna a chur ar a chéile ina mbeirteanna agus i ngrúpaí.



**Dea-chórais chumarsáide a bhunú**

Cabhair is ea é chun iontaoibh agus oscailteacht a chothú sa chaidreamh idir an múinteoir, an dalta agus an baile córais soiléire chumarsáide a bheith le tuismitheoirí agus le daltaí. Seo a leanas gnéithe nár mhór a chur san áireamh chun cumarsáid mhaith a fhorbairt agus a choimeád:

- a chinntiú go mbíonn a fhios ag tuismitheoirí conas socrú a dhéanamh chun labhairt leis an múinteoir ranga;
- córais chumarsáide a chur ar bun, m.sh. iris bhaile/scoile;
- nótaí dearfacha a chur abhaile;
- deiseanna a sholáthar do dhaltaí chun a gcuid tuairimí agus údar imní a chur in iúl;
- deiseanna a chruthú chun éisteacht le daltaí;
- tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí nach é an Béarla a gcéad teanga.

Cabhair is ea é chun iompraíocht dhearfach a threisiú rath a chomhroinnt le tuismitheoirí; Is féidir le haird agus formheas tuismitheoirí cabhrú chun dea-iompraíocht a choimeád. Is féidir le múinteoirí nótaí a chur abhaile, nótaí dearfacha a scríobh i ndialanna, glaonna gutháin a dhéanamh nó 'Dea-Scéala' spraoi a chur chuig tuismitheoirí. Is féidir le cineálacha chur chuige dearfacha den sórt seo an ceann is fearr a fháil ar neamh-chomhoibriú ó thuismitheoirí nuair is gá iarracht i bpáirt idir an scoil agus an baile chun iompraíocht linbh a athrú.

## DEA-SCÉALA!

**A __________________________________, a chara**

**Ainm an tuismitheora**

**Is áthas liom a rá leat go bhfuil ____________________**

**Ainm an dalta**

**ag (cuir isteach ráiteas ar leith amhail ag déanamh go han-mhaith leis an obair bhaile, ag uainíocht, ag glacadh páirte i gcomhrá ranga)**

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**Go raibh maith agat as do thacaíocht!**

__________________________ ____________

**Ainm an mhúinteora** **Dáta**

(Adapted from the Incredible Years programmes, Carolyn Webster-Stratton)

**(Ó Webster – Stratton, C. 2006, How to Promote Children's Social and Emotional Competence; London; Paul Chapman Publishing)**

**A léiriú do dhaltaí go bhfuil tábhacht leo**

Ach é a chur in iúl do dhaltaí go bhfuil tábhacht leo cabhraíonn sé leo féinchoincheap dearfach a bheith acu mar aon le meas orthu féin agus braistint inniúlachta. Seo roinnt slite le taispeáint do dhaltaí go bhful tábhacht leo:

- beannú dóibh ar theacht ar scoil dóibh;
- labhairt leo le linn gníomhaíochtaí;
- laethanta breithe agus ócáidí speisialta eile a cheiliúradh;
- deiseanna dílse a lorg chun aiseolas dearfach a sholáthar;
- gnóthachtáil a cheiliúradh;
- freagairtí mothúchánacha agus mothúcháin daltaí a aithint agus a admháil
- iarraidh orthu cabhrú le tascanna agus freagrachtaí laethúla;
- do chuid smaointe agus mothúchán a roinnt;
- an mhuinín atá agat iontu a chur in iúl dóibh;
- guth a thabhairt dóibh i bhforbairt bheartais na scoile (m.sh. i bhforbairt an Chóid Iompraíochta)
- Comhairle Daltaí a bhunú

## 3.2 TIMPEALLACHT SHÓISIALTA AN TSEOMRA RANGA

Cabhraíonn dea-thimpeallacht shóisialta sa seomra ranga chun na spriocanna foghlama agus sóisialta atá socraithe ag an múinteoir do na daltaí a bhaint amach. Trí phearsantacht an dalta agus riachtanais gach dalta aonair a chur san áireamh agus daltaí a gcur i ngrúpaí chun tasc a dhéanamh, féadfaidh sé cabhrú chun foghlaim chomhoibritheach a chur ar aghaidh agus deiseanna a chruthú do dhaltaí chun caidreamh dearfach a bheith acu lena bpiaraí. Tacaíocht don phróiseas seo is ea eiseamláirí dearfacha a bheith i ngach grúpa agus meascán de bhuanna agus de scileanna a spreagadh. Féadfaidh múinteoirí a bheith ina eiseamláirí maithe do chásanna inar gá fadhb a réiteach agus déileáil le coimhlint. Féadfaidh sé cabhrú le daltaí chun na scileanna sin a fhorbairt iad féin iompraíocht chuí shóisialta a bheith le feiceáil ón múinteoir. Ar áireamh ansin tá tuin ghutha, comharthaíocht choirp, go háirithe agus tú ag déileáil le staideanna dúshlánacha sa seomra ranga.

Seo céimeanna chun timpeallacht dhearfach shóisialta a chothú:

- tabhair deiseanna do na daltaí oibriú ina n-aonar, ina mbeirteanna nó i ngrúpaí
- taispeáin agus múin foghlaim chomhoibritheach agus scileanna imeartha
- múin scileanna cairdis agus déan rólghlacadh maidir leo
- múin cluichí clóis agus dea-iompraíocht chlóis
- déan na rialacha ranga a idirbheartú leis na daltaí
- bain úsáid as seifteanna ar nós am ciorcail chun scileanna praiticiúla mar seo a leanas a mhúineadh agus a chleachtadh
    - éisteacht ghníomhach
    - uainíocht
    - tuairim a chur in iúl
    - rud éigin cineálta a rá le duine
    - meas a léiriú ar thuairimí difriúla
- difríochtaí cultúrtha a chur san áireamh agus iad a cheiliúradh

### 3.3 AN TIMPEALLACHT FOGHLAMA

Bíonn tionchar bunúsach ag an timpeallacht foghlama ar iompraíocht daltaí. Is mó an seans i gcás daltaí nach bhfuil spreagtha nó ar iomarcach dóibh na gníomhaíochtaí foghlama go mbeidh siad suaiteach nó cúlánta sa rang. Uaireanta tugann múinteoirí faoi deara go dtagann feabhas nó ar iompraíocht daltaí nó go dtéann sé chun donais ag brath ar nádúr an taisc nó an ábhair.

Seo roinnt céimeanna chun timpeallacht foghlama spreagúil agus tacúil a sholáthar:

- gníomhaíochtaí foghlama a éagsúlú de réir próisis, ábhair agus toraidh féachaint deis a thabhairt do gach dalta eispéireas ratha agus gnóthachtála a bheith aige nó aici
- socruithe solúbtha grúpála a bheith ann
- raon stíleanna foghlama a chuimsiú trí chothromaíocht gníomhaíochtaí a sholáthar i ngach ceacht
- gníomhaíochtaí foghlama aonair, beirt agus grúpa a bheith i gcothromaíocht
- gníomhaíochtaí spraoi a phleanáil mar chuid den lá/seachtain scoile
- coinne a bheith agat le riachtanais nó deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gceachtanna
- machnamh a dhéanamh ar fhreagairtí daltaí ar cheachtanna agus stíl agus ábhair theagaisc a mhionathrú agus a oiriúnú de réir mar is gá
- teacht a thabhairt do dhaltaí ar raon acmhainní foghlama, m.sh. ríomhaire, leabhair thagartha, láimhseoga, srl.

### 3.4. EAGAR AN TSEOMRA RANGA

Má bhíonn dea-eagar ar an seomra ranga braitheann daltaí ar a socracht agus bíonn comhréireacht i mbainistíocht an tseomra ranga. Gnéithe riachtanacha iad sin chun an fhoghlaim agus an sóisialú a chur ar aghaidh agus iompraíocht shuaiteach a íoslaghdú.

Is den tábhacht é smaoineamh ar na gnéithe seo a leanas d'eagar an tseomra ranga ag tús na scoilbhliana:

**An timpeallacht fhisiceach**

Is den tábhacht é an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an spás agus as na hacmhainní atá ar fáil chun foghlaim éifeachtach a éascú.

Seo a leanas eilimintí den dea-chleachtas:

- timpeallacht thaitneamhach fháilteach a chruthú - í a bheith glan slachtmhar agus cothabháil déanta uirthi go rialta;
- feasacht i leith tionchar an tsoilsithe/an aeraithe/rialú na teochta;
- míreanna oibre/áiseanna amhairc a thaispeáint ar shlí a oireann don aoisghrúpa agus na taispeáintí a athrú go rialta;
- smaoineamh ar conas is fearr an spás agus na socruithe suí a eagrú ar mhaithe le hobair agus le soghluaisteacht;
- féachaint chuige gur furasta do na daltaí teacht a fháil ar ábhair, m.sh. soláthairtí breise, míreanna/leabhair a bheith lipéadaithe go soiléir agus fad láimhe ón dalta.

**Rialacha ranga a cheapadh**

Ceann de na heilimintí is tábhachtaí chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an rang ná ionchais agus teorainneacha soiléire a bheith ann maidir le hiompraíocht. Ach sraith rialacha a cheapadh i gcomhar leis na daltaí, cothaítear comhthuiscint ar an tslí a n-iompraíonn baill an ranga iad féin agus ar a gcaidreamh lena chéile.

Maidir le rialacha, ba cheart:

- líon beag rialacha atá ann
- iad a idirbheartú leis na daltaí;
- iad a bheith oiriúnach don aois;
- iad a bheith i bhfocail dhearfacha agus ag tagairt d'iompraíocht is féidir a fheiceáil;
- iad a bheith ar taispeáint go soiléir;
- iad a mhíniú agus deiseanna do rólghlacadh/cleachtadh a sholáthar;
- tagairt a dhéanamh dóibh go rialta.

(Gheofar breis eolais ar conas rialacha a cheapadh sa seomra rang ach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabháil Ranga 1 – *Rialacha Ranga a Cheapadh)* a léamh.

**Samplaí de ráitis ó chomhaontú ranga /rialacha ranga**

- Cuir suas do lámh, le do thoil, más mian leat ceist a chur nó a fhreagairt agus fan go n-iarrtar ort labhairt.
- Ná cuir do lámha ná do chosa ar dhalta eile.
- Siúl timpeall an tseomra ranga (ná rith).
- Éist go cúramach le treoracha.
- Labhair go dea-bhéasach agus abair '*Le do thoil*' agus '*Go raibh maith agat*'.
- Coimeád ceithre chos na cathaoireach ar an urlár.
- Cuir rudaí ar ais tar éis duit iad a úsáid.
- Níl cead ag níos mó ná duine amháin bheith ag caint – éist leis an té

I gcásanna áirithe ní mór ionchas dála *'Bíodh meas againn uile ar rudaí a chéile'* a dhéanamh níos nithiúla agus níos inbhraite: Seo mar a d'fhéadfaí sin a dhéanamh:

- Coimeád slacht ar an seomra ranga.
- Cuir rudaí ar ais san áit a bhfuair tú iad.
- Pioc suas cótaí nó rudaí daoine eile má tá siad ar an urlár agus tabhair ar ais don té ar leo iad.
- Iarr cead sula dtógann tú rud 'ar iasacht'.
- Ná cuir bróga salacha ar chathaoir.

Má iarrtar ar dhaltaí labhairt faoi ghníomhartha a léiríonn meas, iad a thaispeáint agus a tharraingt, cabhraíonn sé leo tuiscint shoiléir a bheith acu ar an tslí le meas a léiriú ar rudaí daoine eile.

**BOSA ARDA!**

1. **Súile ag féachaint ar an múinteoir (cuir isteach pictiúr de shúile)**
2. **Cluasa ag éisteach (pictiúr de chluasa)**
3. **Beola ciúine (beola)**
4. **Lámha ciúine (lámha)**
5. **An inchinn ina dúiseacht (bolgán solais)**

***Arna oiriúnú ó***
Essex County Council Learning Services.1998. *Promoting Positive Behaviour*: the Essex approach. Essex. Essex Co Council.

**Ionchais mar gheall ar iompraíocht inmhianaithe a dhéanamh inbhraite**

Cabhair is ea 'Cártaí pictiúir faoi rialacha' a bhfuil ceannteideal soiléir simplí orthu, m.sh. **Ár Riail Chainte**, chun gnéithe dearfacha agus diúltacha de riail a léiriú. Tarraingítear líne tríd an iompraíocht dhiúltach le taispeáint go físeach nach nglacfar leis.

(Rogers, B., 2000, Cracking the Hard Class: Strategies for managing the harder than average class; London; Paul Chapman Publishing)

**Gnáthaimh a cheapadh**

Is iad na cúiseanna is dealraithí le mí-iompraíocht ná daltaí a bheith éiginnte faoina bhfuil le déanamh acu. Má bhíonn rialacha ann soiléiríonn siad na rudaí a bhíonn súil ag an múinteoir leo uathu. Seachnaíonn sé sin anord i ngníomhaíochtaí, agus an mhí-iompraíocht a thiocfadh de sin.

Tá gníomhaíochtaí áirithe ann nár mhór gnáthaimh a shocrú maidir leo:

- beannú agus slán a fhágáil
- dul isteach agus amach as an seomra ranga
- tús a chur le ceacht
- deireadh a chur le ceacht agus ullmhú don chéad rang eile
- ábhair a fháil
- cúnamh a lorg agus aird an mhúinteora a iarraidh
- síneadh ar thascanna do chríochnaitheoirí luatha
- éisteacht ghníomhach
- lón a ithe
- slacht a chur ar an áit
- údar imní a chur in iúl agus déileáil le coimhlint
- bogadh timpeall laistigh den scoil
- gnáthaimh don leabharlann, don halla corpoideachais agus ar thurais scoile

**Gnáthaimh do thús an lae scoile**

Bíonn tús an lae scoile deacair ar dhaltaí áirithe. Bíonn orthu aistriú ó thimpeallacht an bhaile chuig timpeallacht na scoile agus d'fhéadfadh difear an-mhór a bheith idir an dá thimpeallacht sin. Cabhraíonn struchtúir agus gnáthaimh leis an dalta an t-aistriú sin a dhéanamh:

- boscaí gníomhaíochta a bheith ar fáil chun gníomhaíocht a roghnú astú ar theacht isteach sa seomra dóibh, m.sh. bosca pictiúr le dathú, páipéar bán agus pinn chun bheith ag tarraingt, lúbraí agus cuardach focail do na daltaí is sine (D'fhéadfadh sé sin tús suaimhneach a chur leis an lá.).
- an múinteoir a bheith sa seomra ranga sula dtagann na daltaí isteach
- an múinteoir ag dul amach chun na daltaí a bhailiú ón gclós
- cúraim ar leith a thabhairt do na daltaí
- daltaí a ullmhú don lá rompu trí dhul tríd an tráthchlár nó roghchlár tascanna a chur ar taispeáint
- leideanna breise a sholáthar do dhaltaí a mbíonn sé deacair orthu tasc a thosú, m.sh. aird a dhíriú ar an áit tosaithe, agus fiú sampla oibrithe a bheith rompu ar an leathanach

**Straitéisí chun obair neamhspleách / féinmheasúnú a spreagadh**

**Bord Cabhrach an Mhúinteora**
Dhá chairt atá i gceist anseo.

- Bíonn spás ar chairt amháin chun cúig ainm ó uimhir a haon go huimhir a cúig a scríobh nó a chur suas.
- Ar an dara cairt tugtar na treoracha seo a leanas maidir le conas Bord Cabhrach an Mhúinteora a úsáid:
    - Seiceáil an obair tú féin ar dtús. Fiafraigh díot féin - Cad atá le déanamh agam? Cad é an chéad rud?
    - Seiceáil céard atá le déanamh agat agus conas é a dhéanamh le do pháirtí agus le duine amháin eile sula gcuireann tú ceist ar an múinteoir.
    - Scríobh d'ainm nó cuir suas é ar Bhord Cabhrach an Mhúinteora agus tiocfaidh an múinteoir chugat ar a huain nó a uain.
    - Déan obair eile nó bí ag léamh fad atá tú ag fanacht.

Straitéis úsáideach í seo do na daltaí is sine ach d'fhéadfaí í a chur in oiriúint do dhaltaí óga trí phictiúir agus ainmphlátaí maighnéadacha nó siombailí nó greamáin aonair a úsáid.
(Rogers, B., 2000, Cracking the Hard Class: Strategies for managing the harder than average class; London; Paul Chapman Publishing)

An lá scoile a dhéanamh intuartha

Agus tráthchlár á phleanáil, ní mór smaoineamh ar

- aois na ndaltaí
- fad na ngníomhaíochtaí
- cothromaíocht idir ghníomhaíochtaí ó thaobh éilimh ar dhaltaí
- an t-am den lá
- oiriúnú do thosca agus do riachtanais daltaí
- sosanna struchtúrtha do spraoi, ligean scíth, athfhuinnmhiú

D'fhéadfaí smaoineamh, leis, ar ghníomhaíochtaí neamhstruchtúrtha nó am mistéire a bheith mar chuid de chóras duaiseanna. 'Am Órga' (Mosley, J. 2002. *Quality Circle Time in the Primary Classroo*m. LDA, Cambridge) is ea moladh eile.

Gheofar breis smaointe ar bhainistíocht ranga in Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 2 – *Straitéisí Ginearálta Bainistíocht Ranga*

## 3.5. DEARCTHAÍ AGUS IOMPRAÍOCHT AN MHÚINTEORA

Fiú nuair nach féidir le múinteoirí ná síceolaithe staid dalta a athrú, is féidir le heispéireas dearfach ar scoil cabhrú leis an dalta sin déileáil le deacrachtaí ina shaol nó ina saol. Is féidir linn comhthéacs na scoile a rialú agus a athrú agus is mór an éifeacht a bhíonn aige sin ar iompraíocht sa scoil.

Tá tuairimí againn ar fad faoin rud is dea-iompraíocht ann, maidir linn féin agus maidir le daoine eile, agus braitheann ár dtuairimí ar iompraíocht ar ár dtaithí ar an saol agus ar an eolas atá againn. Cabhair is ea é bheith feasach ar an tionchar atá ag ár dtuairimí, ár ndearcthaí agus ár bhfreagairtí mothúchánacha féin ar an tslí a ndéileálaimid le hiompraíocht dhúshlánach. Ba cheart do mhúinteoirí a bheith feasach gur féidir lena bhfreagairtí ar iompraíocht an iompraíocht sin a dhaingniú.

Níor mhór do mhúinteoirí smaoineamh ar na nithe seo a leanas i dtaca le déileáil le hiompraíocht dhúshlánach:

- tuiscint a bheith ag an múinteoir ar an ngaol idir forbairt shóisialta agus mhothúchánach an dalta agus an iompraíocht dhúshlánach
- bheith feasach gur féidir le gaol luath dearfach idir múinteoir agus dalta tionchar mór a bheith aige ar thodhchaí an dalta sin, fiú más caidreamh gearrthéarmach é
- smaoineamh ar an teachtaireacht atá á chur in iúl ag an dalta (m.sh. diúltú chun dul i mbun oibre = 'Nílim in ann don obair seo...')
- bheith feasach ar an ngá atá leis na cineálacha iompraíochta/freagairtí a mbíonn tionchar mór acu ar an múinteoir féin a aithint
- bheith feasach ar an ngá atá lena gcuid mothúchán féin a bhainistiú agus iad ag déileáil le mí-iompraíocht
- a admháil nach féidir leo gach fadhb i saol an dalta a réiteach, agus gan bheith ar lagmhisneach agus iad ag déileáil le daltaí dúshlánacha
- bheith feasach ar na hamanna nuair is gá tacaíocht a lorg ó chomhghleacaithe (m.sh. tá córas meantóireachta, foireann tacaíochta iompraíochta, córas piarthacaíochta nó foireann cúraim i bhfeidhm i scoileanna áirithe)

Cabhair is ea é do mhúinteoirí bheith feasach ar an tionchar atá ag a ngníomhartha agus a bhfrithghníomhartha féin ar iompraíocht daltaí. Ní mór don mhúinteoir:

- bheith feasach ar an tuin ghutha agus ar an gcomharthaíocht choirp atá aige nó aici
- eiseamláir a sholáthar den iompraíocht a theastaíonn uathu ó na daltaí (cúirtéis, iompraíocht mheasúil, cineáltacht agus tuiscint)
- straitéisí a cheapadh chun mothúcháin a bhainistiú nuair is gá déileáil le hiompraíocht dhúshlánach agus chun atmaisféar ciúin faoi smacht a chur in iúl (d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair análú go domhain, na matáin a shuaimhniú, comhaireamh ó uimhir a haon go huimhir a trí, srl.)

## 3.6. 3.6 CUR CHUIGE CÓRASACH I LEITH DÉILEÁIL LE hIOMPRAÍOCHT

Tá sé léirithe ag taighde go leantar d'iompraíocht ar bith ach aird a bheith tugtha ar an iompraíocht sin. Luíonn sé le réasún, mar sin, go ndéanfadh múinteoirí dea-iompraíocht agus iompraíocht chomhlíontach a chur ar aghaidh go gníomhach sa seomra ranga tríd an iompraíocht sin a aithint agus a mholadh. De réir an taighde is mó idirghníomhaíocht dhiúltach ná idirghníomhaíocht dhearfach a bhíonn ag múinteoirí le daltaí, agus síleann siad gur dearcadh éifeachtach é a bheith diúltach agus pionóis a ghearradh. Treisíonn an tuairim sin iompraíocht dhiúltach an mhúinteora. Ach san fhadtéarma, chothaigh idirghníomhaíocht dhiúltach le múinteoirí dearcadh diúltach i leith na scoile, na foghlama agus i leith múinteoirí i gcoitinne i measc na ndaltaí. Bhí tionchar aige, leis, ar idirghníomhaíochtaí daltaí lena bpiaraí. (Martens, B. K. and Meller, P.J. (1990. The application of behavioural principles to educational settings, in Gutkin, T.K. and Reynolds, C.R. (eds.) *Handbook of School Psychologist* (pp 612 – 34). New York. Wiley.

Ba cheart tuismitheoirí a bheith curtha ar an eolas mar gheall ar na straitéisí a úsáideann múinteoirí chun dea-iompraíocht a chur ar aghaidh agus mí-iompraíocht a láimhsiú. Ba cheart dul i gcomhairle leo agus iad a chur ar áireamh in aon phlean aonair iompraíochta a bhaineann lena leanbh.

Tá cur chuige córasach ann i leith déileáil le hiompraíocht, a tharraingíonn ar obair Webster - Stratton, agus tá na nithe seo a leanas ar áireamh ann:

- **Aird agus moladh ón múinteoir**
- **Neamhaird phleanáilte a thabhairt ar iompraíocht aird-éillitheach neamhshuaiteach nach iompraíocht thromchúiseach í**
- **Úsáid a bhaint as dreasachtaí agus duaiseanna chun dea-iompraíocht agus inspreagadh a mhisniú**
- **Cur chuige céim ar chéim i leith déileáil le mí-iompraíocht**

As Webster – Stratton, C 2006, How to Promote Children's Social and Emotional Competence; London; Paul Chapman Publishing

Pléitear gach eilimint díobh sin thíos.

**Aird agus moladh ón múinteoir**

An chéad chéim i gcur chuige córasach i leith bainistíocht iompraíochta ná cumhacht aird an mhúinteora a aithint agus leas a bhaint aisti. Má thugtar moladh agus aitheantas do dhea-iompraíocht féadfaidh sé

- a léiriú do na daltaí cé na cineálacha iompraíochta a bhfuil súil ag an múinteoir leo
- meabhrú do dhaltaí atá i mbun mí-iompraíochta cad ba cheart a dhéanamh agus am a thabhairt dóibh chun bheith comhlíontach;
- dea-iompraíocht a mhúnlú agus a spreagadh i measc daltaí a mbíonn sé deacair orthu aird a thabhairt agus cloí le treoracha.

Is deacair, uaireanta, do mhúinteoirí díriú ar iompraíocht dhearfach seachas ar iompraíocht dhiúltach neamhchomhlíontach. Slat tomhais a mholtar ná go bhféachfadh múinteoirí le trí ráiteas dhearfacha a dhéanamh in aghaidh gach ráitis dhiúltaigh ar iompraíocht.

Is éifeachtaí moladh a thugtar chun iompraíocht a spreagadh agus a mhúnlú más amhlaidh:

- gur moladh sainiúil é (ainmnigh an dea-iompraíocht agus mol an dalta as);
- go dtugtar é ar shlí mhacánta dhílis;
- gur moladh íogair é (is fearr le daltaí áirithe focal ciúin nó comhartha formheasa príobháideach).

| Ráitis lánmholta | | |
|---|---|---|
| 1 | Moladh | Maith thú |
| 2. | Ainm an dalta | Leah |
| 3 | Déan tagairt don iompraíocht atá á moladh nó don riail atá á chomhlíonadh | Chuimhnigh tú ar do lámh a chur suas. |
| 4 | Tagairt don mhinicíocht | Seo an dara huair inniu a d'fhan tú ar chuireadh uaim chun freagra a thabhairt. |
| 5 | Muinín an mhúinteora sa dalta | An bhféadfá é sin a dhéanamh arís amárach? Táim cinnte go bhféadfá |
| 6 | Iarmhairtí dearfacha ar an iompraíocht | Suas leat anois agus cuir greamán eile ar do chairt. |

Arna oiriúnú ó
Curry, M. and Bromfield, C., (1966) *Positive Pupil Behaviour Management*, East Devon Behaviour Support Team, Devon, England and Essex County Council Learning Services, 1998.: *Promoting Positive Behaviour: the Essex approach. Essex.*

**Neamhaird phleanáilte a thabhairt ar iompraíocht aird-éillitheach neamhshuaiteach nach iompraíocht thromchúiseach í**

Mar a dúradh roimhe seo, d'fhéadfadh aird a thugtar ar iompraíocht an iompraíocht sin a dhaingniú agus a minicíocht a mhéadú. Feictear é sin i gcás inarb é an sprioc aird an mhúinteora a tharraingt nó obair dhúshlánach a sheachaint. Ní mór do mhúinteoirí smaoineamh ar na cúiseanna le hiompraíocht ar leith agus ar an tslí a d'fhéadfaí neamhaird phleanáilte a úsáid chun a minicíocht a laghdú.

Is fearr neamhaird a thabhairt ar:

- fútráil agus easpa suaimhnis nach bhfuil ag cur isteach ar obair daltaí eile;
- glaoch amach gan smaoineamh;
- éileamh ar aird a d'fhéadfadh a bheith tuirsiúil ach nach iompraíocht dhúshlánach í.

Is den tábhacht é agus neamhaird phleanáilte á húsáid go dtugtar aird dhearfach ar iompraíocht a bhfuiltear ag súil léi. Samplaí de sin ná "breith ar dhaltaí agus iad á n-iompar féin go cuí" agus iompraíocht ar leith de chuid an spriocdhalta a mholadh.

(Pléitear úsáid na neamhairde pleanáilte in Aguisín 3 – Doiciméad Idirghabhála Ranga 3, *Neamhaird Thaicticiúil a Thabhairt ar Iompraíocht*)

**Úsáid a bhaint as dreasachtaí agus duaiseanna chun dea-iompraíocht agus inspreagadh a chur ar aghaidh**

An sprioc san fhadtéarma ná daltaí a bheith á n-iompar féin go cuí toisc gurb é sin is mian leo, toisc gurb é an 'an rud is ceart a dhéanamh' agus toisc iad a bheith inspreagtha iontu féin chun é sin a dhéanamh. Is éard atá i gceist le hinspreagadh anseo ná mothú go maith toisc go bhfuilimid sásta linn féin - duais inmheánach í sin. I gcás daltaí áirithe is leor iad a mholadh ó am go chéile as dea-iompraíocht chun go leanfaidh siad ar aghaidh amhlaidh.

I gcás daltaí eile, theastódh moladh níos minice agus d'fhéadfadh duaiseanna inbhraite sa ghearrthéarma a bheith de dhíth chun a gcuid iompraíochta a fheabhsú. Duaiseanna iad seo a thugtar chun timthriall diúltach a bhriseadh ionas gur féidir le leanaí a n-inspreagadh féin a fhorbairt. An aidhm ná scileanna nua a mhúineadh do dhaltaí agus duais a thabhairt dóibh as iompraíocht chuí, ionas go ndírítear aird dhearfach orthu. Spreagann an duais an dalta chun dul sa seans, triail a bhaint as iompraíocht nua agus déanann sí an fhoghlaim inbhraite. Ar deireadh, maolaíonn an gá atá le duaiseanna toisc go bhfaigheann an dalta amach go dtagann feabhas ar a gcuid foghlama, de réir mar a thagann feabhas ar a gcuid iompraíochta, agus gurb amhlaidh i gcás a gcaidrimh le múinteoirí agus piaraí.

Le hiompraíocht a athrú, ní mór an iompraíocht inmhianaithe a thabhairt faoi deara agus a mholadh a luaithe a dhéantar é. An fáth leis sin ná:

- eiseamláir den iompraíocht inmhianaithe a sholáthar do dhaltaí eile;
- a chumasú don dalta nasc a dhéanamh idir duais agus iompraíocht inmhianaithe ar leith agus an nasc sin a dhaingniú;
- aird dhearfach a thabhairt ar dhalta a iompraíonn é nó í féin go cuí;
- ionchais an mhúinteora a shoiléiriú.

Is féidir le múinteoirí córais éifeachtacha duaiseanna a cheapadh do dhaoine aonair, do ghrúpaí nó don rang ar fad, ag brath ar an iompraíocht is sprioc.

(Gheofar eolas breise ar conas córais duaiseanna aonair, grúpa agus ranga a cheapadh in Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 4, agus i nDoiciméad Idirghabhála Aonair 1)

## Sampla de Chóras Maith Duaiseanna

Is féidir liom fanacht I mo shuíochan




3 ✓'s i lá = 1 ★

12 ★'s = 1 duais on mbosca duaiseanna

| | Roimh sos | Tar éis an tsosa | Tar éis am lóin |
|---|---|---|---|
| Dé Luain | ✓ | ✓ | |
| Dé Mairt | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dé Céadaoin | ✓ | ✓ | ✓ |
| Déardaoin | | ✓ | ✓ |
| Dé hAoine | ✓ | ✓ | ✓ |

| | Roimh sos | Tar éis an tsosa | Tar éis am lóin |
|---|---|---|---|
| Dé Luain | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dé Mairt | | | |
| Dé Céadaoin | | | |
| Déardaoin | | | |
| Dé hAoine | | | |

| | Roimh sos | Tar éis an tsosa | Tar éis am lóin |
|---|---|---|---|
| Dé Luain | | | |
| Dé Mairt | | | |
| Dé Céadaoin | | | |
| Déardaoin | | | |
| Dé hAoine | | | |

| | Roimh sos | Tar éis an tsosa | Tar éis am lóin |
|---|---|---|---|
| Dé Luain | | | |
| Dé Mairt | | | |
| Dé Céadaoin | | | |
| Déardaoin | | | |
| Dé hAoine | | | |

**Cur chuige céim ar chéim i leith déileáil le mí-iompraíocht**

Slí réamhghníomhach, rialaithe chun déileáil le mí-iompraíocht is ea cur chuige céim ar chéim agus bíonn sé níos éifeachtaí de ghnáth ná cur chuige frithghníomhach contrártha. Seo a leanas na céimeanna atá i gceist:

- Tabhair garmholadh, is é sin, mol nó tabhair aitheantas do dhea-iompraíocht dalta in aice láimhe.
- Bog níos gaire don dalta gan idirghabháil dhíreach a dhéanamh.
- Bí stuama agus tabhair neamhaird ar iompraíocht neamhshuaiteach, aird-éillitheach, más dóigh leat gur cuí. (Tá sé tábhachtach go smaoineodh an múinteoir ar cé na cineálacha iompraíochta ar fearr déileáil leo ar an tslí sin.)
- Bain aigne an dalta den iompraíocht i gcás ina bhféadfadh sé iompú ina iompraíocht thromchúiseach, m.sh. tabhair cúram dó/di, cuir amach ar theachtaireacht é/í.
- Atreoraigh an dalta tríd an iompraíocht inmhianaithe a chur i bhfocail shoiléire.
- Meabhraigh an riail.
- Cuir ceist phríobháideach nó tabhair aiseolas, m.sh. *An dteastaíonn cabhair uait leis seo? Cad atá á dhéanamh agat? Cad ba cheart a bheith á dhéanamh agat?* (seachain ceisteanna a thosaíonn le *'Cén fáth'* toisc go bhféadfadh daltaí a cheapadh go raibh rud á chur ina leith, nó go rabhthas mísháasta leo).
  **Nóta:** Gheofar treoirlínte ar an úsáid is cuí a bhaint as focail cheartaitheacha in Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 5 – *Teanga Cheartaitheach*)
- Tabhair foláireamh i dtaobh iarmhairt ach tabhair i bhfoirm rogha é. (Is den tábhacht é céimiúlacht iarmhairtí a bheith ar mhí-iompraíocht, agus iad scríofa sa seomra ranga agus i bplean araíonachta na scoile, agus go dtuigfeadh na daltaí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí iad.)
  **Nóta:** Gheofar eolas breise ar iarmhairtí in Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 6 – *Iarmhairtí*).
- Tabhair am don dalta an riail a chomhlíonadh (tabhair neamhaird ar iompraíocht thánaisteach, m.sh. ag labhairt trí fhiacla, ag ligean osna srl.)
- Cuir iarmhairt i bhfeidhm ar shlí dhaingean, ciúin.
- Bíodh plean iompraíochta aonair agus córas duaiseanna/dreasachtaí agat do dhaltaí áirithe a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu chun foghlaim dhearfach agus iompraíocht shóisialta a fhorbairt.
- Bíodh córas 'seal amuigh' i bhfeidhm.
  (**Nóta:** Gheofar eolas agus treoirlínte ar conas 'Seal Amuigh' a úsáid in Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 7.)

Ba cheart tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin tslí a ndéileáiltear le mí-iompraíocht sa seomra ranga agus deis a thabhairt dóibh bheith bainteach leis (m.sh. d'fhéadfadh sé a bheith ar áireamh i leabhrán do thuismitheoirí faoi chód iompraíochta na scoile.)

I gcás mionlach beag leanaí, d'fhéadfadh sé nach n-éireodh le mórchuid den chur chuige thuas. Ar na cineálacha iompraíochta dúshlánaí a léiríonn leanaí áirithe tá caint ghháirsiúil, rudaí a chaitheamh, ciceáil, bualadh, puinseáil agus/nó greamanna a bhaint as leanaí eile. D'fhéadfadh sé a bheith deacair orthu a gcuid mothúchán a choimeád faoi smacht agus ní mór cabhrú leo fanacht ciúin agus a gcuid feirge a láimhsiú. Ní mór dúinn cabhrú leis na leanaí seo tuiscint a fháil ar na rudaí a mhúsclaíonn a ráigeanna feirge ionas go mbeidh roghanna eile acu nuair a bhraitheann siad faoi bhagairt nó trína chéile. Ní mór é sin a chleacht i dtimpeallacht shábháilte, nuair a bhíonn an dalta ciúin agus i gceannas ar a mhothúcháin.

I gceist san fhearg tá idirghníomhaíocht chasta de fhreagairtí bitheolaíocha, mothúcháin, smaointe agus iompraíocht. Is féidir linn idirghabháil a dhéanamh ar gach ceann de na leibhéil sin chun ráigeanna feirge a chosc.

**Bitheolaíoch**

Eolas a thabhairt do leanaí mar gheall ar na rudaí a dhéanann an corp nuair a bhíonn fearg orainn agus cabhrú leo teicnící suaimhnithe a úsáid chun an corp a shuaimhniú. Samplaí de sin is ea:

- Análú isteach go domhain tríd an tsrón ar feadh 7 soicind agus amach tríd an mbéal ar feadh 11 soicind.
- Is féidir a mhúineadh do leanaí beaga a bheith ina dturtair agus sliogán cosanta a bheith orthu ionas nach ngéillfidh siad do ghriogadh. (Féach Doiciméad Idirghabhála Aonair 6 'Teicníc an Turtair')
- I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach Cárta Pas a eisiúint. Tugtar cead don dalta an cárta pas a úsáid chun dul amach as rang nó as an gclós nuair a bhraitheann siad go bhfuil fearg á múscailt iontu agus gur gá dóibh iad féin a shuaimhniú. (Féach Doiciméad Idirghabhála Aonair 7 'Paschárta')

**Mothúcháin**

Cabhrú leo a gcuid mothúcháin a aithint agus iad a chur in iúl go cuí.

- Baineann mórchuid múinteoirí úsáid as ábhar as clár 'Walk Tall' OSPS chun obair a dhéanamh le leanaí mar gheall ar mhothúcháin.
- Ní mór treallús a mhúineadh do leanaí trí scéalta, drámaíocht agus rólghlacadh ionas gur féidir leo ráiteas treallúsach a dhéanamh. Mar shampla, 'Nuair a bhíonn tú ag spochadh asam mar gheall ar mo mháthair, mothaím gortaithe agus tagann fearg orm, ná déan arís é nó inseoidh mé don mhúinteoir é."
- Féadfaidh Rothaí Mothúchán cabhrú le leanaí mothúcháin a chur in iúl don mhúinteoir. (Féach Doiciméad Idirghabhála Aonair 8.)

**Smaointe**

A thaispeáint do leanaí conas smaointeoireacht dhiúltach a aithint agus féinchaint dhearfach a chur ina áit agus an cás a athfhrámú.

- Seo a leanas roinnt samplaí d'fhéinchaint dhearfach: 'Is féidir liom é seo a dhéanamh'; 'Ní gá dom ligean dó seo an bua a fháil orm'; 'Tóg go bog é'.
- Ní mar a chéile a théann na rudaí céanna i bhfeidhm orainn ar fad mar gheall ar na slite difriúla a mbainimid ciall as na rudaí a tharlaíonn dúinn. Ní mór dúinn oibriú as lámha a chéile le leanaí chun go dtuigfidh siad sin; agus cabhrú leo ciall eile a bhaint as staideanna áirithe. Mar shampla, 'Siúlann tú síos an pasáiste agus buaileann buachaill as do rang i d'éadan. Luaigh trí shlí ina bhféadfá ciall a bhaint as sin.'

**Iompraíocht**

Féadfaidh sé iompraíocht a athrú ach an timpeallacht a oiriúnú agus athrú a dhéanamh ar na rudaí a chuireann tús le hiompraíocht agus ar na rudaí a leanann í (Gheofar eolas breise i nDoiciméad Measúnaithe 6.)

*Acmhainn úsáideach is ea 'Anger management, A Practical Guide' (Adrian Faupel, Elizabeth Herrick and Peter Sharp published by David Fulton 2001) maidir leis an tslí le teicnící láimhsithe feirge a mhúineadh do leanaí.*

D'ainneoin idirghabháil ar gach ceann de na leibhéil sin sula dtagann tarluithe chun cinn beidh ráigeanna feirge ag leanaí áirithe ar scoil i gcónaí. Is féidir le comharthaí luatha rabhaidh agus scileanna éifeachtacha cumarsáide géarú ar iompraíocht dhúshlánach a sheachaint, m.sh.:

- Cuir i gcuimhne do leanaí úsáid a bhaint as teicnící ar leith a múineadh dóibh nuair a bhí siad ciúin

- Admhaigh fearg an linbh trína rá 'Feicim go bhfuil fearg ort/go bhfuil tú trí chéile toisc... ...'Bíodh an teachtaireacht soiléir agus i bhfocail dhearfacha. Bíodh ciall leis an rud a deir tú, bí sásta seasamh leis agus ná habair ach uair amháin é más féidir.
- Má thosaíonn leanbh ag argóint leat, bain úsáid as teicníc an cheirnín bhriste. Lean ort ag déanamh na hachainí go ciúin neodrach a fhad is gá. Ach é sin a dhéanamh ní bheidh an leanbh in ann leanúint leis an argóint agus is lú an seans go n-ardóidh sé/sí a ghlór nó a glór féin.

Muna n-éiríonn leat an leanbh a shuaimhniú agus an cás a réiteach smaoinigh gur lú réasún a bhíonn ann dá airde an chéim dúisithe. I staideanna mar sin cuimhnigh:

- Ná déan iarracht dul chun réasúin, i mbun argóna nó rud a bhagairt ar an leanbh toisc nach féidir leo éisteacht leat agus go bhféadfaidís a bheith imithe ó smacht. D'fhéadfá rudaí a dhéanamh níos measa ach iarracht a dhéanamh chun dul chun réasúin leo.
- Déan iarracht an bheirt agaibh a scaradh amach ón slua.
- Fan ciúin agus faoi smacht. Ná glac masla pearsanta. Féadfaidh sé leanaí a scanrú má bhraitheann siad nach bhfuil duine fásta i gceannas ar a bhfuil ag tarlú.
- I gcás ina mbeadh iompraíocht an dalta ina bhaol dó/di féin nó do dhuine eile iarr ar dhalta freagrach cabhair a lorg.
- Tóg an dalta suaite amach as an rang isteach i seomra ciúin faoi mhaoirseacht chun ligean dó/di é/í féin a shuaimhniú.
- Má dhiúltaíonn sé nó sí an seomra a fhágáil tóg na daltaí eile amach as an rang fad a bhíonn an cás á réiteach.
- Féach chuige go bhfuil an leanbh féin agus na leanaí agus na daoine fásta eile sábháilte.
- Féadfaidh sé suas le leath uair an chloig nó trí cheathrú a thógáil ar leanbh teacht chuige/chuici féin tar éis ócáid struis. Bí cinnte go dtugann tú dóthain ama don leanbh chun é/í féin a shuaimhniú toisc go bhféadfadh eipeasóid feirge eile a bheith ann má dhéanann tú iarracht an fhadhb a réiteach nó eadráin a dhéanamh sula mbíonn an leanbh ullamh.
- Nuair a bhíonn an leanbh ciúin déan iarracht an fhadhb a réiteach leo. Mar shampla, fiafraigh díobh cad a tharla. Conas a mhothaigh siad? Cad a dhein siad? Cérbh iad na hiarmhairtí? Cad a dhéanfaidh siad an chéad uair eile i gcás dá shórt? D'fhéadfaí an leanbh a spreagadh chun an méid a rinne siad féin a scríobh nó a tharraingt ar 'Leathanach Smaointe' (féach Doiciméad Idirghabhála Aonair 9).
- Tar éis ócáid dhúshlánach sa scoil bíonn gá ag an bhfoireann le tréimhse ama chun machnamh a dhéanamh i dteannta a chéile agus réiteach a phlé ionas gur féidir leo foghlaim ón gcás agus prótacail oiriúnacha a chur i bhfeidhm i gcás go dtarlaíonn an iompraíocht sin arís.
- Ba cheart prótacail a roinnt i gcónaí le tuismitheoirí agus iad a bheith mar chuid de Phlean Oideachais Aonair (IEP) an linbh. Má tá fadhb leanúnach láimhsithe feirge ag an leanbh ba cheart iarraidh ar ghníomhaireachtaí seachtracha tacú leis an leanbh, leis an teaghlach agus le foireann na scoile. Moltar dul i mbun oibre leis an leanbh ar bhonn ildisciplíne.

> Cuimhnigh nach straitéis é bainistíocht géarchéime chun iompraíocht inghlactha a mhúineadh. Uaireanta is féidir le gnáthaimh bhainistíochta éigeandála mí-iompraíocht a threisiú. Mar shampla, má thógtar an leanbh ag siúl timpeall na scoile chun é nó í a shuaimhniú tar éis racht feirge d'fhéadfadh an leanbh taitneamh a bhaint as sin ionas go mbeadh fonn air nó uirthi leanúint den iompraíocht is mian leatsa a athrú. Leanfaidh géarchéimeanna de bheith ag tarlú mura mbíonn d'idirghabháil ann ach freagairtí ar ghéarchéimeanna. Lena chois sin, le go mbeadh éifeacht leis na teicnící sin is gá bainistíocht réamhghníomhach ranga, bainistíocht dhearfach iompraíochta agus freagairt chórasach ar mhí-iompraíocht a bheith mar bhonn fónta fúthu.

## 3.7. STRAITÉISÍ TEAGAISC SÓISIALTA AGUS MOTHÚCHÁNACHA

Ní mór na scileanna cuí a bheith ag daltaí chun gur féidir leo dul i mbun foghlama, a gcuid iompraíochta a bhainistiú, agus a gcuid mothúchán a choimeád faoi smacht chun tairbhe a bhaint as na deiseanna foghlama agus sóisialaithe a chuirtear ar fáil sa scoil. Tá lucht oideachais ag éirí níos feasaí an t-am ar fad nach mór na scileanna sin a mhúineadh mar chuid den churaclam, agus go deimhin, gur gá.

Soláthraíonn curaclam OSPS creat cuimsitheach chun feasacht daltaí ina leith féin agus i leith daoine eile a fhorbairt agus scileanna a mhúineadh dóibh chun caidreamh éifeachtach a bheith acu leis an bpobal áitiúil agus le pobal na scoile. Soláthraíonn cuid de na snáitheanna sa churaclam OSPS deis ar leith chun inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach daltaí a fhorbairt. Díríonn an snáithaonad '*Féiniúlacht*' ar fhéinfheasacht, féinmhuinín, freagracht phearsanta agus scileanna cinnteoireachta a mhúineadh. Sna snáithaonaid '*Mo chairde agus daoine eile*' agus '*Caidreamh le daoine eile*' féachtar ar nádúr an chairdis agus spreagtar daltaí chun comhbhá agus tuiscint a fhorbairt chun go mbeidh dea-chaidreamh ann idir iad agus daoine eile. Féachann na snáithaonaid seo le cumarsáid éifeachtach agus scileanna idirphearsanta a chur ar aghaidh agus straitéisí aoisoiriúnacha a úsáid chun coimhlint a réiteach. Tosaíonn an snáithaonad '*Forbairt na saoránachta*' le fócas ar an rang agus ar an scoil mar mhicreacosma den phobal i gcoitinne mar a bhfoghlaimíonn na daltaí conas rudaí a roinnt agus dul i mbun comhair, bheith rannpháirteach go héifeachtach agus difríocht a cheiliúradh. Tugtar srac-chuntas sa churaclam ar mhodheolaíochtaí gníomhacha éagsúla i leith na foghlama agus i leith an teagaisc. Ní mór don mhúinteoir na nithe seo a leanas a phleanáil:

- am ar leith a chur i leataobh chun gnéithe den churaclam a mhúineadh,
- an clár a chomhtháthú le hobair atá ar bun i réimsí ábhair eile
- leas a bhaint as teagmhais agus imeachtaí i bhfíorshaol na scoile chun machnamh a dhéanamh agus scileanna nua a fhoghlaim.

Gheofar i gcuraclam OSPS moltaí agus straitéisí ginearálta chun timpeallacht agus atmaisféar dearfach scoile a chothú mar a mhothaíonn na daltaí agus an fhoireann go bhfuil tábhacht leo, go dtugtar aire dóibh agus go bhfuil meas orthu. I dtimpeallacht dá sórt is fusa teagasc, foghlaim agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.

**Roinn 4**
**Staidéar ar Chásanna**

Sna cás-staidéir seo a leanas gheofar samplaí de chásanna, d'uirlisí measúnaithe agus d'idirghabhálacha ar leibhéal Thacaíocht Ranga, Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoile Móide. Roghnaíodh na samplaí seo chun an próiseas atá i gceist ar gach leibhéal den leanúntas tacaíochta a thaispeáint. Ní mór a chur san áireamh nach rogha uileghabhálach uirlisí measúnaithe agus idirghabhálacha é seo.

**Cás-Staidéar 1**
Tacaíocht Ranga


Lúsaí

**Cás-Staidéar 2**
Tacaíocht Scoile


Luca

**Cás-Staidéar 3**
Tacaíocht Scoile Móide


Seán

**Cás-Staidéar 3**
Tacaíocht Scoile Móide


Emma

## Tacaíocht Ranga: Cás-Staidéar Lúsaí

**Cad is Tacaíocht Ranga ann?**

Ar leibhéal thacaíocht ranga breithníonn múinteoirí raon leathan tosca sa seomra ranga agus athraíonn siad struchtúir agus córais ranga chun riachtanais daltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu a chomhlíonadh.

- Déanann múinteoirí rialacha, dreasachtaí agus iarmhairtí ranga a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú chun fónamh do riachtanais na ndaltaí uile, go háirithe daltaí a d'fhéadfadh a bheith neamh-aireach, ríogach nó suaiteach.
- Samhlaíonn an múinteoir áit an tseomra ranga laistigh de chomhthéacs ginearálta shaol na ndaltaí. Mar shampla, féachann sí nó sé an bhfuil bunriachtanais an dalta – bia, teas, foscadh, sábháilteacht agus sláine – á gcomhlíonadh.
- Déanann an múinteoir machnamh ar thimpeallacht foghlama an tseomra ranga féachaint an leor na dálaí fisiceacha, an caidreamh, an araíonacht ranga, na modhanna teagaisc agus foghlama chun iompraíocht dhúshlánach a láimhsiú.

Léiríonn dea-chleachtas gur féidir tacú le daltaí a bhfuil deacrachtaí neamhbhuana iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu ach na curaclaim Ealaíne, Drámaíochta, OSPS agus Creidimh a úsáid chun díriú ar chairdeas, bulaíocht, scileanna sóisialta, treallús, caillteanas agus méala.  I scoileanna ina bhfuil éiteas dearfach, oscailte agus tacúil, is minic a iarrann múinteoirí a bhfuil imní orthu mar gheall ar dhalta comhairle ar mhúinteoirí tacúla.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na rudaí thuas agus idirghabháil nó idirghabhálacha a chuirfí i bhfeidhm a bheith dóthanach chun riachtanais daltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu a chomhlíonadh. Ach i gcás mionlach beag daltaí, d'fhéadfaí cinneadh a ghlacadh chun tús a chur le **Plean Thacaíocht Ranga**.

**Ainm an Dalta**: Lúsaí Ní Ghallchóir
**DB**: xx/xx/xx
**Rang**: Naíonáin Shinsearacha

Ta Lúsaí sna Naíonáin Shinsearacha. Deirtear fúithi go mbíonn sí ríogach agus ag fútráil. Is minic a fhágann sí a suíochán le linn ceachta. Nuair a bhíonn sí ar an gcairpéad ag éisteacht le treoracha an mhúinteora téann sí i mbun cainte le daltaí eile agus glaonn sí amach freagraí as a huain. Is minic a theipeann uirthi cloí le hiarraidh an mhúinteora, mar shampla, peann luaidhe a chur síos, féachaint ar an múinteoir, méar a chur ar a beola. Le linn am spraoi comhoibritheach, is deacair di uainíocht a dhéanamh le daltaí eile agus dá bhrí sin is minic a bhíonn uirthi gníomhaíochtaí a dhéanamh ina haonar.



**Lúsaí**

Taispeánann cás-staidéar Lúsaí a bhfuil i gceist le **Plean** a thionscnamh agus **Seicliosta Thacaíocht Ranga** agus **Athbhreithniú** a úsáid. Faoi mar a thuairiscítear in 'SPECIAL EDUCATIONAL NEEDS A Continuum of Support' an múinteoir ranga a bhíonn freagach go foriomlán as an bplean seo. Is éard a bhíonn i gceist i bplean mar seo na cineálacha cur chuige simplí neamhfhoirmiúla a úsáideann múinteoirí de ghnáth ar leibhéal ranga, grúpa beag nó aonair chun tacú le riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Taispeánann an léaráid thíos an tslí a gcuirtear **Plean Thacaíocht Ranga** ar bun.

Seo a leanas na doiciméid dá dtagraítear sa léaráid:

**Aguisín 1:**

Doiciméad Acmhainne 1 - Seicliosta Bunriachtanas

Doiciméad Acmhainne 2 - Seicliosta Thimpeallacht Foghlama

Doiciméad Acmhainne 3 - Seicliosta Thacaíocht Ranga

Doiciméad Acmhainne 4 - Plean Thacaíocht Ranga agus Taifead

**Aguisín 2:**

Doiciméad Acmhainne Measúnaithe 3

Seicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil

## An Próiseas Thacaíocht Ranga

**Pointe Tosaigh**

*Cuireann tuismitheoir/múinteoir nó gairmí eile údar imní in iúl*

Déanann an múinteoir machnamh air...

An bhféadfaí freastal don imní trí athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar chórais an ranga uile?

Tá → **Úsáid cineálacha cur chuige difreáilte i leith an teagaisc**

Ní ↓

**An Próiseas Thacaíocht Ranga**

Téigh ar aghaidh leis an bPróiseas Thacaíocht Ranga. Déanann an múinteoir ranga eolas a bhailiú agus a mheas (féach an Seicliosta Timpeallachta, Seicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil, Seicliosta Thacaíocht Ranga)

↓

**Pleanáil agus Idirghabháil**

Aontaítear Plean Thacaíocht Ranga leis na tuismitheoirí agus cuireann an múinteoir ranga agus na tuismitheoirí an plean i bhfeidhm. (Féach an Plean Thacaíocht Ranga).

↓

**Déantar athbhreithniú ar an bPlean Thacaíocht Ranga**

(Féach an Plean Thacaíocht Ranga).
Déantar cinneadh...

→ **Úsáid cineálacha cur chuige difreáilte i leith an teagaisc**

→ **Lean ar aghaidh ar Leibhéal Thacaíocht Ranga** → **Déan an fhadhb a shainiú an athuair agus déan athbhreithniú agus leasú ar an bPlean Thacaíocht Ranga** → Pleanáil agus Idirghabháil

↓

**Cuir tús le Próiseas Thacaíocht Scoile**

Cé gur leor idirghabháil ranga, de ghnáth, chun riachtanais tosaigh fhormhór na ndaltaí a chomhlíonadh d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag líon beag daltaí atá níos suntasaí ná sin nó deacrachtaí a aithnítear láithreach. I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos oiriúnaí tosú le Plean Thacaíocht Scoile nó Plean Thacaíocht Scoile Móide. Daltaí nua den chuid is mó a bheadh i gceist anseo. Ach d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do dhaltaí áirithe eile i gcás tarlú a bhfuil tionchar mór aige orthu ar scoil.

## Seicliosta Thacaíocht Ranga

**AINM AN DALTA** Lúsaí Ní Ghallchóir | **DB** xx/xx/xx | **RANG** Naíonáin Shinsearacha | **DÁTA** Samhain 2007

| **1. EOLAS GINEARÁLTA** | **SEICEÁILTE (TÁ/NÍL)** | **RÁITIS** |
|---|---|---|
| I gcomhairle leis na tuismitheoirí? | *tá* | *Tá údair imní ag an athair ag an mbaile. Bhásaigh an mháthair agus Lúsaí deich mí d'aois. Mar a dúradh leis an Uasal Ó Gallachóir ní mheastar go bhfuil tionchar ag bás a máthar ar iompraíocht Lúsaí. Faigheann an t-athair cabhair ón teaghlach sínte.* |
| Eolas bailithe ón scoil/naíscoil roimhe sin? | *tá* | *Níorbh ann. Níor fhreastail sí ar naíscoil.* |
| Éisteacht | *tá* | *Go breá* |
| Radharc | *tá* | *Go breá* |
| Riachtanais Mhíochaine | *tá* | *Fliuchadh leapa, ag freastal ar phéidiatraí* |
| Seicliosta Bunriachtanas comhlánaithe? | *tá* | *Bíonn aiseolas agus moladh ag teastáil ó Lúsaí de shíor.* |
| Measúnacht foghlama – scagadh | *tá* | *Is beag údar imní mar gheall ar an bhfoghlaim.* |
| Breathnóireacht ar an stíl foghlama/ cur chuige i leith na foghlama | *tá* | *Neamheagraithe, ríogach, ní thugann sí aird ar mhionsonraí.* |
| Breathnóireacht ar iompraíocht | *tá* | *Deacracht le huainíocht, glaonn sí amach, ní leanann sí treoracha.* |
| Agallamh leis an dalta | *tá* | *Deir Lúsaí gur maith léi an scoil. Tá sí in ann rialacha ranga a ainmniú ach ní léir di go mbriseann sí na rialacha.*<br>(Féach an Seicliosta faoi Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil – Doiciméad Measúnaithe 4, Aguisín 2) |
| Obair dhifreáilte ranga? | *tá* | *N/bh* |
| Timpeallacht foghlamtha curtha in oiriúint | *tá* | *Tugtha chun críche.*<br>(Féach Seicliosta an Mhúinteora maidir le Struchtúir agus Tacaíochtaí Ranga Uile - Doiciméad Measúnaithe 1, Aguisín 2,). Ní mór gnáthamh maidir le ceisteanna a fhreagairt agus suí ar an gcairpéad a mhúineadh. Neamhaird thaicticiúil a úsáid nuair is cuí sin. |
| Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint? | *níl* | *N/bh* |
| I gcomhairle go neamhfhoirmiúil le gairmithe lasmuigh? | *níl* | *Níl* |
| **2. GNÍOMH AG TEASTÁIL** | *tá* | Plean Thacaíocht Ranga |
| **3. GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN BHFOIREANN CHUÍ** | *tá* | Plean Thacaíocht Scoile aontaithe. Féach an ceangaltán. |

# Plean Thacaíocht Ranga

**AINM AN DALTA** Lúsaí Ní Ghallchóir | **DB** xx/xx/xx | **RANG** Naíonáin Shinsearacha

**ÁR N-ÚDAIR IMNÍ**

- *Is deacair do Lúsaí treoracha an mhúinteora a leanúint.*
- *Bíonn Lúsaí ag caint agus ag cur isteach ar dhaltaí eile agus ar an múinteoir.*
- *Glaonn sí freagraí amach as a huain.*

**IS DÓIGH LINN GURB É IS CÚIS LEIS (TABHAIR HIPITÉIS GHINEARÁLTA)**

- *Tá easnamh ar Lúsaí ó thaobh scileanna éisteachta agus airde.*
- *Tugtar an-aird ar Lúsaí ag an mbaile.*
- *Níor fhreastail sí ar naíscoil agus is beag deis a bhí aici go dtí seo scileanna cuí a fhoghlaim i seomra ranga.*

**STRAITÉISÍ ARBH FHIÚ TRIAIL A BHAINT ASTU**
**(CUIRFIDH INÍON UÍ DHOCHARTAIGH NA STRAITÉISÍ SEO A LEANAS I BHFEIDHM SA SEOMRA RANGA)**

- *Leideanna amhairc chun aird Lúsaí a tharraingt, m.sh. díriú ar 'shúil' le haghaidh 'féach', ar chluas le haghaidh 'éist' agus comhartha rúnda a aontú le Lúsaí chun a insint di go bhfuil sí ag briseadh rialach ranga.* (m.sh. - féach an sampla Bosa Arda! in Roinn 3 – Struchtúir agus Tacaíochtaí Ranga )
- *Gnáthaimh agus rialacha ranga a mhúineadh le leideanna amhairc agus rólghlacadh le linn am ciorcail*
- *Garmholadh - moladh a thabhairt do dhaltaí atá ina suí in aice Lúsaí agus atá ag leanúint treoracha.*
- *Féachaint chuige go moltar Lúsaí faoi dhó sa lá as a lámh a chur suas nó treoracha a leanúint.*
- *Deiseanna a chruthú ionas go dtuilleann sí duais ón gcóras duaiseanna grúpa nó ranga gach lá* (Féach Aguisín 3 – Doiciméad Idirghabhála Ranga 4 - Córais Duaiseanna Ranga agus Grúpa a Bhunú)
- *Lúsaí a chur ina suí le dalta amháin eile chun uainíocht a dhéanamh i gcluiche agus bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a neartaíonn aird an dalta.*
- *Nótaí dearfacha a chur abhaile go rialta* (e.g. Dea-Scéala - féach sampla i Roinn 3 - Tacaíochtaí agus Struchtúir Ranga)

**BEIDH A FHIOS AGAINN GO BHFUIL FEABHAS AR AN SCÉAL NUAIR IS FÉIDIR LE LÚSAÍ**

- *Treoracha simplí a leanúint an t-am ar fad, m.sh. cuir do lámh suas chun freagra a thabhairt, cuir síos do pheann luaidhe.*
- *Féachaint ar an múinteoir agus í ag freagairt ceisteanna díreacha agus í ar an gcairpéad.*
- *Uainíocht a dhéanamh i gcluiche le dalta amháin eile ar feadh 10 nóiméad dhá uair sa tseachtain.*

**DÉANFAIMID ATHBHREITHNIÚ (AIBREÁN 2008)**

*Athbhreithniú beartaithe i gceann trí mhí nó níos luaithe ná sin más gá. Iarrfar ar athair Lúsaí a bheith i láthair.*

Síniú: Múinteoir ______________________________ Tuismitheoir(í)________________________________________

**An Chéad Athbhreithniú: Aibreán 2008 I láthair: Iníon Uí Dhochartaigh (Múinteoir), An tUasal Ó Gallchóir (Tuismitheoir)**

*Tá Lúsaí in ann suí ar an gcairpéad anois gan a haigne féin nó aigne dalta eile a bhaint den obair. Fad a bhíonn sí ar an gcairpéad ardaíonn sí a lámh chun ceist a fhreagairt agus ní fhreagraíonn sí go dtí go n-iarrtar uirthi. Glaonn sí amach uaireanta agus í ina suí ag a deasc. Tógann sí a seal le dalta amháin eile. Tugadh faoi deara gur deacair di comhoibriú i ngrúpaí beaga. Is léir sin go háirithe i gcaitheamh am spraoi sa chlós. Tá an tUasal Ó Gallchóir sásta le dul chun cinn Lúsaí ar scoil. Aontaíodh go leanfaí de na hidirghabhálacha thuas. Ach díreofar ar na hamanna a mbíonn Lúsaí ina suí agus ar am spraoi sa chlós. Molfaidh Iníon Uí Dhochartaigh Lúsaí go sonrach as a lámh a chur suas agus í ina suí, agus tabharfaidh sí neamhaird ar aon fhreagra a ghlaofaidh sí amach. (I gcás ina bhfuil Cúntóir Riachtanas Speisialta (SEN) sa seomra ranga, d'fhéadfaí a ról a leathnú chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí eile ag amanna áirithe den lá, nó tacú leo. Sa chás seo, d'fhéadfadh Iníon Uí Dhochartaigh iarraidh ar an SNA an straitéis sin a threisiú gach uair is féidir.) Díreofar ar scileanna comhair agus uainíochta Lúsaí trí churaclam an OSPS agus trí ghníomhaíochtaí in am ciorcail. Iarrfaidh Iníon Uí Dhochartaigh ar an múinteoir ar diúité Lúsaí a mholadh as a dea-iompraíocht sa chlós, m.sh. bheith ag uainíocht, ag roinnt, ag súgradh go cineálta, ag cabhrú le daltaí eile.*

## Tacaíocht Scoile: Cás-Staidéar Luca

### Céard é Tacaíocht Scoile?

D'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh ag athbhreithniú ar **Thacaíocht Ranga** nach bhfuil gá ag an leanbh a thuilleadh le **Plean Thacaíocht Ranga**, go leanfar de **Phlean Thacaíocht Ranga** an dalta, nó go gcuirfear tús le **Plean Thacaíocht Scoile**.

Más gá **Plean Thacaíocht Scoile**, beidh gá le próiseas fadhbréitigh níos déine, a bheidh bunaithe ar eolas a bailíodh agus ar idirghabhálacha a rinneadh faoi Thacaíocht Ranga. Cé gurb í an múinteoir ranga a bheidh freagrach as teagasc agus foghlaim an dalta i gcónaí, beidh baint níos foirmiúla ag an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne ag an gcéim seo. Is é/í an múinteoir ranga a dhéanfaidh an comhordú, más cuí, nó duine de na múinteoirí tacaíochta.

Ag brath ar riachtanais an dalta, d'fhéadfaí teagasc breise a thairiscint ar na slite seo a leanas: laistigh den seomra ranga; i ngrúpa beag lasmuigh den rang; lasmuigh den rang ar bhonn aonair; nó trí theaglaim de thacaíocht ranga agus seachranga.

Má tá líon daltaí ann a bhfuil riachtanais iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta den chineál céanna acu, is minic is cuí tacaíocht scoile a thairiscint dóibh trí obair ghrúpa agus **Plean Thacaíocht Scoile** grúpa a cheapadh. D'fhéadfadh an t-am a leithdháilfí ar an ngrúpa seo a chur ar fáil ó na hacmhainní atá ar fáil cheana féin sa scoil. Is iad múinteoir/í tacaíochta na scoile a chuirfeadh i bhfeidhm é. Ar na ceisteanna a d'fhéadfaí díriú orthu in obair ghrúpa bheadh scileanna sóisialta, féinmheas agus láimhsiú feirge.

Idirghabhálacha eile a bheadh oiriúnach ar leibhéal thacaíocht scoile ná córas meantóireachta, piartheagasc agus córas páirtíochta. (Gheofar eolas orthu seo in Aguisín 3 – Doiciméad Idirghabhála Aonair 2– *Straitéisí chun Féinmheas agus Gníomhaíocht Shóisialta a Mhéadú*). Féadfaidh clubanna obair bhaile agus clubanna bricfeasta bheith ina gcabhair i gcomhthéacsanna áirithe.

Lena chois sin, d'fhéadfaí idirghabhálacha ar leibhéal Thacaíocht Scoile do leanaí a bhfuil riachtanais iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta acu a chur i bhfeidhm trí theagasc foirne agus trí dhíriú ar théama ar leith i gcuraclam OSPS. I gcás ina bhfuil Cúntóir Riachtanas Speisialta (SNA) sa seomra ranga, d'fhéadfaí a ról a leathnú chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí nó tacú leo ag amanna áirithe den lá, de réir chritéir a bheadh leagtha amach ag an scoil.

**Ainm an dalta:** Luca Gasior
**DB**: xx/xx/xx
**Rang**: Rang a Cúig

**Cúlra**
I rang a cúig atá Luca. Tháinig sé isteach sa scoil i rang na Naíonán Sinsearach, tar éis don teaghlach teacht chun cónaí sa cheantar. Ceapadh Plean Thacaíocht Ranga sa dara téarma de rang a trí toisc an méid cur isteach íseal-leibhéil a bhí á dhéanamh ag Luca, leithéidí bheith ag glaoch amach sa rang, ag luascadh ar a chathaoir, agus ag caint lena phiaraí.



**Luca**

Taispeánann an léaráid thíos an tslí a gcuirtear **Plean Thacaíocht Scoile** ar bun. Taispeánann an cás-staidéar a bhfuil i gceist le **Plean** a thionscnamh agus **Seicliosta Thacaíocht Scoile** agus **Athbhreithniú** a úsáid.

Seo a leanas na doiciméid dá dtagraítear sa léaráid:

**Aguisín 1:**

Doiciméad Acmhainne 5 - Seicliosta Thacaíocht Scoile

Doiciméad Acmhainne 6 - Plean Thacaíocht Scoile

## An Próiseas Thacaíocht Scoile

**Pointe Tosaigh**

Múinteoir comhordaithe
(d'fhéadfadh gurb í seo an múinteoir ranga)
a athbhreithníonn na taifid ina bhfuil cur síos
ar an bpróiseas Thacaíocht Ranga
a shainíonn an fhadhb an athuair agus....

**Plean Thacaíocht Ranga a aontú agus a chur i bhfeidhm**

**Bailiú Eolais agus Measúnú**

Comhordaíonn Bailiú Eolais agus Measúnú eile (féach an Seicliosta Thacaíocht Scoile) ina mbíonn an múinteoir ranga, an dalta, na tuismitheoirí agus múinteoir eile páirteach, de réir mar is cuí.

**Pleanáil agus Idirghabháil**

Aontaítear Plean Thacaíocht Scoile leis na tuismitheoirí agus cuireann an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne an plean i bhfeidhm (agus múinteoirí tacaíochta eile, b'fhéidir ) sa scoil (féach Plean Thacaíocht Scoile).

**Déan an fhadhb a shainiú an athuair agus déan athbhreithniú agus leasú ar an bPlean Thacaíocht Scoile**

**Athbhreithniú ar an bPlean Thacaíocht Scoile**

(Féach teimpléad an athbhreithnithe)
agus déantar cinneadh...

**Deireadh a chur leis an bPlean Thacaíocht Scoile**

**Lean ar aghaidh ar Leibhéal Thacaíocht Scoile**

**Próiseas Thacaíocht Scoile Móide a Thionscnamh**

*i*

Cé gur leor idirghabháil ranga, de ghnáth, chun riachtanais tosaigh fhormhór na ndaltaí a chomhlíonadh d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag líon beag daltaí atá níos suntasaí ná sin nó deacrachtaí a aithnítear láithreach. I gcásanna dá sórt, d'fhéadfadh sé a bheith níos oiriúnaí tosú le Plean Thacaíocht Scoile nó Plean Thacaíocht Scoile Móide. Daltaí nua den chuid is mó a bheadh i gceist anseo. Ach d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do dhaltaí áirithe eile i gcás tarlú a bhfuil tionchar mór aige orthu ar scoil.

# Plean Thacaíocht Scoile

**AINM AN DALTA** Luca Gasior | **DB** xx/xx/xx | **RANG** Rang a Cúig

## Bearta a glacadh ar leibhéal Thacaíocht Ranga

- Am ciorcail chun díriú ar údair imní mar gheall ar a idirghníomhaíochtaí sóisialta
- Dialann baile-scoile
- Luca a chur ina shuí gar do dheasc an mhúinteora
- Garmholadh a úsáid sa cheacht Béarla
- A mhúineadh dá phiaraí conas neamhaird a thabhairt ar dhaoine a labhraíonn nó a chuireann isteach ar cheachtanna

Cabhair ab ea na straitéisí thuas do Luca agus é sa rang. Ach bhí tionchar ag a iompraíocht i gcónaí ar chumas daltaí eile díriú ar a gcuid oibre sa rang. Lena chois sin, mhéadaigh na deacrachtaí a bhí aige sa chlós. Tar éis roinnt cruinnithe athbhreithnithe sa scoil lena thuismitheoirí aistríodh Luca go Tacaíocht Scoile.

## Bearta ar leibhéal Thacaíocht Scoile

**Eolas a bhailiú**
I gcomhrá leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir tacaíochta, aontaíodh go dtacódh Iníon Carlin (múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne) leis an Uasal Ó Cumhaill (múinteoir ranga) chun tuilleadh eolais a bhailiú agus riachtanais Luca a mheasúnú.

Bhí cineálacha iompraíochta íseal-leibhéil tugtha faoi deara sa seomra ranga ar bhonn laethúil ag an Uasal Ó Cumhaill. Ina measc bhí:

- ag caint le piaraí fad a bhí an múinteoir ag labhairt leis an ngrúpa ranga uile.
- ag luascadh ar a chathaoir
- ag fágáil a áit chun dul go dtí an leithreas nó peann luaidhe a bhearradh
- ag éirí as cluichí nó ag diúltú géilleadh do dhaoine eile mura raibh sé chun tosaigh sa chluiche nó mura bhféadfadh sé an chéad iarracht a bheith aige
- deacracht maidir le glacadh le tacaíocht nó le ceartú sa rang
- deacracht maidir le feitheamh i líne sa rang nó sa chlós: brúnn sé a bhealach go dtí barr na líne

Chas an tUasal Ó Cumhaill agus Iníon Carlin ar an Uasal agus Bean Gasior agus bhailigh eolas uathu i dtaobh luathfhorbairt Luca, a riachtanais mhíochaine, a nearta agus a dheacrachtaí ag an mbaile agus a iompraíocht i gcoitinne. Léirigh tuairiscí na dtuismitheoirí gur dhúirt Luca ar níos mó ná ócáid amháin nach mian leis dul ar scoil.

Thuairiscigh an tUasal Ó Cumhaill roinnt teagmhas d'iompraíocht níos suntasaí le trí mhí anuas, leithéidí Luca ag caitheamh leabhair nó peann luaidhe ar an urlár.

Tuairiscítear go mbíonn tionchar ag an iompraíocht íseal-leibhéal agus ag an iompraíocht shuntasach araon ar fhoghlaim Luca agus ar fhoghlaim a phiaraí. Deirtear go bhfuil iompraíocht Luca ag cur isteach ar mhúineadh an ranga uile. Rinne Iníon Carlin roinnt breathnóireachta neamhstruchtúrtha sa chlós, leis. Thug sí faoi deara go mbíonn Luca páirteach i 'súgradh garbh', go gcailleann sé smacht air féin agus é ag imirt peile, go dtéann sé ar shiúl lels an liathróid agus go screadann sé lena phiaraí. Thug an tUasal Ó Cumhaill athrú faoi deara ar líon na ndaltaí a mbíonn Luca ag súgradh leo agus atá sásta bheith ag súgradh leis.

Tá údar imní curtha in iúl ag an Uasal Ó Cumhaill go bhfuil iompraíocht Luca ag dul chun donais agus go bhfuil cineálacha iompraíochta suntasaí á léiriú aige anois nach raibh le feiceáil sa dá bhliain roimh seo.

Ba mhaith leis an múinteoir rang tús áite a thabhairt do na trí iompraíocht seo a leanas:

1. Ag labhairt amach sa rang
2. Conas cluiche a bhuachan agus a chailliúint
3. Feitheamh i líne sa seomra ranga agus sa chlós

## Seicliosta Thacaíocht Scoile

**AINM AN DALTA** Luca Gasior | **DB** xx/xx/xx | **RANG** 5 | **DÁTA** xx/xx/xx

| 1. EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | RÁITIS |
|---|---|---|
| I gcomhairle leis na tuismitheoirí? | *tá* | *I gcruinniú idir tuismitheoirí agus foireann na scoile, dúirt athair Luca go ligtear do Luca an bua a bheith aige i gcónaí ag baile* |
| Eolas bailithe ón scoil/naíscoil roimhe sin? | *tá* | *Níor aithníodh aon údar imní* |
| Éisteacht | *tá* | *Níor aithníodh aon údar imní* |
| Radharc | *tá* | *Údar imní ar bith* |
| Riachtanais Mhíochaine | *tá* | *Níorbh ann.* |
| Seicliosta na mBunriachtanas comhlánaithe. | *tá* | *Níor aithníodh ceann ar bith* |
| Measúnacht foghlama – scagadh | *tá* | *Scileanna léitheoireachta agus tuisceana faoi bhun an deichiú peircintíle Trialacha Éirime Neamhléitheoireachta (NRIT) le bheith comhlánaithe.* |
| Breathnóireacht ar an stíl foghlama/ cur chuige i leith na foghlama | *tá* | *Freagraíonn Luca go maith do mheabhrúcháin amhairc agus do chineálacha cur chuige amhairc eile i leith rialacha foghlama ranga. Trí úsáid a bhaint as scóir (féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 2 - Treoirlínte don Bhreathnóireacht – Taifeadadh Minicíocht Tarlaithe)) tugadh faoi deara gur baineadh aird Luca dá thascanna scríofa agus de thascanna mata.* |
| Breathnóireacht ar iompraíocht | *tá* | *Bhreathnaigh an múinteoir ranga Luca sa seomra ranga agus sa chlós. Tugadh faoi deara gur rith Luca le bheith ar an gcéad duine sa líne, ag brú daoine eile as an tslí. Tugadh faoi deara gur labhair Lucas as a uain le linn gníomhaíochtaí sa seomra ranga. Is deacair do Luca glacadh leis nuair a chailleann sé i gcluiche.* |
| Agallamh leis an dalta | *tá* | *D'úsáid an tUasal Ó Cumhaill Seicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil agus Scála Rátála Conas a Mhothaíonn Tú? le Luca (Féach Aguisín 2 Doiciméad Measúnaithe 4).* |
| Obair dhifreáilte ranga? | *tá* | *Tá Iníon Carlin ag tacú leis an Uasal Ó Cumhaill chun breis eolais a bhailiú agus riachtanais Luca a mheas.* |
| Timpeallacht foghlamtha curtha in oiriúint | *tá* | *Córas duaiseanna i bhfeidhm (córais aonair agus ranga), agus meabhrúcháin amhairc ar rialacha le feiceáil sa seomra ranga* |
| Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint? | *tá* | *Deacracht maidir le feitheamh i líne sa rang agus sa chlós* |
| I gcomhairle go neamhfhoirmiúil le gairmithe lasmuigh? | *tá* | *Comhairliúchán neamhfhoirmiúil le síceolaí NEPS* |
| **2. GNÍOMH AG TEASTÁIL** | *tá* | Plean Thacaíocht Scoile |
| **3. GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN BHFOIREANN CHUÍ** | *tá* | Dáta an athbhreithnithe – Beal 07<br>Tuismitheoirí le bheith i láthair ag an athbhreithniú<br>Comhairliú leanúnach idir an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta chun monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar dhul chun cinn |

Ba cheart eolas breise, samplaí oibre, tuairiscí agus an plean thacaíocht ranga ó chomhad an dalta a bheith i gceangal.

## Plean Thacaíocht Scoile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **AINM AN DALTA** Luca Gasior | **Rang** 5 | **Dáta Tosaigh** 30.03.07 | **Múinteoir comhordaitheach** Iníon Carlin |
| **Dáta an Athbhreithnithe** 11.05.07 | | | |

### Nearta agus spéiseanna an dalta

*Deirtear go gcuireann Luca an-suim sa pheil. Deirtear gur breá leis peil a imirt ag am sosa agus am lóin agus ar fhoireann na scoile.*

### Príomhúdair imní

1. *Ag labhairt amach sa rang*
2. *An tslí a bhuann agus a chailleann sé cluichí*
3. *Feitheamh i líne sa seomra ranga agus sa chlós*
4. *Léitheoireacht agus Mata*

### Spriocanna - (an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach)

1. *Ní chuirfidh Luca isteach ar an múinteoir ranga agus é ag caint sa cheacht Béarla ná sa cheacht Mata. Leath uair an chloig a mhaireann na ceachtanna sin gach lá.*
2. *Glacfaidh Luca le toradh cluiche cláir a imreoidh sé le beirt dhaltaí eile ar a laghad.*
3. *Fanfaidh Luca ar a uain chun bheith sa chéad áit.*
4. *Cuirfidh Luca 3 fhocal nua lena fhoclóir amhairc, ó Liosta Focal Dolch.*

### Na straitéisí a bheidh againn

1. *Meabhróidh an múinteoir ranga do Luca ag tús gach ceachta an méid a bhfuiltear ag súil uaidh. Tabharfar leathanach féinmhonatóireachta do Luca ar a ndéanfar a iompraíocht sa rang Béarla agus sa rang Mata a thaifeadadh.*
2. *Imreoidh Iníon Carlin cluichí cláir éagsúla le Luca le linn an teagaisc aonair. Múinfidh Iníon Carlin straitéisí do Luca chun feitheamh ar a uain, m.sh. cleachtaí anála, bheith ag comhaireamh, agus ráitis dhearfacha.*
3. *Cuirfidh an múinteoir ranga riail laethúil ar taispeáint maidir le feitheamh sa líne, is é sin sceideal ina n-ainmneofar an té a bheidh ag barr na líne. Má bhrúnn Luca a bhealach go dtí barr na líne, cuirfear ar ais go deireadh na líne é, mar léiriú ar iarmhairt loighciúil.*
4. *Imreoidh na tuismitheoirí cluichí cláir ag an mbaile chun cabhrú le Luca glacadh le cailleadh.*
5. *Gheobhaidh Luca tacaíocht foghlama litearthachta.*

### An fhoireann agus na hacmhainní is gá

1. *Múinfidh Iníon Carlin do Luca conas a iompraíocht a thaifeadadh ar an leathanach féinmhonatóireachta le linn teagasc aonair lasmuigh den rang. (Féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Aonair 3 - Féinmhonatóireacht) Pléifidh agus athbhreithneoidh an múinteoir ranga an leathanach monatóireachta in éineacht le Luca ar feadh 5-10 nóiméad gach Aoine. Molfaidh an múinteoir ranga Luca agus é ina shuí go ciúin sa rang. Tabharfar duais do Luca ar an sprioc a bheith bainte amach aige.*
2. *Tabharfaidh Iníon Carlin rogha idir dhá chluiche cláir do Luca sa rang teagaisc tacaíochta. Pléifidh Iníon Carlin rialacha an chluiche le Luca. Imreoidh Luca an cluiche cláir le piar amháin eile nó beirt sa rang teagaisc tacaíochta. Athrófar an rogha cluiche cláir ar bhonn seachtainiúil.*
3. *Gach maidin, am sosa agus am lóin meabhróidh an múinteoir ranga do na daltaí an riail faoi bheith ag feitheamh sa líne.*

### Comharthaí go bhfuil ag éirí linn

1. *Ciallóidh scór cúig phointe as deich bpointe go bhfuil sprioc na seachtaine bainte amach ag Luca. Mar dhuais beidh cead ag Luca rogha a dhéanamh as trí ghníomhaíocht spraoi sa seomra ranga ar feadh 15 nóiméad.*
2. *Glacfaidh Luca le toradh an chluiche chláir, gan imeacht ón gcluiche.*
3. *Beidh ag éirí le Luca nuair a éireoidh leis cloí leis an gcóras feithimh sa líne ar feadh seachtaine.*
4. *Cuirfidh Luca 30 focal nua lena fhoclóir amhairc ó liosta Dolch de na 100 focal is coitianta.*

### An t-athbhreithniú (dáta, am, agus an té a thionólfaidh)

*Tionólfaidh Iníon Carlin cruinniú ar an 11/05/07*

Síniú: Múinteoir/í ______________________ ______________________

Tuismitheoirí ______________________ ______________________

# Taifead Athbhreithnithe ar Thacaíocht Scoile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **AINM AN DALTA** Luca Gasior | **DB** xx/xx/xx | **Rang** Rang 5 | **Dáta** 11.05.07 |

**I láthair don athbhreithniú** *Mrs Gasior (tuismitheoir), Iníon Carlin (múinteoir tacaíochta/acmhainne), An tUasal Ó Cumhaill (múinteoir ranga)*

## CAD IAD NA NITHE IS MÓ A D'ÉIRIGH LEO AGUS CÉN FÁTH SIN?

*D'éirigh le Luca fanacht sa líne roimh am sosa agus am lóin le coicís anuas. Glacann sé freagracht as sceideal an ranga a sheiceáil gach lá agus a mheabhrú dá phiaraí cé a bheidh ag barr na líne an lá sin. Glacann Luca leis an iarmhairt go gcaithfidh sé dul go deireadh na líne má bhrúnn sé chun tosaigh sa líne. D'éirigh le Luca 30 focal nua a fhoghlaim ó liosta focal Dolch.*

## CAD IAD NA NITHE IS MÓ A D'ÉIRIGH LEO AGUS CÉN FÁTH SIN?

*Rinne Luca dul chun cinn maidir lena lámh a chur in airde sa cheacht Mata agus sa cheacht Béarla, agus is maith leis an leathanach féinmhonatóireachta a úsáid. Ach níl ar a chumas sprioc chomh huaillmhianach sin a bhaint amach go rialta. Measann an múinteoir ranga nach leor inspreagadh Luca don ghníomhaíocht seo toisc go dtuairiscíonn Luca nach bhfuil sé ar a chumas.*

## CAD IAD RIACHTANAIS AN DALTA FAOI LÁTHAIR?

*Tá dul chun cinn áirithe déanta, ach glaonn Luca amach sa rang i gcónaí. Teastaíonn tacaíocht uaidh sna réimsí seo a leanas fós: foghlaim (litearthacht agus uimhearthacht) ; a scileanna i dtaca le bheith ag feitheamh ar a uain a ghinearálú go dtí suíomhanna súgartha eile.*

## CAD IAD NA GNÍOMHARTHA A MHOLTAR?
## Conas agus cathain a dhéanfar na gníomhartha, agus cé a dhéanfaidh iad?

- *Beidh cruinniú ag an Uasal Ó Cumhaill agus Iníon Carlin le síceolaithe NEPS chun dul chun cinn, údair imní mar gheall ar fhoghlaim, iompraíocht agus na straitéisí tacaíochta atá i bhfeidhm i láthair na huaire a phlé.*
- *Déanfaidh an tUasal Ó Cumhaill oiriúnú ar an straitéis ranga maidir le glaoch amach sa rang Béarla agus sa rang Mata. Bronnfaidh an tUasal Ó Cumhaill airíocht ar Luca gach uair a chuireann sé a lámh suas sa rang Béarla agus sa rang Mata. Tabharfar am rogha do Luca ar chúig airíocht a bheith aige. Beidh cead aige rogha a dhéanamh as trí ghníomhaíocht spraoi sa seomra ranga ar feadh 15 nóiméad.*
- *Athbhreithneofar an cur chuige féinmhonatóireachta ag an gcéad athbhreithniú eile.*
- *Tacóidh Iníon Carlin agus an tUasal Ó Cumhaill le forbairt leanúnach ar fhoclóir léitheoireachta Luca de 15 fhocal eile as liosta focal Dolch trí theagasc tacaíochta agus teagasc ranga.*
- *Sa mhata, mheasúnaigh Iníon Carlin, i gcomhairle leis an Uasal Ó Cumhaill, gur féidir le Luca am a bhaineann le huair an chloig agus leathuair an chloig a aithint ar bhonn seasta. D'ainneoin tacaíocht ranga maidir leis sin, níl greim aige fós ar 'cheathrú tar éis' ná ar 'cheathrú chun'. Bainfidh Iníon Carlin feidhm as clár a mhúineann am an chloig sa rang teagaisc tacaíochta. Treiseoidh an tUasal Ó Cumhaill coincheap an ama sa rang trí ghníomhaíochtaí ar leith a ghaolú le hamanna ar leith, m.sh. beidh an rang corpoideachas againn ar a ceathrú chun a haon déag.*
- *Leanfaidh Ms Carlin de bheith ag tacú le Luca chun na scileanna a d'fhoghlaim sé ó bheith ag uainíocht a ghinearálú, trí ghníomhaíochtaí a eagrú sa seomra ranga inar féidir le Luca uainíocht a chleachtadh le duine amháin nó beirt dá phiaraí.*

## TUAIRIMÍ AN DALTA

*Tuairiscíonn Luca gur maith leis cluichí cláir a imirt lena mham agus a dhaid tar éis an dinnéir. Baineann sé taitneamh, leis, as bheith ag obair i seomra Iníon Carlin agus bheith ag insint do gach duine cé a bheidh sa chéad áit sa líne ag am sosa.*

## RÁITEAS AN TUISMITHEORA/AN CHAOMHNÓRA

*Tuairiscíonn Bean Gasior go bhfuil sí sásta le dul chun cinn Luca sa léitheoireacht. Tá an nós cluiche cláir a imirt gach tráthnóna ag oibriú go maith. Cé gur deacair i gcónaí ar Luca cluiche a chailleadh, ní fhágann sé an cluiche níos mó.*

Síniú ______________________________ Dáta ______________________________

## Tacaíocht Scoile Móide: Cás-Staidéir Seán agus Emma

### Céard é Tacaíocht Scoile Móide?

D'fhéadfaí a chinneadh ag athbhreithniú ar **Thacaíocht Scoile** nach bhfuil gá ag an dalta a thuilleadh le **Plean Thacaíocht Scoile**, go leanfar de **Phlean Thacaíocht Scoile** an dalta, nó go gcuirfear tús le **Plean Thacaíocht Scoile Móide**.

De ghnáth próiseas is ea **Tacaíocht Scoile Móide** ina mbíonn gairmithe seachtracha agus seirbhísí tacaíochta bainteach le próiseas fadhbréitigh níos mionsonraithe, chun cabhrú leis an dalta. Baineann **Tacaíocht Scoile Móide** leis na daltaí sin a bhfuil riachtanais fhadtéarmacha/agus nó riachtanais throma chasta acu, agus a meastar nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh acu d'ainneoin idirghabhálacha a pleanáladh agus a athbhreithníodh go cúramach agus a mionsonraítear i bpleananna **Thacaíocht Ranga** agus/nó **Tacaíocht Scoile**.

D'fhéadfaí riachtanais daltaí áirithe ar leibhéal **Thacaíocht Scoile Móide** a chomhlíonadh ón Leithdháileadh Ginearálta. I gcás daltaí eile a chomhlíon na critéir maidir le míchumas ísealmhinicíochta, d'fhéadfadh an NCSE a bheith tar éis am teagaisc acmhainne a leithdháileadh ar an scoil chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Cé nach riachtanas dlí é fós, molann an dea-chleachtas go ndéanfaí riachtanais agus idirghabhálacha na ndaltaí sin a dteastaíonn tacaíocht uathu ar an leibhéal seo a mhionsonrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu i bPlean Oideachais Aonair (IEP). (Féach leathanaigh 4 agus 5 den Imlitir Oideachais Speisialta 02/05, a gheofar ag www.education.gov.ie, agus Treoirlínte an NCSE ar phróiseas an IEP, a gheofar ag www.ncse.ie/publications/finalreport.pdf

Ag brath ar riachtanais an dalta, d'fhéadfaí teagasc breise a thairiscint ar na slite seo a leanas: laistigh den seomra ranga; lasmuigh den rang i ngrúpa beag; lasmuigh den rang ar bhonn aonair nó trí theaglaim de thacaíocht ranga agus seachranga. Faoi mar a luadh cheana ar leibhéal Thacaíocht Scoile, má ta líon daltaí a bhfuil riachtanais iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta den chineál céanna acu, is minic is cuí tacaíocht a thairiscint i bhfoirm obair ghrúpa. D'fhéadfaí an t-am a leithdháilfí ar an ngrúpa sin a chur ar fáil ó acmhainní an Leithdháilte Ghinearálta sa scoil nó trí acmhainní ón NCSE. Is minic is féidir díriú ar riachtanais chuid de na daltaí sin trí churaclam OSPS na scoile a theagasc don rang iomlán nó do ghrúpa beag. D'fhéadfadh go mbeadh teacht ag cuid de na daltaí sin ar SNA má shásaíonn siad critéir cháilitheachta an NCSE.

Feicfear sa léaráid a leanann an achoimre cáis imlíne den phróiseas **Tacaíocht Scoile Móide.** Gheofar léiriú eile ar úsáid an phróisis ó chás-staidéir Sheáin agus Emma.

## Cás-Staidéar: Seán

**Tacaíocht Scoile Móide**

**Ainm an dalta**: Seán Mac Gabhann
**DB**: xx/xx/xx
**Rang**: 3



**SEÁN**

Dalta is ea Seán i rang a trí i mbunscoil mhór. Taispeánann taifid ón scoil gur deacair dó déileáil le deacrachtaí ó bhí sé sna Naíonáin Shinsearacha. Is deacair dó cloí le rialacha ranga, fanacht ar tasc, fanacht ina shuí ina shuíochán agus is beag cara atá aige sa scoil. Ag an bpointe seo ní raibh a thuismitheoirí buartha faoina iompraíocht ar scoil ná ag an mbaile agus níos thairg siad aon tacaíocht don scoil.

Tá sé i Rang a Trí anois agus tá sé de nós aige buille a thabhairt dá phiaraí muna bhfaigheann sé an rud atá uaidh. Bíonn sé freasúraíoch uaireanta agus tugann sé aisfhreagraí ar an múinteoir. Ar cheithre ócáid le dhá mhí anuas rith sé amach as an seomra ranga tar éis don mhúinteoir pionós a ghearradh air as mí-iompraíocht. Ar ócáidí eile ghlasáil sé daltaí eile i leithreas na scoile agus thóg sé a gcuid rudaí.

Glacann tuismitheoirí Sheáin leis anois go bhfuil deacrachtaí ag Seán. Thoiligh siad le deireanas coinne a dhéanamh le síceolaí cliniciúil toisc go bhfuil sé ag éirí níos deacra orthu iompraíocht Sheáin a bhainistiú ag an mbaile. Is féidir leis a bheith imníoch agus faoi strus agus ionsaitheach i leith a thuismitheoirí. Rinne sé iarracht le deireanas imeacht ar shiúl ón mbaile tar éis léim amach fuinneog sheomra leapa anuas ar gharáiste an tí.

Is beag imní atá ann mar gheall ar a dhul chun cinn acadúil.

Seo a leanas na doiciméid dá dtagraítear sa léaráid:

**Aguisín 1**

oiciméad Acmhainne 8 – Leathanach Pleanála an Phlean Oideachais Aon

Doiciméad Acmhainne 9 – Plean Oideachais Aonair

néad Acmhainne 10 – Leathanach Athbhreithnithe do Phlean Oideachais

## An Próiseas Thacaíocht Scoile Móide

### Pointe Tosaigh

**Cuireann tuismitheoir/múinteoir nó gairmí eile údar imní in iúl.**

Déanann an múinteoir machnamh air...

An bhfuil riachtanais an dalta ag cur baic suntasach ar an bhfoghlaim nó ar chaidreamh sóisialta?

An neamhleor an dul chun cinn d'ainneoin na tacaíochta a cuireadh ar fáil?

An raibh na hidirghabhálacha bunaithe ar fhianaise ón mheasúnú, pleanáilte go maith agus ar tugadh dóthain ama dóibh?

**Socraíonn an múinteoir comhordaithe (d'fhéadfadh an múinteoir ranga an ról seo a ghlacadh) athbhreithniú ar an bhfadhb mar a fheictear í agus ar na taifid ón gcomhairliú leis an dalta, leis na tuismitheoirí, le múinteoirí ranga agus tacaíochta agus le gairmithe seachtracha, más cuí.**

**Plean Thacaíocht Ranga a aontú agus a chur i bhfeidhm**

### Bailiú Eolais agus Measúnú

Déanann an múinteoir comhordaithe comhordú ar Bhailiú an Eolais agus ar an Measúnú ina mbíonn an múinteoir ranga, múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne agus múinteoirí tacaíochta eile, gairmí/ithe seachtracha, an dalta agus na tuismitheoirí páirteach.

### Pleanáil agus Idirghabháil

Aontaítear Plean Oideachais Aonair leis an dalta agus lena t(h)uismitheoirí agus cuireann an múinteoir ranga agus múinteoirí tacaíochta an plean i bhfeidhm sa scoil (féach Leathanach Pleanála an IEP, IEP agus Leathanach Athbhreithnithe don IEP)

**an Plean Oideachais Aonair a scor**

**An Fhadhb a Shainiú an Athuair agus an Plean Oideachais Aonair a athbhreithniú**

### Athbhreithniú - Plean Oideachais Aonair

Déanann múinteoirí ranga, múinteoirí tacaíochta & gairmithe seachtracha athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Oideachais Aonair in éineacht leis an dalta agus a t(h)uismitheoirí agus socraíonn siad...

**Leanúint ar aghaidh ar leibhéal Thacaíocht Scoile**

# Cás-Staidéar: Seán

## Tacaíocht Scoile Móide

**AINM AN DALTA** Seán Mac Gabhann | **DB** xx/xx/xx | **RANG** Rang 3

### Bearta a glacadh ar leibhéal Thacaíocht Ranga (fad a bhí sé sna Naíonáin Shinsearacha agus i Rang 1)

Ar leibhéal Thacaíocht Ranga, seo samplaí de na cineálacha idirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm:

- Idirbheartaíodh rialacha an ranga leis an rang, agus bhain Seán tairbhe as sin. Áiríodh ar na rialacha sin rialacha maidir le bogadh timpeall agus torann sa seomra ranga.
- Bhain an múinteoir úsáid as garmholadh, trí dhaltaí a bhí ina suí gar do Sheán agus a bhí ar tasc agus ag fanacht ina n-áiteanna a mholadh.
- Thug an múinteoir neamhaird thaicticiúil ar iompraíocht mhíchuí agus mhol sé/sí iompraíocht chuí (Féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 3 - *Neamhaird Thaicticiúil a Thabhairt ar Iompraíocht.*)
- Eagraíodh gníomhaíochtaí ranga a phléigh le caidreamh, lenar áiríodh *Pictiúr Díomsa* (féach sampla i Roinn 3 - STRUCHTÚIR AGUS TACAÍOCHTAÍ RANGA), agus bunaíodh 'Traein Chairdis' sa chlós (Féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Aonair 2 – *Straitéisí chun Féinmheas agus Idirghníomhaíocht Shóisialta a Mhéadú).*

**<u>Ráitis ar dhul chun cinn</u>**
Rinne Seán dul chun cinn maith sna naíonáin shinsearacha agus bhí sé ag fáil tacaíocht ranga i gcónaí agus é i rang a haon. Ach de réir mar a mhéadaigh éilimh an churaclaim sa téarma deireanach de rang a haon is amhlaidh a chuaigh a iompraíocht chun donais. Ag an uair sin níor ghlac tuismitheoirí Sheáin leis go raibh deacracht aige agus chreid siad gur iompraíocht nádúrtha a bhí inti do leanbh dá aois. Mar sin is beag tacaíocht a thairg siad don scoil. D'fhoghlaim Seán de réir a chéile gur beag pionós a ghearrfaí air ag an mbaile as mí-iompraíocht ar scoil. Ba bheag deis a bhí aige chun scileanna sóisialta cuí a fhoghlaim. Níor mheasc sé le leanaí eile dá aois lasmuigh den scoil. Ar scoil ba mhinic a diúltaíodh am spraoi dó i ngeall ar iompraíocht mhíchuí sa chlós.

### Bearta a glacadh ar leibhéal Thacaíocht Ranga (fad a bhí sé i Rang 2)

Ar leibhéal Thacaíocht Scoile, cabhair ab ea measúnú leanúnach le seicliosta d'iompraíocht aonair (Féach Aguisín 2 Doiciméad Measúnaithe 2) agus breathnóireacht chun cineálacha iompraíochta a d'fhéadfaí díriú orthu ar scoil a chur in ord tosaíochta. Seo a leanas samplaí de na bearta a cuireadh i bhfeidhm:

- Cuireadh córas simplí duaiseanna i bhfeidhm. Bhí an méid seo a leanas ar áireamh ann:
    1. Meabhrúcháin ó bhéal go minic i dtaobh fanacht ina shuíochán, cuir i gcás
    2. Bhí lá Sheáin roinnte idir sheisiúin éagsúla agus ag deireadh gach seisiúin d'fhéadfadh sé duais inbhraite, greamán, cuir i gcás, a bhuachan as spriocanna a bheith bainte amach
    3. Nóta 'maith thú' ag dul abhaile ag deireadh 'lá maith' tar éis dhá sprioc ar a laghad a bheith bainte amach
- Cuireadh iarmhairtí nádúrtha loighciúla i bhfeidhm mar fhreagairt ar iompraíocht mhíchuí, m.sh. má chaith sé criáin bhí air iad a phiocadh suas, má bhrúigh sé leanbh eile sa líne níor mhór dó dul chuig bun na líne, má bhuail /chiceáil sé leanbh eile ag am sosa chaill sé cúig nóiméad den chéad bhriseadh eile.
- Cuireadh dialann idir an baile agus an scoil i bhfeidhm, inar liostaíodh iompraíocht chuí i gcaitheamh an lae.
- Aontaíodh go mbeadh cruinniú leis na tuismitheoirí gach sé seachtaine.

**<u>Ráitis ar dhul chun cinn</u>**
Ní go ró-mhaith a d'éirigh le córas simplí duaiseanna Sheáin. D'fhág Seán a shuíochán go ró-mhinic agus mar sin níor éirigh leis greamán a bhaint amach ag deireadh fhormhór na seisiún. Chinn a mhúinteoir ar fhad na seisiún a laghdú ionas go bhféadfadh sé a sprioc a bhaint amach sa lá. Léiríodh go raibh sé sin ró-dheacair a bhainistiú sa lá scoile. Ach d'ainneoin na ndeacrachtaí praiticiúla thug múinteoir Sheáin faoi deara gur bhreá leis a airíochtaí a fháil, iad a chomhaireamh agus a thaispeáint dá thuismitheoirí. Chuir an dialann idir an scoil agus an baile feabhas ar chumarsáid idir an baile agus an scoil i dtús báire ach d'éirigh na nótaí níos diúltaí de réir a chéile agus rinne Seán iarracht an dialann a cheilt nó a chailleadh ar ócáidí. D'fhreastail tuismitheoirí Sheáin ar chruinnithe scoile go rialta, rud a chuir feabhas ar chaidreamh idir an scoil agus an baile agus a chabhraigh lena thuismitheoirí tuiscint a fháil ar a dheacrachtaí. Ar an drochuair, cur isteach ar dhul chun cinn Sheáin ab ea é múinteoir ranga nua a bheith ceaptha.

Tar éis dhá athbhreithniú Thacaíocht Scoile, easpa dul chun cinn agus iompraíocht ar nós rith amach as an rang, leanaí a ghlasú sa leithreas, leanaí a chur i ngreim cinn agus leanbh eile a bhallbhrú tar éis teagmhas sa chlós aontaíodh go dtairbheodh Seán de mheasúnú agus d'idirghabháil Thacaíocht Scoile Móide. Lena chois sin, d'aontaigh tuismitheoirí Sheáin casadh le síceolaí NEPS in éineacht le foireann na scoile.

## Bearta ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide

**Eolas a bhailiú**

Bhailigh múinteoir/í tacaíochta eolas diagnóiseach mar gheall ar scileanna Sheáin sa mhata agus sa litearthacht. Shocraigh an fhoireann go ndéanfadh an Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne breathnóireacht eile níos mionsonraithe ar Sheán i ngach staid mar a raibh an iompraíocht mhíchuí ag tarlú. Rinneadh an bhreathnóireacht sin sa chlós agus sa seomra ranga. I gcomhar le síceolaí NEPS moladh don fhoireann úsáid a bhaint as an *Taifead Minicíochta Teagmhas* agus *as Leathanach Breathnóireachta TOAD* chun nóta a choimeád den tslí ar iompair Seán é féin i staideanna difriúla agus i suíomhanna difriúla.
(Féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 3 - *Treoirlínte don Bhreathnóireacht*)

**Achoimre ar an anailís a rinneadh ar an eolas bailithe**

Léirigh eolas a bailíodh ó thrialacha gnóthachtála diagnóiseacha gur sa raon meánach a bhí scileanna léitheoireachta Sheáin agus sa raon faoin raon meánach a bhí a scileanna matamaiticiúla. Ach bhí a scileanna léamhthuisceana faoi bhun an mheáin agus bhí a mhúinteoir ranga buartha faoina thuiscint ar an teanga. Thuairiscigh a mhúinteoir ranga gur mheas sí go raibh feidhmiú Sheáin i dtrialacha scagtha ranga faoi bhun a chumais toisc gur éirigh sé neirbhíseach agus go raibh easpa muiníne aige as a chuid scileanna. Bailíodh eolas ó agallamh le Seán bunaithe ar *Sheicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil (*Aguisín 2*, Doiciméad Measúnaithe 4*). Tiomsaíodh an liosta seo a leanas d'údair imní as an eolas a bailíodh, tar éis dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus ó bhreathnóireacht sa chlós agus sa seomra ranga.

- scileanna súgartha
- scileanna cumarsáide neamhbhriathartha
- an easpa feasachta a bhí ag Seán maidir lena dheacrachtaí
- easpa muiníne Sheáin ina chumas acadúil
- iompraíocht ionsaitheach - ag bualadh, ag brú agus ag tarraingt daltaí eile
- ag fágáil a shuíocháin
- ag glaoch freagraí amach
- ag tabhairt aisfhreagraí ar dhaoine fásta

Mhol an síceolaí don fhoireann breathnóireacht bhreise a dhéanamh ar a scileanna súgartha (féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 2 – *Treoirlínte don Bhreathnóireacht*).
Moladh dóibh úsáid a bhaint as seicliosta scileanna sóisialta chun deacrachtaí súgartha agus deacrachtaí le scileanna neamhbhriathartha a aithint (féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 4 – *Próifíl Breathnóireachta ar Scileanna Sóisialta*).
Lena chois sin, féachadh leis na rudaí ba chúis le mí-íompraíocht Sheáin a aithint. Bhain siad úsáid as Taifead Anailíse ar Iompraíocht ABC (féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 5 - *Iompraíocht a Thaifeadadh i gComhthéacs - ABC*) chun breathnóireacht a dhéanamh ag amanna áirithe den lá, ar thascanna nó staideanna as ar lean iompraíocht ionsaitheach a aithint agus ar léirú ar easpa muiníne. Le cead na dtuismitheoirí bhreathnaigh síceolaí NEPS ar Sheán sa rang, sa rang tacaíochta cúlúcháin agus i gcaitheamh am súgartha.

Leis na torthaí agus na sonraí ón mbreathnóireacht agus ó na seicliostaí, d'aithin an fhoireann agus síceolaí NEPS an méid seo a leanas:

- Bhí deacrachtaí ag Seán i dtaca le súgradh a thosú agus a choimeád ar siúl le leanaí eile, i mbeirt nó i ngrúpa. Mar sin ba mhinic a bhíodh sé ina aonar sa chlós.
- Le linn idirghníomhaíochta le leanaí eile, chuaigh sé isteach ina spás siúd agus ba mhinic a léirmhínigh na leanaí eile é sin mar iompraíocht gharbh nó iompraíocht bhearránach.
- Ba mhinic a bhuail, a bhrúigh nó a tharraing sé leanaí eile sa chlós nuair nach n-imreodh na leanaí eile de réir rialacha Sheáin. Tharla sin tuairim is ceithre huaire sa lá.
- Rithfeadh Seán amach as an seomra ranga dá measfadh sé go raibh na hiarmhairtí neamhchothrom nó ró-dhian. Níor thuig sé an córas iarmhairtí go hiomlán agus níorbh eol cé na deacrachtaí a bhí aige.
- D'fhág sé a shuíochán sa rang chun iarracht a dhéanamh caidreamh a bheith aige le daltaí eile agus a bhformheas a fháil. D'fhág sé a shuíochán 25 uaire sa lá ar an meán.
- D'éirigh a iompraíocht níos dúshlánaí de réir a chéile (ag tabhairt aisfhreagraí, ag diúltú an rud a iarradh air a dhéanamh) le linn aistriú.
- Ba mhinic a dhiúltaigh sé a chuid oibre a thaispeáint agus ní raibh sé a chompord le moladh nó le ceartú ó dhaoine fásta.

**AINM AN DALTA** Seán Mac Gabhann | **RANG** Rang 3 | **Dáta** 10.11.2007

## Plean Oideachais Aonair

**Tosaíochtaí/Spriocanna Fadtéarmacha**

- Scileanna súgartha agus comhair a fhorbairt
- Scileanna cuí cumarsáide neamhbhriathartha a fhorbairt
- Fanacht ina shuí sa seomra ranga
- Gach iarracht ar obair scríofa a thabhairt don mhúinteoir ranga

**Spriocanna agus straitéisí sa ghearrthéarma**

**Sprioc 1**

Seán a bheith ag súgradh go comhoibritheach le dalta amháin eile i staideanna éagsúla.

**Straitéisí**

1. Sa rang teagaisc tacaíochta, múinfidh an Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne cluichí éagsúla do Sheán a d'fhéadfadh sé a imirt le dalta amháin eile in am spraoi.
2. Éascóidh an Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne imirt na gcluichí sin agus tabharfaidh sí samplaí de conas iad a imirt sa chlós ag am spraoi. Breathnóidh SNA ar na cluichí sin á múineadh agus spreagfaidh sí Seán chun bheith ag imirt le daltaí eile ag am lóin.
3. Beidh Seán páirteach in oiliúint sheachtainiúil i scileanna sóisialta bunaithe ar an gclár 'Labhair Faoi' i ngrúpa beag leis an Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne. (Talk About, Alex Kelly, Publisher).
4. Beidh páirtí ó rang a sé ag tacú leis ag am lóin.
5. Spreagfaidh an múinteoir ranga é chun suí ar an *Binse Cairdis* nuair nach mbíonn sé ag imirt le dalta eile ag am sosa (féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Aonair 2 - *Straitéisí chun Féinmheas agus Idirghníomhaíocht Shóisialta a Mhéadú).*

**Sprioc 2**

Déanfaidh Seán de réir mar a déarfaidh daoine fásta leis ag amanna aistrithe.

**Straitéisí**

1. Cuirfear amchlár laethúil scríofa ar fáil do Sheán le cur ar a dheasc.
2. Cuirfidh an múinteoir ranga in iúl do Sheán é 5 nóiméad agus ansin nóiméad amháin roimh chríoch an cheachta go bhfuil an t-am beagnach istigh.
3. Má dhiúltaíonn Seán rud a iarrtar air a dhéanamh, cuirfear riail an rang i gcuimhne dó agus déanfar an t-iarraidh céanna arís. Cuirfear córas iarmhairtí an ranga i bhfeidhm má dhiúltaíonn Seán géilleadh. Caithfidh an múinteoir ranga am ag múineadh córas iarmhairtí an ranga do Sheán. (Féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 6 - *Iarmhairtí).*

**Sprioc 3**

An méid uaireanta a fhágann Seán a shuíochán gach maidin a laghdú.

**Straitéisí**

1. Tabharfaidh an múinteoir ranga 15 airíocht do Sheán, líon is ionann le minicíocht na faidhbe i seisiún na maidine.
2. Tacófar le Seán trí airíocht amháin a bhaint de gach uair a iompraíonn sé é féin go míchuí.
3. Ar choinníoll go mbeidh airíocht amháin ar a laghad fágtha ag deireadh an lae, cáileoidh sé do threisiú socraithe, mar shampla, greamán i leabhar a thaispeánfar do na tuismitheoirí.
4. Is féidir greamáin a mhalartú ar dhuaiseanna ag baile. Ag brath ar cé mar a éiríonn le Seán, agus an méid airíochtaí a bhíonn fágtha ag deireadh an lae, laghdófar líon na n-airíochtaí de réir a chéile. Cuireadh an clár seo ar bun i ndlúthchomhairle leis an síceolaí oideachais. (Féach na nótaí mínithe do thuairimí eile agus Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Aonair 4 - *Cur Chuige Feidhmeach i leith Fadhbanna Iompraíochta).*

**Sprioc 4**
Tabharfaidh Seán mír amháin oibre in aghaidh an lae don mhúinteoir.

**Straitéisí:**

1. Tiocfaidh Seán suas chuig deasc an mhúinteora ar a dó gach lá chun a rogha mhír oibre a thabhairt di/dó.
2. Molfaidh an múinteoir ranga a iarrachtaí agus tabharfaidh sí aiseolas sonrach ó bhéal, m.sh. *an-néata, an litriú go maith, níor thóg sé sin i bhfad ort*, srl.
3. Ag deireadh na seachtaine roghnóidh Seán mír oibre le tabhairt abhaile agus le taispeáint dá thuismitheoirí. Taispeánfaidh sé an mhír sin don Mhúinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne chomh maith.
4. Cabhróidh a mhúinteoir, Iníon Diver, leis punann a chur i dtoll a chéile de mhíreanna roghnaithe oibre a d'fhéadfaí a thaispeáint do phiaraí, don phríomhoide agus dá thuismitheoirí ag deireadh gach téarma. Cuirfidh Iníon Diver obair Sheáin ar taispeáint go rialta.
5. Comhlánóidh Seán an leathanach oibre *D'éirigh Liom* ag deireadh gach lae. (Féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Aonair 5 - *Féinmheas*)

**Míniúcháin**

**Sprioc 1**
Trí scileanna súgartha agus comhair Sheáin a fheabhsú, táthar ag súil go laghdóidh sé sin an méid iompraíochta ionsaithí sa chlós. Mar a tugadh faoi deara i mbreathnóireachtaí roimhe seo, tá claonadh ag Seán daoine a bhualadh nuair nach n-imreoidh siad na cluichí atá ceaptha aige agus de réir na rialacha atá ceaptha aige.

**Sprioc 2**
Trí amchlár a thairiscint do Sheán agus fógra a thabhairt dó roimh aistriú táthar ag súil gur féidir an iompraíocht dhúshlánach ag na hamanna sin a laghdú, leis. D'fhéadfadh na modhanna sin cabhrú le daltaí a bhfuil sé deacair orthu athrú a láimhsiú.

**Sprioc 3**
B'eol don mhúinteoir ó idirghabháil roimhe sin gur chuir Seán dúil i ngreamáin mar sin roghnaigh sí córas duaiseanna a úsáid arís. Lena chois sin, toisc gur éiligh an chéad chóras mórchuid dá cuid ama, tugadh níos mó freagrachta do Sheán as an bpróiseas an uair seo. Le go n-éireodh leis an gcóras sin, ní mór bonnlíne chruinn den sprioc-iompraíocht a bheith ann, ionas go n-éireoidh leis an dalta airíocht amháin ar a laghad a bheith aige nó aici ag deireadh an lae. Más amhlaidh nach bhfuil fiú airíocht amháin ag an dalta dhealródh sé nár bhonnlíne chruinn í. D'fhéadfadh sé nach mbeadh aon spreagadh ag an dalta é nó í féin a iompar don chuid eile den lá. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina fhadhb mhór don mhúinteoir agus mar sin níor mhór an córas seo a bhainistiú go cúramach i gcomhairle le síceolaí.
Oibríonn an cur chuige seo go maith i gcás daltaí a iompraíonn iad féin go ríogach agus a d'fhéadfadh a bheith á n-iompar féin go míchuí i ngan fhios dóibh féin. Ach na daltaí a spreagadh chun an airíocht a chur isteach i mbosca an mhúinteora, cabhróidh sé leis léargas a fháil ar a iompraíocht agus dul i bhfeabhas. (Ní mholtar an córas seo i gcás iompraíochta atá ionsaitheach nó foréigneach.)

In ionad díriú feadh an lae ar an tslí a fhágann Seán a shuíochán, measadh gurbh fhearr díriú ar an iompraíocht sin i gcaitheamh na maidine amháin toisc go mbeadh sin níos indéanta do Sheán agus níos inláimhsithe don mhúinteoir. Bhíothas ag súil go gcabhródh sé le Seán na scileanna a ghinearálú go dtí an iarnóin dá ndíreofaí ar an iompraíocht sin ar maidin agus é a mholadh as fanacht ina shuíochán.

**Sprioc 4**
Féachadh sa sprioc seo le díriú ar easpa muiníne Sheáin ina chumas féin. Tríd an iompraíocht (obair a thabhairt suas) agus an smaointeoireacht (rud a scríobh a bhfuil bród aige as) a athrú, tá súil againn mothúcháin Sheáin mar gheall ar a chumas acadúil a athrú.

**AINM AN DALTA** Seán Mac Gabhann | **RANG** Rang 3

**I LÁTHAIR** Tuismitheoirí: An tUasal agus Bean Mhic Gabhann; Dalta: Seán Mac Gabhann;
Múinteoir Ranga: Iníon Diver Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne: Bean Uí Dhufaigh;
Síceolaí NEPS: Bean de Brún

## Leathanach Athbhreithnithe ar IEP

**Dul chun cinn go dáta/nearta**

*Nádúr agus céim chumais, scileanna agus buanna an dalta*

*Tríd is tríd ghlac Seán go fonnmhar leis an IEP. Is féidir leis cluiche a imirt le grúpa beag daltaí sa chlós ach tacaíocht ón Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne agus ón SNA a bheith aige. Déanann Seán de réir mar a deir daoine fásta leis anois ag amanna aistrithe. Éiríonn leis 90% de sheisiúin na maidine a chaitheamh ina shuíochán. Chabhraigh córas na n-airíochtaí le Seán léargas a fháil ar a iompraíocht as suíochán. Ghlac sé le haiseolas ar a chuid oibre agus thaitin sé leis an leathanach D'éirigh Liom a roinnt lena thuismitheoirí. Níor rith sé amach as an seomra ranga le sé seachtaine anuas.*

**Réimsí nár mhór a fheabhsú/ina bhfuil deacrachtaí fós**

*(Nádúr agus céim riachtanais speisialta oideachais an dalta agus an tionchar atá acu ar dhul chun cinn an dalta)*

*Cé go ndéanann sé an méid a iarrann daoine fásta air anois in amanna aistrithe, is deacair dó glacadh le treoracha/orduithe ó dhaoine fásta ag amanna eile. Léirigh measúnú eile ar a scileanna teanga go bhfuil deacrachtaí sonracha aige i réimse na léamhthuisceana. Agus é ina shuíochán éilíonn sé am agus aird an mhúinteora, glaonn sé amach agus cuireann sé a lámh suas ag iarraidh cabhrach go minic. Fadhb laethúil is ea é Seán a bheith ag bualadh, ag brú nó ag ciceáil daltaí eile, go háirithe sa chlós nuair nach mbíonn duine fásta ag tacú leis go díreach.*

**Achoimre ar riachtanais speisialta oideachais**

*(Riachtanais speisialta oideachais an dalta)*

*Tá riachtanais speisialta oideachais ag Seán i gcónaí i dtaca lena dheacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta.*

**Soláthar speisialta oideachais**

*(Na seirbhísí tacaíochta speisialta oideachais agus seirbhísí gaolmhara a chuirfear ar fáil don dalta)*

- *Soláthar leanúnach ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide (ó Leithdháileadh Ginearálta na scoile)*
- *Tacaíocht leanúnach maidir le scileanna sóisialta*
- *Breithniú a dhéanamh ar thacaíocht ranga a sholáthar chun cairdeas a éascú agus córais a fhorbairt chun cabhrú le Seán dul i mbun oibre ar a chonlán féin.*
- *Cur chuige féinmhonatóireachta a bhunú chun cabhrú leis a lámh a chur suas sa rang.*
- *Córas airíochtaí a bhunú chun díriú ar iompraíocht sa chlós.*

**Breis eolais**

*Rachaidh múinteoirí Sheáin i gcomhairle le síceolaí oideachais na scoile ar bhonn leanúnach,faoi mar a rinneadh go dtí seo. I ngeall ar údar imní mar gheall ar scileanna tuisceana Sheáin, déanfaidh a thuismitheoirí é a atreorú chuig seirbhís teiripe urlabhra agus teanga. Comhroinnfidh a thuismitheoirí eolas síceolaíochta cliniciúla leis an bhfoireann tar éis an chéad choinne. Táthar ag súil le riachtanais Sheáin a chomhlíonadh faoi chlár Thacaíocht Scoile an chéad téarma eile má leanann sé ar aghaidh ag dul chun cinn.*

## Cás-Staidéar Emma

**Tacaíocht Scoile Móide**

**Ainm an Dalta:** Emma Ní Raghallaigh
**D.B.** xx.xx.xx
**Rang:** Rang a Sé



**EMMA**

Dalta rang a sé is ea Emma i mbunscoil bheag. Thaispeáin Emma í féin mar dhalta ciúin cúthaileach ó thosaigh sí sa scoil. Ó rang a trí i leith údair imní d'fhoireann na scoile is ea féinmheas, féinmhuinín, scileanna sóisialta agus riachtanais mhothúchánacha Emma i gcoitinne. Is beag deacracht a bhí ag Emma riamh i gcúrsaí foghlama. Cruthaíonn tástáil chaighdeánaithe ranga a rinneadh go rialta go raibh sí i gcónaí laistigh den raon meánach i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta, ó rang na naíonán sinsear go rang a trí. Tháinig athrú ar chur chuige Emma i leith a cuid oibre i rang a ceathair agus i rang a cúig agus chuaigh a scóir ar thástáil ranga chun donais. Níorbh eol aon chúis a mhíneodh an t-athrú sin. D'ainneoin nach bhfuil ag éirí chomh maith céanna léi, déanann sí gach a n-iarrtar uirthi a dhéanamh sa seomra ranga, faoi mar a rinne sí i gcónaí.

Thug foireann na scoile faoi deara go raibh grúpa cairde aici ach go mbíodh sí ar imeall an ghrúpa i gcónaí. Mar leanbh míshona a thagann sí i láthair. Ag an mbaile, thuairiscigh a tuismitheoirí gur fearr léi am a chaitheamh ina haonar ina seomra ná bheith ag súgradh leis an gclann nó le cairde.

**AINM AN DALTA** Emma Ní Raghallaigh | **DB** xx/xx/xx | **RANG** Rang 6

### Bearta a rinneadh ar leibhéal Thacaíocht Ranga

Ar leibhéal Thacaíocht Ranga, cuireadh na bearta agus na hidirghabhálacha seo a leanas i bhfeidhm le linn thréimhse bliana:

1. Bhí dhá chruinniú ag an múinteoir ranga leis na tuismitheoirí chun údar imní a chur in iúl, eolas a bhailiú agus breithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta. Aontaíodh go mbeadh cruinnithe athbhreithnithe ann gach sé mhí.
2. Ceapadh Córas Páirtíochta le linn am sosa.
3. Pléadh cairdeas in Am Ciorcail.
4. Thug an múinteoir jabanna tábhachtacha do Emma go rialta.
5. Tugadh aiseolas dearfach go rialta sa rang.

### Bearta a rinneadh ar leibhéal Thacaíocht Ranga

Tar éis dhá athbhreithniú agus bliain amháin de Thacaíocht Ranga, aontaíodh nár leor an dul chun cinn a bhí déanta. Le linn an dara chruinnithe athbhreithnithe, pléadh agus aontaíodh leis na tuismitheoirí, an múinteoir ranga agus an príomhoide go dtairbheodh Emma de mheasúnú agus d'idirghabháil Thacaíocht Scoile. Rinneadh an cinneadh sin de bharr na n-athruithe a bhí tugtha faoi deara i bhfeidhmíocht Emma ar scoil i gcaitheamh rang a cúig, na ndeacrachtaí leanúnacha a bhí ag Emma le piaraí agus an easpa féinmhuiníne a bhí uirthi ar scoil agus ag an mbaile.

Ar leibhéal Thacaíocht Scoile, seo a leanas na bearta a rinneadh:

1. Aontaíodh leis na tuismitheoirí, an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta go mbeadh cruinniú ann uair sa téarma.
2. Aontaíodh leithdháileadh de theagasc tacaíochta faoi Shamhail an Leithdháilte Ghinearálta. Gheobhadh Emma fiche nóiméad sa lá de theagasc tacaíochta, mar dhuine amháin i ngrúpa ceathrair. Dhíreodh an tacaíocht ar oiliúint i scileanna sóisialta agus ar fhéinmhuinín a fhorbairt.
3. *Conas a Mhothaíonn Tú? Scála Rátála* le bheith curtha i bhfeidhm ar bhonn duine le duine, le linn an teagaisc tacaíochta (Féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 3 *Conas a Mhothaíonn Tú?)*
4. Beidh Emma páirteach i gclár piarléitheoireachta - léifidh sí in éineacht le dalta ó na naíonáin shinsearacha.
5. Tar éis dul i gcomhairle le síceolaí NEPS, aontaíodh go gcasfadh an síceolaí ar na tuismitheoirí agus ar an múinteoir ranga, chun údair imní mar gheall ar Emma agus straitéisí tacaíochta a phlé.

Agus *Conas a Mhothaíonn Tú? Scála Rátála* á chomhlánú aici in éineacht leis an múinteoir tacaíochta, d'inis Emma di gur rith smaointe mar gheall ar fhéindíobháil léi agus go raibh dialann dá mothúcháin agus líníochtaí den tslí a d'fhéadfadh sí í féin a ghortú á coimeád aici. Údar mór imní maidir le sábháilteacht agus folláine Emma ab ea an t-eolas sin don mhúinteoir tacaíochta. Cuireadh príomhoide na scoile ar an eolas láithreach. Rinne sí teagmháil le tuismitheoirí Emma agus le síceolaí NEPS. Rinne an príomhoide teagmháil le Tús Áite do Leanaí (An Roinn Sláinte agus Leanaí. 1999. *Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, Baile Átha Cliath. Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais) i ngeall ar nádúr casta an cháis agus saincheist an fhéindíobhála.

I gcomhrá teileafóin le síceolaí NEPS, aontaíodh go dtairbheodh Emma de mheasúnú agus d'idirghabháil ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide ag an tráth seo toisc nádúr an údair imní mar gheall uirthi. Chomhairligh síceolaí NEPS do phríomhoide na scoile a mholadh do thuismitheoirí Emma atreorú a lorg ón dochtúir teaghlaigh chuig an tSeirbhís Mheabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh. Aontaíodh, leis, go dtabharfadh síceolaí NEPS cuairt ar an scoil chun casadh ar thuismitheoirí Emma agus ar fhoireann na scoile chun eolas a bhailiú agus comhairle a chur ar an bhfoireann mar gheall ar idirghabhálacha scoilbhunaithe.

## Bearta ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide

**Eolas a Bhailiú**

I gcomhar leis an tSeirbhís Mheabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh aontaíodh go ndéanfadh síceolaí NEPS breathnóireacht ar Emma sa rang agus ag am spraoi. Thoiligh síceolaí NEPS casadh ar Emma. Aontaíodh dá éis go mbeadh cruinniú cás-chomhdhála ann idir tuismitheoirí Emma, foireann na scoile, síceolaí NEPS agus an tSeirbhís Mheabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh.

**Achoimre ar an anailís a rinneadh ar an eolas a bailíodh**

Léirigh an t-eolas a bailíodh go raibh smaointe mar gheall ar fhéindíobháil curtha in iúl ag Emma ar scoil agus ag an mbaile. Bhí údar imní ag foireann na scoile sna réimsí seo a leanas:

- an riosca féindíobhála
- easpa féinmhuiníne ina cumas acadúil
- deacracht ó thaobh scileanna sóisialta, m.sh. maidir le cairdeas a fhorbairt agus a chothú
- deacracht le feasacht mhothúchánach, m.sh. smaointe a chur i bhfocail

Aithníodh an dá réimse imní seo a leanas:

- Ní mór meabhairshláinte dhearfach Emma a chur ar aghaidh sa scoil.
- Tá sé deacair ar Emma comhrá a thosú agus a choimeád ag imeacht le piaraí agus leis an múinteoir ranga sa rang nó ag am sosa.
- Dealraíonn sé go bhfuil easpa treallúis ar Emma. Ní chuireann sí í féin nó a cuid smaointe chun tosaigh fiú agus eolas nó spéis ar leith aici in ábhar.
- Tuairiscíonn Emma nach bhfuil a cuid oibre sách maith agus go bhfuil sí dúr.
- Níl mórán inspreagadh ag Emma maidir le tascanna scoile.
- Ní mór do Emma bheith bainteach le spriocanna a shocrú agus a athbhreithniú.

Ceapadh Plean Oideachais Aonair (IEP).

**AINM AN DALTA** Emma Ní Raghallaigh | **RANG** Rang 6 | **Dáta** 09.01.2008

## Plean Oideachais Aonair

**Tosaíochtaí/Spriocanna fadtéarmacha**

- Tacú le folláine shóisialta agus mhothúchánach
- Scileanna cairdis frithpháirteacha a fhorbairt
- Braistint ghnóthachtála/bróid as iarracht acadúil a fhorbairt
- Scileanna comhrá cómhalartacha le piaraí agus daoine fásta a fhorbairt
- Na rudaí is fearr léi féin a chur in iúl

**Spriocanna agus straitéisí sa ghearrthéarma**

**Sprioc 1**

Cuirfidh Emma a mothúcháin in iúl don fhoireann agus dá tuismitheoirí.

**Straitéisí**

1. Sa scoil, breathnóidh an fhoireann teacht i láthair Emma, a dul chun cinn agus a gnóthachtáil agus déanfar údair imní fúthu a thaifead. Beidh teagmháil idir an scoil agus baile gach lá trí dhialann idir an baile agus an scoil. Déanfar teagmháil leis na Seirbhísí Linbh agus Teaghlaigh má thagann údar imní chun cinn.
2. Aontaíodh teagmháil sheachtainiúil a bheith ann idir na tuismitheoirí agus an múinteoir ranga.
3. Déanfaidh an príomhoide teagmháil le síceolaí NEPS ar an teileafón más gá.
4. Beartaítear cáschruinniú a bheith ann a luaithe a bheidh an measúnú tugtha chun críche ag an tSeirbhísí Mheabhairshláinte Linbh agus Teaghlaigh.
5. Cuireadh in iúl do Emma gur cheart di é a rá leis an múinteoir nó leis an múinteoir tacaíochta má bhíonn sí buartha nó má bhíonn an lá deacair uirthi ionas gur féidir léi tacaíocht a fháil. Lena chois sin, pléadh agus aontaíodh é le Emma go bhfiafródh Iníon Thompson di gach lá ag am sosa conas mar a bhí sí.

**Sprioc 2**

Déanfaidh Emma comhrá i staideanna éagsúla.

**Straitéisí**

1. Múinfidh an múinteoir tacaíochta scileanna d'Emma chun gur féidir léi comhrá a dhéanamh le dalta amháin eile sa rang teagaisc tacaíochta bunaithe ar Talkabout, A Social Communication Skills Package' (Kelly, A.,2007, Talkabout, A Social Communication Skills Package; UK, Speechmark Publishing Ltd)
2. Cleachtfaidh na tuismitheoirí scileanna comhrá le Emma gach tráthnóna ar feadh cúig nóiméad, ar thopaicí a bhaineann le saol an teaghlaigh.
3. Sa seomra ranga, misneofar Emma agus tabharfar duais di má dhéanann sí comhrá le duine amháin dá piaraí i gcaitheamh roinnt na nuachta, roimh am sosa gach lá. Bainfidh an múinteoir ranga úsáid as teicníc sochmhéadrach chun na daltaí is fearr a d'oirfeadh chun tacú le Emma sa tasc seo a aithint. (Féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 7 - *Sochghraim).*

**Sprioc 3**
Tabharfaidh Emma aiseolas ó bhéal thar ceann a páirtí, tar éis bheith rannpháirteach i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí le grúpa beag daltaí i staideanna éagsúla.

**Straitéisí:**

1. Sa seomra ranga tabharfar deiseanna d'Emma aiseolas a thabhairt thar ceann a páirtí le linn tionscadal grúpa ar chúrsaí iompair.
2. Sa rang teagaisc tacaíochta, déanfaidh Emma cluiche a phleanáil agus a ullmhú le dalta amháin eile, a imreofar le grúpa daltaí as na naíonáin shinsearacha. Comhroinnfidh Emma agus a páirtí a gcuid smaointe le hIníon Thompson. Ansin roghnóidh siad cluiche agus cleachtfaidh siad na rialacha a mhíniú d'Iníon Thompson agus do bheirt dá piaraí.
3. I gcaitheamh am sosa Dé Máirt eagróidh agus imreoidh Emma agus triúr dá piaraí gníomhaíocht le grúpa daltaí as na naíonáin. Iarrfaidh Iníon Thompson (an múinteoir tacaíochta) ar gach leanbh aiseolas a thabhairt thar ceann a páirtí nó a pháirtí, ag nochtadh rud amháin ar éirigh leis agus deacracht amháin a bhí le sárú acu sa chluiche.

**Sprioc 4**
Cuirfidh Emma a mothúcháin mar a gheall ar a dul chun cinn agus a gnóthachtáil oideachais in iúl ag deireadh gach lae.

**Straitéisí**

1. Déanfaidh Emma a mothúcháin mar gheall ar an lá a thaifeadadh sa rang tacaíochta foghlama gach iarnóin, ar *Roth mo Mhothúchán* (Féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Aonair 6). Uirlis a bheidh sa taifead chun monatóireacht agus plé a dhéanamh ar mhothúcháin agus an méid ar éirigh leis agus an méid nár éirigh leis a aithint gach lá. Múinfear straitéisí d'Emma, sa phróiseas seo, chun déileáil le deacrachtaí. D'fhéadfaí réimsí ina dteastaíonn tacaíocht uaithi ón múinteoir ranga, óna tuismitheoirí agus ón múinteoir tacaíochta a aithint, leis.
2. Léireoidh Emma a cumais acadúla i ngrúpa piarléitheoireachta struchtúrtha, ina rachaidh triúr dalta as rang a sé i mbun piarléitheoireachta le triúr dalta as na naíonáin shinsearacha.
3. Coimeádfaidh Emma agus a múinteoir ranga *Taifead Amhairc ar Dhul Chun Cinn Acadúil* , (Féach Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Aonair 7), bunaithe ar scála 10 bpointe. Ag deireadh gach ceachta, rátálfaidh Emma a mothúcháin mar gheall ar a feidhmíocht agus cuirfear é sin i gcomparáid le rátáil an mhúinteora ag deireadh an lae.
4. Ag deireadh gach lae iarrfar ar an rang ar fad, Emma ina measc, an ráiteas seo a leanas a chríochnú: "Rud amháin a raibh mé sásta leis inniu ná..."

**Sprioc 5**
Fásfaidh féinmhuinín agus féintreorú Emma ó bheith ag cur a rogha in iúl nuair a thugtar roghchlár di le linn gníomhaíochtaí éagsúla ar scoil agus ag an mbaile.

**Straitéisí**

1. Iarrfaidh an múinteoir ranga ar Emma ceann amháin de thrí ghníomhaíocht a roghnú mar chuid den 'am rogha' nó 'am órga' gach Aoine.
2. Aithneoidh agus liostóidh Emma trí chluiche ar mhaith léi a phleanáil agus a imirt le grúpa daltaí sna naíonáin shinsearacha.
3. Ag an mbaile, roghnóidh Emma gníomhaíocht a dhéanfaidh sí féin agus a máthair tráthnóna Dé hAoine, m.sh. dul go dtí an t-ionad siopadóireachta, DVD a fháil ar cíos, cuairt a thabhairt ar chara teaghlaigh/ar ghaol.

**AINM AN DALTA** Emma Ní Raghallaigh | **RANG** Rang 6

## Leathanach Athbhreithnithe ar IEP

### Dul chun cinn go Dáta

### Nearta

*(Nádúr chumais, scileanna agus buanna an dalta)*

*Tuairiscíonn tuismitheoirí agus foireann na scoile gur éirigh leo monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais mhothúchánacha Emma go dtí seo i ndialann idir an scoil agus an baile agus i dteagmháil seachtainiúil. Tá ag éirí go maith le Emma i dteagasc tacaíochta struchtúrtha mar dhuine de ghrúpa ceathrair. Tá an chuma uirthi go bhfuil sí ar a suaimhneas agus ar a compord sa rang teagaisc tacaíochta agus thuairiscigh sí go mbaineann sí taitneamh as an am sin. Cé go raibh sé deacair ar Emma comhrá a thionscnamh lena piaraí ar dtús éiríonn léi anois comhrá a thionscnamh gach maidin roimh am sosa. D'éirigh le Emma a rogha féin a aithint i staideanna struchtúrtha le linn teagasc tacaíochta sa seomra ranga agus ag an mbaile.*

### Réimsí nár mhór a fheabhsú/ina bhfuil deacrachtaí

*(Nádúr agus céim riachtanais speisialta oideachais an dalta agus an tionchar atá acu ar dhul chun cinn an dalta)*

- *Go sóisialta, tá sé deacair ar Emma i gcónaí tús a chur le comhrá agus glacadh le ról an treoraí i ngrúpa piaraí atá ar comhaois léi i suíomh ranga.*
- *Maidir le rath acadúil, leanann Emma de rátáil níos ísle a thabhairt dá hiarrachtaí acadúla ná mar a thugann an múinteoir di gach lá.*

### Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais

*(Riachtanais speisialta oideachais an dalta)*

*Tá riachtanais speisialta oideachais ag Emma i gcónaí maidir lena deacrachtaí mothúchánacha agus sóisialta. Údar imní i gcónaí is ea saincheist an fhéinghortaithe.*

### Soláthar Speisialta Oideachais

*(Na seirbhísí tacaíochta speisialta oideachais agus seirbhísí gaolmhara a chuirfear ar fáil don dalta)*

- *Leanfar de thacaíocht a chur ar fáil d'Emma ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide.*
- *Leanfaidh Emma de bheith ag freastal ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh.*
- *Leanfar de dhul i gcomhairle le síceolaí NEPS uair sa mhí go ceann trí mhí, nó déanfar teagmháil fóin leis/léi más gá.*
- *Leanfar de straitéisí a chothódh meabhairshláinte dhearfach. Lena chois sin, aontaíodh ag an gcáschruinniú leis na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh go dtabharfadh an cásoibrí aiseolas agus ionchur don scoil gach sé seachtaine. Aontaíodh go mbeadh teagmháil teileafóin ann idir chruinnithe agus go gcuirfí gach taobh ar an eolas mar gheall ar straitéisí do riachtanais mhothúchánacha.*
- *Tabharfaidh an múinteoir ranga aiseolas amhairc agus ó bhéal roimh am sosa, am lóin agus am dul abhaile gach lá.*

### Breis eolais

*Roinneadh eolas ar nádúr riachtanais Emma ag an gcáschruinniú ar thuismitheoirí, ar fhoireann na scoile, ar bhaill foirne ó na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh.agus ar shíceolaí NEPS. Léiríodh gur deacair d'Emma labhairt le daoine ar scoil agus go gcreideann sí nach dtaitníonn sí lena piaraí. Thuairiscigh sí ardleibhéil imní maidir lena feidhmíocht scoile. Maidir le féindíobháil, tuairiscíodh gur riosca suntasach a bhí ann agus go raibh tacaíocht leanúnach á tairiscint d'Emma faoi láthair.*

# Aguisín 1

# Doiciméid Acmhainne

| Aguisín 1 - Doiciméid Acmhainne (RD) | |
|---|---|
| RD 1 | Seicliosta Bunriachtanas |
| RD 2 | Seicliosta Thimpeallacht Foghlama |
| RD3 | Seicliosta Thacaíocht Ranga |
| RD4 | Plean Thacaíocht Ranga agus Taifead Athbhreithnithe |
| RD5 | Seicliosta Thacaíocht Scoile |
| RD6 | Plean Thacaíocht Scoile |
| RD7 | Taifead Athbhreithnithe ar Thacaíocht Scoile |
| RD8 | Tacaíocht Scoile Móide - Leathanach Pleanála do Phlean Oideachais Aonair |
| RD 9 | Tacaíocht Scoile Móide - Plean Oideachais Aonair |
| RD 10 | Tacaíocht Scoile Móide - Leathanach Athbhreithnithe ar IEP |

# Seicliosta Bunriachtanas

Taispeánann an leathanach seo gur féidir le seicliosta a bheidh ina áis úsáideach chun bunriachtanais dalta a bhreithniú.

**Ainm:** ______________________________________________

Ceannteidil faoina bhféadfaí bunriachtanais dalta a bhreithniú:

- ☐ Riachtanais fiseolaíocha m.sh. an leor bia, teas agus tithíocht srl. an dalta?
- ☐ Riachtanais sábháilteachta m.sh. an leor an chosaint fhisiceach agus síceolaíoch atá ag an dalta?
- ☐ Riachtanais mhuintearais m.sh. an bhfuil dlúth-theaghlach agus dlúthchairde ag an dalta, an mbraitheann sé/sí ina b(h)all den rang?
- ☐ Riachtanais féinmheasa m.sh. an léirítear meas ar an dalta, an bhfaigheann sé/sí aiseolas dearfach ó dhaoine eile agus an léiríonn sé/sí meas orthu agus air/uirthi féin?

Gníomhartha atá bunaithe ar na ceisteanna atá thuas agus a moladh don mhúinteoir mar ghníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh:

# Seicliosta Thimpeallacht Foghlama

**Timpeallacht / Riocht Fisiceach:** Ticeáil réimse mar a bhféadfaí gníomh a dhéanamh a dhéanfadh difríocht don dalta

- [ ] Leagan amach an tseomra agus an troscáin
- [ ] Feisteas taitneamhach / a lán rudaí ar taispeáint srl.
- [ ] Teocht
- [ ] Leibhéal torainn
- [ ] Dóthain spás oibre a bheith ag daltaí agus múinteoirí
- [ ] Éascaíocht gluaiseachta sa seomra
- [ ] Soilsiú
- [ ] Suíocháin - ar aghaidh an chláir - comhoiriúnacht leis an dalta in aice léi - airde scríbhneoireachta
- [ ] Acmhainní / trealamh oiriúnach eagraithe agus ar fáil go réidh do na daltaí ar fad?

**Tosca Sóisialta / Gaolmhaireachtaí:**

- [ ] Mínítear gnáthaimh agus rialacha an tseomra ranga go soiléir, tuigeann na daltaí ar fad iad agus cuirtear i bhfeidhm go seasta iad
- [ ] Tugtar treoracha soiléire ar shlite éagsúla mar gheall ar thascanna (ó bhéal, don tsúil, comharthaí)
- [ ] Bainistítear go réidh éifeachtach athruithe ó thasc go tasc
- [ ] Bíonn a fhios ag daltaí cad é an chéad rud eile atá le déanamh, gan ceist a chur
- [ ] Bíonn an rang ar tasc, de ghnáth
- [ ] Tugtar gníomhartha éagsúla (idir ghníomhartha acadúla & ghníomhartha iompraíochta) faoi deara go rialta agus moltar iad
- [ ] Baintear úsáid as meascán de mholadh agus de dhuaiseanna
- [ ] Is féidir dóthain monatóireachta a dhéanamh ar dhaltaí le linn taisc le cinntiú go dtuigeann siad é agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh
- [ ] Bainistiú éifeachtach ar iompraíocht shuaiteach agus iompraíocht lasmuigh den tasc
- [ ] Cumarsáid agus aiseolas maith idir múinteoirí agus daltaí i dtaobh dul chun cinn

**Teagasc & Foghlaim – Modhanna, Ábhair & Gnáthaimh**

A mhéad a dhéantar na rudaí seo a leanas...

- [ ] Tascanna a shocrú de réir leibhéal, tuiscint agus scileanna na ndaltaí
- [ ] Spriocanna foghlama a chur i bhfocail shoiléire agus a chomhroinnt leis na daltaí
- [ ] Deis a thabhairt don dalta bheith páirteach i ngníomhaíochtaí inar féidir leis/léi rudaí a bhaint amach
- [ ] Na céimeanna sna spriocanna foghlama a bheith sách beag le dul chun cinn a chinntiú
- [ ] Ábhar na gníomhaíochta/an taisc a bheith ina dhíol spéise don dalta
- [ ] Stíl foghlama a chur san áireamh agus tasc á shocrú: luas na gníomhaíochta, éagsúlacht na ngníomhaíochtaí, fad na ngníomhaíochtaí agus méid oiriúnach ama a thabhairt chun tasc a chríochnú
- [ ] Úsáid a bhaint as cineálacha difriúla cur chuige teagaisc
- [ ] Deis ag daltaí freagairtí éagsúla a thabhairt - ó bhéal/go praiticiúil/scríofa
- [ ] Deis ag daltaí bheith bainteach leis an gcinnteoireacht agus leis an taifeadadh
- [ ] Deis ag daltaí ginearálú/foghlaim a aistriú ó chás amháin go cás eile
- [ ] Déantar monatóireacht agus taifeadadh ar dhul chun cinn go rialta

**Gníomhaíocht Ranga**

Tá gnáthaimh curtha ar bun maidir le:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ☐ | Dul isteach sa rang | ☐ | Dul amach as an seomra ranga |
| ☐ | Acmhainní a dháileadh ar an rang | ☐ | Acmhainní a bhailiú ón rang |
| ☐ | Cabhair a iarraidh | ☐ | Aird an ranga iomláin a iarraidh |

**Rialacha/Duaiseanna/Iarmhairtí**

Rialacha:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ☐ | Líon beag rialacha atá ann | ☐ | Socraítear iad i gcomhairle leis na daltai |
| ☐ | Tá siad ar taispeáint | | |

Maidir le duaiseanna agus iarmhairtí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ☐ | Ainmnítear iad | ☐ | Bíonn baint acu le hiompraíocht |
| ☐ | Baineann an rang ar fad tairbhe as duaiseanna | ☐ | Duaiseanna insroichte a thairgtear |
| ☐ | Tuigeann na daltaí na pionóis agus is pionóis chothroma iad | ☐ | Cuirtear pionóis i bhfeidhm go seasta |

**Timpeallacht Scoile**

Ticeáil na réimsí inar gá athrú a dhéanamh

| | | |
|---|---|---|
| ☐ | An clós imeartha | leagan amach \| trealamh \| maoirseacht \| rialacha |
| ☐ | Aistriú: gnáthaimh éifeachtacha maidir le | bogadh timpeall na scoile \| seasamh i líne \| pasáistí |
| ☐ | Am sosa/am lóin | rialacha soiléire simplí \| duaiseanna agus iarmhairtí soiléire \| gníomhaíochtaí a bheith ar fáil |
| ☐ | Tacaíocht foirne | pléann an fhoireann na deacrachtaí |
| ☐ | Beartas | tá beartas iompraíochta ann<br>tuigeann an fhoireann an beartas agus tá sé aontaithe acu<br>tá raon duaiseanna ann le haghaidh dea-iompraíocht sa rang, sa chlós agus ar fud na scoile<br>raon pionós i bhfeidhm<br>baintear úsáid as raon straitéisí chun iompraíocht a bhainistiú<br>déantar measúnú agus monatóireacht ar iompraíocht |

# Seicliosta Thacaíocht Ranga

**AINM AN DALTA:** | **DB** | **RANG** | **DÁTA**

| EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | ACHOIMRE AR AN EOLAS |
|---|---|---|
| I gcomhairle leis na tuismitheoirí? | | |
| Eolas a bailíodh ón scoil roimhe seo, nó ó iar-mhúinteoirí | | |
| Éisteacht | | |
| Radharc | | |
| Scileanna Luaile | | |
| Riachtanais Mhíochaine | | |
| Seicliosta na mBunriachtanas comhlánaithe | | |
| Measúnú foghlama - scagadh, tástáil gnóthachtála, más cuí | | |

| EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | ACHOIMRE AR AN EOLAS |
|---|---|---|
| Breathnóireacht ar stíl foghlama / cur chuige i leith na foghlama | | |
| Breathnóireacht ar iompraíocht | | |
| Agallamh leis an dalta | | |
| Obair dhifreáilte ranga | | |
| Timpeallacht foghlamtha curtha in oiriúint | | |
| Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint? | | |
| I gcomhairle go neamhfhoirmiúil le gairmithe lasmuigh? | | |
| GNÍOMH AG TEASTÁIL | | |
| GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN BHFOIREANN CHUÍ | | |

# Plean Thacaíocht Ranga agus Taifead Athbhreithnithe

**AINM AN DALTA:** | **DB** | **RANG** | **Dáta**

| **ÁR N-ÚDAIR IMNÍ** | **DÁTAÍ & RÁITIS ATHBHREITHNITHE** |
|---|---|
| | |

**IS DÓIGH LINN GURB É IS CÚIS LEIS**

**NA STRAITÉISÍ A BHEIDH AGAINN:**

**BEIDH A FHIOS AGAINN GO BHFUIL FEABHAS AR AN SCÉAL NUAIR A**

**AN tATHBHREITHNIÚ (dáta, am, agus an té a thionólfaidh)**

Síniú: Múinteoir ______________________________ Tuismitheoir ________________________________________

| **DÁTA AN ATHBHREITHNITHE** | **I LÁTHAIR:** |
|---|---|
| | |

**DÁTA AN DARA ATHBHREITHNITHE**

# Seicliosta Thacaíocht Scoile

**AINM AN DALTA:** | **DB** | **RANG** | **DÁTA**

| EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | RÁITIS |
|---|---|---|
| I gcomhairle leis na tuismitheoirí? | | |
| Eolas bailithe ón scoil/naíscoil roimhe sin? | | |
| Éisteacht | | |
| Radharc | | |
| Scileanna Luaile | | |
| Riachtanais Mhíochaine | | |
| Seicliosta na mBunriachtanas comhlánaithe | | |
| Measúnú foghlama - scagadh, tástáil gnóthachtála, más cuí | | |
| Breathnóireacht ar an stíl foghlama/ cur chuige i leith na foghlama | | |
| Breathnóireacht ar iompraíocht | | |
| Agallamh leis an dalta | | |
| Obair dhifreáilte ranga | | |
| Timpeallacht foghlamtha curtha in oiriúint | | |
| Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint? | | |
| I gcomhairle go neamhfhoirmiúil le gairmithe lasmuigh? | | |
| Ionchur díreach ó mhúinteoir/í tacaíochta | | |
| Idirghabhálacha eile atá i bhfeidhm sa scoil | | |
| **GNÍOMH AG TEASTÁIL** | | |

# Plean Thacaíocht Scoile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **AINM AN DALTA:** | **Rang** | **Dáta Tosaigh** | **Múinteoir comhordaithe** |
| **Dáta an Athbhreithnithe** | | | |

## NEARTA AGUS SPÉISEANNA AN DALTA

## CÉARD A MHÚINFEAR

## CONAS É A MHÚINEADH (acmhainní, ábhair, nearta

## CÉN DUINE, CÁ HÁIT, CATHAIN

## CRITÉIR RATHA

## DÁTA AN ATHBHREITHNITHE & RÁITIS

| AINM AN DALTA: | Rang | Dáta Tosaigh | Múinteoir comhordaithe |
|---|---|---|---|
| Dáta an Athbhreithnithe | | | |

## NEARTA AGUS SPÉISEANNA AN DALTA

## PRÍOMH-ÚDAIR IMNÍ

## LE BAINT AMACH AGAINN (SPRIOCANNA)

## NA STRAITÉISÍ A BHEIDH AGAINN:

## AN FHOIREANN A BHEIDH PÁIRTEACH AGUS NA hACMHAINNÍ IS GÁ:

## COMHARTHAÍ GO BHFUIL AG ÉIRÍ LINN:

## ATHBHREITHNIÚ (DÁTA, AM, AN TÉ A THIONÓLFAIDH)

Síniú: Múinteoir/í ______________________ ______________________

Tuismitheoirí ______________________ ______________________

# Taifead Athbhreithnithe ar Thacaíocht Scoile

| AINM AN DALTA: | DB | Rang | Dáta |
|---|---|---|---|

## CAD IAD NA NITHE IS MÓ A D'ÉIRIGH LEO AGUS CÉN FÁTH SIN?

## CAD IAD NA NITHE IS LÚ A D'ÉIRIGH LEO AGUS CÉN FÁTH SIN?

## CAD IAD RIACHTANAIS AN LINBH FAOI LÁTHAIR?

## CAD IAD NA GNÍOMHARTHA A MHOLTAR?

## LIOSTAIGH CONAS, CÉ, AGUS CATHAIN A DHÉANFAR NA GNÍOMHARTHA

## TUAIRIMÍ AN DALTA

## TUAIRIMÍ AN TUISMITHEORA /CHAOMHNÓRA

Síniú ______________________________ Dáta ______________________________

# Tacaíocht Scoile Móide
## Leathanach Pleanála do Phlean Oideachais Aonair

| AINM AN DALTA: | DB | Rang | Dáta |
|---|---|---|---|

| | |
|---|---|
| **Dul chun cinn go dáta/nearta**<br>Nádúr agus céim chumais, scileanna agus buanna an dalta | |
| **Réimsí nár mhór a fheabhsú/ ina bhfuil deacrachtaí**<br>Nádúr agus céim riachtanais speisialta oideachais an dalta agus an tionchar atá acu ar dhul chun cinn an dalta. | |
| **Leibhéal láithreach fheidhmíocht oideachais an dalta** | |
| **Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais an dalta** | |
| **Soláthar Speisialta Oideachais**<br>Na seirbhísí tacaíochta speisialta oideachais agus seirbhísí gaolmhara a chuirfear ar fáil don dalta | |
| **Breis eolais** | |

# Tacaíocht Scoile Móide
# Plean Oideachais Aonair

**AINM AN DALTA:** | **DB** | **RANG** | **Dáta**

| Plean Oideachais Aonair (IEP) |
| --- |
| **Tosaíochtaí/Spriocanna Fadtéarmacha** |
| **Dul chun cinn go dáta/Nearta** |
| **Spriocanna agus Straitéisí** |

Síniú (Foireann) ______________________ ______________________

Síniú Tuismitheoir/í ______________________ ______________________

Dáta ______________________

Dáta an Athbhreithnithe ______________________

# Tacaíocht Scoile Móide
# Leathanach Athbhreithnithe ar IEP

| AINM AN DALTA: | DB | Rang | Dáta |
|---|---|---|---|

| Leathanach Athbhreithnithe ar IEP | |
|---|---|
| **Dul chun cinn go dáta/nearta**<br>Nádúr agus céim chumais, scileanna agus buanna an dalta | |
| **Réimsí nár mhór a fheabhsú/ ina bhfuil deacrachtaí**<br>Nádúr agus céim riachtanais speisialta oideachais an dalta agus cibé an bhfuil tionchar acu ar dhul chun cinn an dalta. | |
| **Leibhéal láithreach fheidhmíocht oideachais an dalta** | |
| **Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais an dalta** | |
| **Soláthar Speisialta Oideachais**<br>Na seirbhísí tacaíochta speisialta oideachais agus seirbhísí gaolmhara a chuirfear ar fáil don dalta | |
| **Breis eolais** | |

# Aguisín 2:

# DOICIMÉID MHEASÚNAITHE

| Aguisín 2 - Doiciméid Mheasúnaithe (AD) | |
|---|---|
| AD 1 | Seicliosta an Mhúinteora maidir le Struchtúir agus Tacaíochtaí Ranga Uile |
| AD2 | Seicliosta Iompraíochta |
| AD 3 | Treoirlínte Breathnóireachta agus teimpléid<br>Breathnóireacht ar ghrúpa ranga<br>Taifeadadh Minicíocht Tarlaithe<br>Taifeadadh na Tréimhse<br>Sceideal Breathnóireachta TOAD |
| AD4 | Nótaí agus uirlisí ón agallamh aonair<br>Seicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil<br>Conas a Mhothaíonn Tú? Scála Rátála |
| AD 5 | Próifíl Bhreathnóireachta Scileanna Sóisialta |
| AD 6 | Iompraíocht a Thaifeadadh Laistigh de Chomhthéacs - ABC |
| AD 7 | Sochghraim |

**Doiciméad Measúnaithe 1**

# Seicliosta an Mhúinteora maidir le Struchtúir agus Tacaíochtaí Ranga Uile

| **Réimse Scile agus Táscairí** | **1 = Go hannamh**<br>**2 = Uaireanta**<br>**3 = Go minic** | | | **Sprioc Airde** | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1) Gaolmhaireachtaí agus an Timpeallacht Shóisialta** | **1** | **2** | **3** | **Tá** | **Níl** |
| Córas dearfach cumarsáide leis na tuismitheoirí | | | | | |
| Cuimsiú na dtuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile | | | | | |
| Daltaí a mhisniú chun grianghraif theaghlaigh a thabhairt isteach | | | | | |
| Deiseanna a thabhairt do dhaltaí chun eispéiris phearsanta a chomhroinnt | | | | | |
| Deiseanna a lorg chun labhairt le daltaí ar bhonn aonair | | | | | |
| Deiseanna a sholáthar do dhaltaí chun a gcuid tuairimí agus údar imní a chur in iúl | | | | | |
| Beannú do dhaltaí go pearsanta | | | | | |
| Breithlaethanta agus imeachtaí tábhachta eile a cheiliúradh | | | | | |
| Deiseanna chun aiseolas dearfach a thabhairt do leanaí | | | | | |
| Gach gnóthachtáil, cé beag é, a cheiliúradh | | | | | |
| Iarraidh ar dhaltaí cabhrú le tascanna agus freagrachtaí laethúla | | | | | |
| Deiseanna a thabhairt do leanaí féinriar a léiriú agus roghanna a dhéanamh | | | | | |
| Do chuid smaointe agus mothúchán féin a roinnt | | | | | |
| An mhuinín atá agat iontu a chur in iúl dóibh | | | | | |
| Scileanna foghlama comhoibritheacha a mhúineadh | | | | | |
| Iompraíocht dhearfach chlóis a mhúineadh do dhaltaí | | | | | |
| Daltaí a bheith ar áireamh agus rialacha ranga á n-idirbheartú | | | | | |
| Iompraíocht dhearfach ranga a mhúineadh go follasach do leanaí | | | | | |
| **2 An Timpeallacht Foghlama** | **1** | **2** | **3** | **Tá** | **Níl** |
| Curaclam difreáilte chun freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu | | | | | |
| Socruithe solúbtha grúpála a sholáthar | | | | | |
| Cothromaíocht idir ghníomhaíochtaí chun freastal ar stíleanna difriúla foghlama | | | | | |
| Gníomhaíochtaí spraoi a chur ar áireamh sa lá scoile | | | | | |
| Cothromaíocht a sholáthar idir foghlaim aonair, foghlaim i mbeirteanna agus foghlaim ghrúpa | | | | | |
| Coinne a bheith le deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa cheacht | | | | | |
| Teacht ar raon acmhainní agus ábhar foghlama | | | | | |
| **3 Eagar an tSeomra Ranga** | **1** | **2** | **3** | **Tá** | **Níl** |
| Seomra ranga taitneamhach, glan agus fáilteach a sholáthar | | | | | |
| Soilsiú, aerú agus rialú teochta oiriúnach | | | | | |
| Taispeáintí aois-oiriúnacha – a athraítear go rialta | | | | | |
| Obair daltaí ar taispeáint | | | | | |
| Éascaíocht gluaiseachta sa seomra ranga – dea-úsáid an spáis | | | | | |
| Socruithe cuí suí a bhreithniú | | | | | |
| Teacht éasca a bheith ar ábhair/leabhair/sholáthairtí | | | | | |
| Ionchais shoiléire ann maidir le hiompraíocht | | | | | |
| Gnáthaimh do bheannú agus chun slán a fhágáil | | | | | |
| Gnáthaimh chun tús agus deireadh a chur le ceachtanna | | | | | |
| Gnáthaimh chun cabhair a iarraidh | | | | | |
| Gnáthaimh maidir le glanadh suas | | | | | |
| Gnáthaimh maidir le haistriú idir ghníomhaíochtaí | | | | | |

| Réimse Scile agus Táscairí | 1 = Go hannamh<br>2 = Uaireanta<br>3 = Go minic | | | Sprioc Airde | |
|---|---|---|---|---|---|
| Cothromaíocht idir ghníomhaíochtaí sa tráthchlár - éisteacht, scríobh, obair ó bhéal, ceol, drámaíocht srl. | | | | | |
| Léiríonn an tráthchlár riachtanais daltaí a bhfuil raon deacrachtaí acu, lena n-áirítear deacrachtaí foghlama, mothúchánacha agus iompraíochta | | | | | |
| Sosanna struchtúrtha sa tráthchlár | | | | | |
| Baintear úsáid chuí as moladh agus aird | | | | | |
| Tugtar neamhaird thaicticiúil ar mhí-iompraíocht íseal-leibhéil | | | | | |
| Straitéisí in úsáid chun aird a bhaint agus a atreorú | | | | | |
| Cur chuige pleanáilte ann chun déileáil le mí-iompraíocht | | | | | |
| Cuirtear iarmhairtí i bhfeidhm ar shlí dhaingean, ciúin | | | | | |
| Athdhírítear aird ar an dalta nuair a iompraíonn sé/sí é/í féin go cuí. | | | | | |
| **4 Dearcthaí agus Iompraíocht an Mhúinteora** | **1** | **2** | **3** | **Tá** | **Níl** |
| Déanann an múinteoir machnamh ar an ngaol idir iompraíocht an dalta agus forbairt shóisialta agus mhothúchánach an dalta sin | | | | | |
| Is eol don mhúinteoir cén iompraíocht a bhrúnn 'a chnaipí nó a cnaipí féin' | | | | | |
| Is eol don mhúinteoir conas a freagairtí agus a frithghníomhartha féin a bhainistiú. | | | | | |
| Is eol don mhúinteoir cathain is ceart dó/di tacaíocht a iarraidh ar chomhghleacaithe. | | | | | |
| Bíonn an múinteoir feasach ar thuin ghutha agus chomharthaíocht choirp | | | | | |
| Cuireann an múinteoir braistint ciúnais agus féinsmachta in iúl agus iompraíocht dhúshlánach á bainistiú | | | | | |
| **5 Straitéisí Teagaisc Sóisialta agus Mothúchánacha** | **1** | **2** | **3** | **Tá** | **Níl** |
| Áirítear ar chlár OSPS fócas ar riachtanais ar leith ranga agus daltaí aonair | | | | | |

## Plean Gníomhaíochta Aonair do Mhúinteoirí

(bunaithe ar Sheicliosta an Mhúinteora le haghaidh Struchtúir agus Tacaíochtaí Ranga Uile)

| Príomhréimsí Sprice | Straitéisí a mbainfidh mé úsáid astu chun cleachtais agus tacaíochtaí nua a chur i bhfeidhm do na daltaí | Tacaíochtaí agus acmhainní a bheidh ag teastáil chun na spriocanna a bhaint amach |
|---|---|---|
| | | |
| | | |

# Seicliosta Iompraíochta

| Ainm an dalta: | Rang | Grúpa Ranga |
|---|---|---|
| Arna chomhlánú ag | | |

| Iompraíocht ar scoil | M = Den chuid is mó<br>U = Uaireanta<br>R = Riamh | | 1 = Íseal<br>2 = Meánach<br>3 = Ard |
|---|---|---|---|
| | Le tacaíocht | Gan tacaíocht | Rátáil Tosaíochta don Dalta |
| In ann bheith in am don scoil | | | |
| In ann a c(h)óta a chrochadh suas | | | |
| In ann dul isteach sa seomra rang, agus a lámha agus a chosa a choimeád ciúin agus amach ó dhaoine eile | | | |
| In ann cloí le gnáthaimh tús ranga, m.sh. suí ag a bhord agus a lámha agus a chosa a choimeád amach ó dhaoine eile | | | |
| In ann an freagra ceart a thabhairt am rolla | | | |
| In ann suí go ciúin fad atá treoracha á dtabhairt | | | |
| In ann treoracha a athrá | | | |
| In ann treoir amháin ó bhéal (m.sh. 'Stad den rud atá á dhéanamh agat') a leanúint | | | |
| In ann treoir dhá pháirt ó bhéal a leanúint (m.sh. 'Stad den rud atá á dhéanamh agat agus cuir do pheann luaidhe síos') | | | |
| In ann treoir trí pháirt ó bhéal a leanúint (m.sh. 'Stad den rud atá á dhéanamh agat, cuir do pheann luaidhe síos agus dún do leabhar') | | | |
| In ann treoir cheithre pháirt ó bhéal a leanúint (m.sh. 'Stad den rud atá á dhéanamh agat, cuir do pheann luaidhe síos, dún do leabhar agus féach sa treo seo') | | | |
| In ann trealamh a bhailiú agus a eagrú le haghaidh taisc | | | |
| In ann tús a chur le tasc gan mhoill, .i. ag an am céanna leis na daltaí eile | | | |
| In ann fanacht ar tasc ar feadh breis is 5 nóiméad | | | |
| In ann fanacht ar tasc ar feadh breis is 10 nóiméad | | | |
| In ann fanacht ar tasc ar feadh breis is 15 nóiméad | | | |
| In ann fanacht ar tasc ar feadh breis is 30 nóiméad | | | |
| In ann tasc a chríochnú | | | |
| In ann tasc a chríochnú laistigh den am tugtha | | | |
| In ann tasc amháin a chríochnú roimh dhul ar aghaidh go dtí an chéad cheann eile | | | |
| In ann aire a thabhairt d'obair chríochnaithe agus meas a léiriú air | | | |
| In ann aire a thabhairt d'obair chríochnaithe daoine eile agus meas a léiriú air | | | |
| In ann gnáthaimh a leanúint tar éis an obair a chríochnú. | | | |
| In ann aird daoine fásta a fháil go cuí m.sh. trína lámh a chur suas | | | |

# Seicliosta Iompraíochta

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm an dalta:**<br>**Arna chomhlánú ag** | **Rang** | **Grúpa Ranga** |

| Iompraíocht ar scoil | M = Den chuid is mó<br>U = Uaireanta<br>R = Riamh | | 1 = Íseal<br>2 = Meánach<br>3 = Ard |
|---|---|---|---|
| | Le tacaíocht | Gan tacaíocht | Rátáil Tosaíochta don Dalta |
| In ann éadaí a athrú don rang corpoideachais go tapa agus go ciúin | | | |
| In ann cabhrú chun trealamh corpoideachais a chur amach go sábháilte | | | |
| In ann treoracha corpoideachais a leanúint | | | |
| In ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa go sábháilte sa rang corpoideachais | | | |
| In ann fanacht ar a (h)uain ar an trealamh | | | |
| In ann a cuid oibre sa rang corpoideachais a thaispeáint don chuid eile den rang | | | |
| In ann é/í féin a ghléasadh go tapa agus go ciúin | | | |
| In ann socrú síos ag an obair go ciúin tar éis gníomhaíocht fhisiceach | | | |
| In ann suí go ciúin le linn am scéalaíochta | | | |
| In ann oibriú go sábháilte le linn gníomhaíocht phraiticiúil | | | |
| In ann páirt chuí a ghlacadh i ngníomhaíochtaí plé | | | |
| In ann páirt chuí a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceoil | | | |
| In ann suí go ciúin agus éisteacht ag am tionóil | | | |
| In ann páirt chuí a ghlacadh i dtionóil ranga | | | |
| In ann obair fhreagrach a dhéanamh le linn am tionóil | | | |
| In ann iarratais daoine fásta a chomhlíonadh | | | |
| In ann é/í féin a oiriúnú d'athrú gnáthaimh má thugtar fógra luath dó/di | | | |
| In ann é/sí féin a oiriúnú d'athrú gnáthaimh | | | |
| In ann rialacha ranga a thuiscint | | | |
| In ann cloí le rialacha ranga | | | |
| In ann cloí le gnáthaimh ranga | | | |
| In ann a thuiscint cathain is ceadmhach bogadh timpeall sa seomra ranga agus cathain nach ceadmhach | | | |
| In ann cead a iarraidh sula bhfágann sé/sí an seomra ranga | | | |
| In ann glacadh le moladh | | | |
| In ann glacadh le moladh ciúin | | | |
| In ann a thuiscint go mbíonn toradh dearfach ar dhea-iompraíocht | | | |
| In ann a thuiscint go mbíonn toradh diúltach ar mhí-iompraíocht | | | |
| In ann freagracht a ghlacadh as jab amháin ranga | | | |
| In ann slacht a chur ar an seomra ach iarraidh air/uirthi | | | |
| In ann seasamh i líne, agus a lámha agus a c(h)osa a choimeád ciúin agus amach ó dhaoine eile | | | |

# Seicliosta Iompraíochta

| Ainm an dalta: | Rang | Bliainghrúpa | |
|---|---|---|---|
| Arna chomhlánú ag | | | |

| Scileanna cumarsáide sóisialta | M = Den chuid is mó<br>U = Uaireanta<br>R = Riamh | | 1 = Íseal<br>2 = Meánach<br>3 = Ard |
|---|---|---|---|
| | Le tacaíocht | Gan tacaíocht | Rátáil Tosaíochta don Dalta |
| In ann teagmháil chuí súil a dhéanamh le daoine fásta (cuir difríochtaí cultúrtha san áireamh) | | | |
| In ann beannú go cuí do dhaoine fásta m.sh. Dia duit/Heileo | | | |
| In ann teagmháil súil a dhéanamh le piaraí | | | |
| In ann beannú go cuí do phiaraí | | | |
| In ann fanacht ar tasc agus é/í ag obair i bpéire | | | |
| In ann fanacht ar tasc agus é/í ag obair i ngrúpa triúir | | | |
| In ann fanacht ar tasc agus é/í ag obair i ngrúpa de bhreis is triúr | | | |
| In ann tús a chur le comhrá le piaraí | | | |
| In ann fanacht ar a (h)uain i gcomhrá le piaraí | | | |
| In ann uainíocht a dhéanamh i bpéire | | | |
| In ann uainíocht a dhéanamh i ngrúpa | | | |
| In ann roinnt le piar amháin | | | |
| In ann roinnt le grúpa piaraí | | | |
| In ann ráitis dhearfacha a dhéanamh le piaraí | | | |
| In ann spás cuí coirp a thabhairt do phiaraí | | | |
| In ann tuin chuí cainte a úsáid le piaraí | | | |
| In ann bheith dea-bhéasach le piaraí, m.sh. iasacht a iarraidh, buíochas a ghabháil | | | |
| In ann éifeacht a (h)iompraíochta féin ar phiaraí a thuiscint | | | |
| In ann éifeacht a (h)iompraíochta féin ar dhaoine fásta a thuiscint | | | |
| In ann dul suas chuig grúpa sa chlós agus scileanna cuí neamhbhriathartha in úsáid aige/aici | | | |
| In ann na scileanna cuí ó bhéal a úsáid chun dul isteach i gcluiche sa chlós | | | |
| In ann cluiche amháin a imirt go sábháilte le daltaí eile sa chlós | | | |
| In ann dhá chluiche a imirt go sábháilte le daltaí eile sa chlós | | | |
| In ann réiteach sábháilte a fháil ar choimhlint | | | |
| In ann é/í féin a bhaint as staideanna coimhlinte sula dtagann colg air/uirthi | | | |
| In ann paschárta a úsáid chun é/í féin a bhaint as staideanna achrannacha sula dtagann colg air/uirthi | | | |
| In ann fanacht ciúin agus é a rá le duine fásta má mhaslaítear é | | | |
| In ann tús a chur le cairdeas | | | |
| In ann cairdeas a choimeád ag imeacht | | | |

# Seicliosta Iompraíochta

Ainm an dalta: | Rang | Bliainghrúpa

Arna chomhlánú ag |

| Iompraíocht spraoighrúpa | M = Den chuid is mó<br>U = Uaireanta<br>R = Riamh | | 1 = Íseal<br>2 = Meánach<br>3 = Ard |
|---|---|---|---|
| | Le tacaíocht | Gan tacaíocht | Rátáil Tosaíochta don Dalta |
| In ann seasamh i líne, agus a lámha agus a c(h)osa a choimeád amach ó dhaoine eile | | | |
| In ann súgradh go sábháilte le daltaí eile, agus a lámha agus a c(h)osa a choimeád amach ó dhaoine eile | | | |
| In ann treoracha ó chúntóirí meán lae a leanúint | | | |
| In ann iarratais cúntóirí meán lae a chomhlíonadh | | | |
| In ann seasamh i líne, agus a lámha agus a c(h)osa a choimeád amach ó dhaoine eile | | | |
| In ann béasa cuí a úsáid ag an mbord | | | |
| In ann cloí le gnáthaimh seomra bia m.sh. plátaí a bhailiú ag deireadh an bhéile | | | |
| In ann fanacht laistigh de theorainneacha aontaithe | | | |
| In ann cloí le rialacha clóis | | | |

# Treoirlínte don Bhreathnóireacht

**An fáth go mbailítear eolas mar gheall ar iompraíocht dalta ar leith**

Bíonn ár slí féin ag gach duine dínn chun ciall a bhaint as iompraíocht. Bíonn dearcadh ar leith ag gach duine dínn ar ár n-iompraíocht féin agus ar iompraíocht daoine eile. Braitheann an dearcadh sin ar ár dtaithí agus eolas féin ar an saol. Ní mór dúinn iarracht a dhéanamh pictiúr oibiachtúil a fháil d'iompraíocht agus de fhreagairtí mothúchánacha an dalta. Is soiléire an pictiúr a fhaightear má thugaimid aird ar na rudaí a chonaiceamar, seachas léirmhíniú nó breithiúnas a dhéanamh orthu.

**Conas breathnóireacht a dhéanamh**

Is fiú eolas a bhailiú ó raon leathan foinsí toisc go bhféadfadh sé cúiseanna le hiompraíocht a nochtadh agus a shoiléiriú agus léirmhíniú mícheart a cheartú. Is cabhair é sin chun an cineál tacaíochta ab éifeachtaí a roghnú.

Chun go mbeidh an pictiúr den iompraíocht chomh cruinn agus is féidir, moltar an bhreathnóireacht a dhéanamh:

- i staideanna éagsúla, m.sh. i gceacht acadúil, i gceacht praiticiúil, sa chlós; agus ar leibhéal ranga, grúpa beag agus ar leibhéal aonair.
- is fearr an bhreathnóireacht a bheith déanta ag duine nach bhfuil ag múineadh an cheachta i dtrácht;
- is fearr an bhreathnóireacht a bheith déanta ag duine atá chomh hoibiachtúil agus is féidir.

Is minic a dhéanann múinteoirí breathnóireacht fad a bhíonn dalta ag obair le SNA nó múinteoir tacaíochta/nó i rang rince/ceoil le múinteoir ó lasmuigh den scoil.  Má iarrann múinteoir ar chomhghleacaí breathnóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim i seomra ranga moltar socruithe a dhéanamh roimh ré faoin tslí leis an aiseolas a roinnt agus chun nádúr rúnda na breathnóireachta a chur san áireamh. Ba cheart a bheith tacúil, oscailte, macánta agus íogair i gcónaí agus aiseolas á roinnt.

D'fhéadfadh breathnóireacht thaifeadta ar iompraíocht dalta agus anailís ar na torthaí eolas a sholáthar a léireodh:

- **nádúr cruinn na hiompraíochta** atá ina údar imní – cad a bhí á dhéanamh ag an dalta, ón méid a chonaic agus a chuala tú?
- **minicíocht na hiompraíochta** - uair sa tseachtain, uair sa lá, deich n-uaire sa cheacht?
- **tréimhse na hiompraíochta** - cá fhad a mhaireann an iompraíocht i dtrácht?

Chomh maith le húsáid a bhaint as aon cheann de na modhanna bailithe eolais, is féidir breathnóireacht níos mionsonraithe a dhéanamh chun cur leis an bpictiúr ar nádúr na ndeacrachtaí agus ar a gcomhthéacs. Gheofar sna leathanaigh seo a leanas roinnt smaointe agus

- Taifeadadh minicíocht tarlaithe
- Taifeadadh na tréimhse
- Seicliosta iompraíochta
- Agallaimh le daltaí

Níl i gceist gach cineál breathnóireachta a dhéanamh i gcás gach linbh. Ina ionad sin, gheofar sna hábhair seo cineálacha éagsúla cur chuige a bhféadfadh ceann nó dhó díobh a bheith úsáideach chun eolas a bhailiú mar gheall ar dheacracht ar leith.

**Úsáid a bhaint as eolas a bailíodh ó bhreathnóireacht**

D'fhéadfaí an t-eolas sin a úsáid chun: bonn eolais a sholáthar faoi na cúiseanna leis an iompraíocht; spriocanna a shocrú; agus chun bonnlíne a sholáthar óna bhféadfaí aon fheabhas a thomhas agus a éifeachtaí atá aon idirghabháil a chuirfí i bhfeidhm a mheas.

Ní i gcónaí a fheictear feabhas líneach breisíoch ar iompraíocht. Próiseas is ea é seo a mbíonn tionchar ag tosca éagsúla air. Is gnách cúlú éigin a fheiceáil in iompraíocht dalta sula dtosaíonn sí ag dul i bhfeabhas.

Ba cheart d'aon eolas a bhailítear:

- a bheith bunaithe ar an méid a chonacthas agus a chualathas;
- a bheith bunaithe ar iompraíocht an spriocdhalta i gcomparáid le hiompraíocht an chuid eile den rang
- seiceáilte ó thaobh ama.

**<u>Breathnóireacht ar ghrúpa ranga:</u>**

Go hidéalach duine éigin nach bhfuil bainteach le múineadh an cheachta agus a d'fhéadfadh a bheith oibiachtúil a ba cheart an bhreathnóireacht a dhéanamh.

**Sceideal do Bhreathnóireacht Ghinearálta Ranga**

| | |
|---|---|
| **Rang:** | **Múinteoir:** |
| **Dáta:** | **Am:** |
| **Líon na ndaltaí sa rang:** | **Nótaí breathnóireachta:** |
| **Timpeallacht:**<br>○ Leagan amach na mbinsí, an limistéar oibre, srl.<br>○ Áit suí an spriocdhalta sa rang.<br>○ An bhfuil an spriocdhalta ag obair ina aonar nó i ngrúpa? | |
| **Ábhar an cheachta:**<br>○ Cad a rinne na daltaí?<br>○ Cad a rinne an spriocdhalta?<br>○ Cad a theastaigh ón múinteoir go ndéanfadh na daltaí/an spriocdhalta? | |
| **Seachadadh an cheachta:**<br>○ An dtugann an spriocdhalta aird ar chur i láthair an mhúinteora?<br>○ An féidir leis an dalta cur i láthair an mhúinteora a fheiceáil agus a chloisteáil?<br>○ An dtugtar treoracha soiléire?<br>○ An seiceálann an múinteoir gur thuig na daltaí?<br>○ An luas cuí é?<br>○ An bhfuil gnáthaimh ann agus an gcloítear leo? | |
| **Cumarsáid sa seomra ranga:**<br>Minicíocht agus cineál na hidirghníomhaíochta (sóisialta, bainteach le hobair, dearfach, diúltach, ceisteach srl.) idir<br>○ an spriocdhalta agus an múinteoir<br>○ an múinteoir agus an spriocdhalta<br>○ an spriocdhalta agus piar<br>○ na piaraí agus an spriocdhalta | |

| | |
|---|---|
| **Bainistíocht iompraíochta:**<br>○ An úsáid a bhaintear as moladh agus pionóis i gcoitinne<br>○ An úsáid a bhaintear as moladh agus pionóis leis an spriocdhalta<br>○ An ndéantar mí-iompraíocht a bhainistiú go héifeachtach? (gan mhoill, go comhsheasmhach) | |
| **Atmaisféar agus caidreamh sa seomra ranga:**<br>○ Idirghníomhaíocht na ndaltaí leis an múinteoir i gcoitinne<br>○ Idirghníomhaíocht an spriocdhalta leis an múinteoir<br>○ Idirghníomhaíocht an mhúinteora leis an rang<br>○ Idirghníomhaíocht an mhúinteora leis an spriocdhalta | |
| **Cur chuige an dalta i leith na foghlama:**<br>○ An leanann an spriocdhalta treoracha?<br>○ Cá mhéad ama a chaitheann an rang de ghnáth ar tasc?<br>○ Cá mhéad ama a chaitheann an spriocdhalta de ghnáth ar tasc?<br>○ An mbaineann na daltaí úsáid as daltaí eile chun cuidiú leis an bhfoghlaim?<br>○ An mbaineann an spriocdhalta úsáid as daltaí eile chun cuidiú leis an bhfoghlaim?<br>○ An mbaineann na daltaí úsáid as an múinteoir chun cuidiú leis an bhfoghlaim?<br>○ An mbaineann an spriocdhalta úsáid as an múinteoir chun cuidiú leis an bhfoghlaim?<br>○ An raibh fonn ar an rang an tasc socraithe a dhéanamh?<br>○ An raibh fonn ar an spriocdhalta an tasc socraithe a dhéanamh? | |
| **Torthaí ceachta:**<br>○ An raibh an t-eolas agus an tuiscint riachtanach ag an dalta chun an tasc a chríochnú?<br>○ An raibh an spriocdhalta in ann na hábhair a úsáid/ar cuireadh na hábhair ar fáil?<br>○ Cad a bhain an spriocdhalta amach sa cheacht?<br>○ Cad a bhain an rang amach sa cheacht? | |
| **Aon eolas ábhartha eile** | |

**Taifeadadh Minicíocht Tarlaithe**

Cineálacha iompraíochta a bhfuil tús agus críoch shoiléir leo, m.sh. rudaí a chaitheamh, dalta eile a phriocadh, an suíochán a fhágáil, ag caint as uain, is féidir iad a chomhaireamh le córas scóir a thugann comhaireamh minicíochta.

Bain úsáid as na leathanaigh bhreathnóireachta a chuirtear ar fáil agus nótáil cá mhéad uair a tharlaíonn iompraíocht ar leith i dtréimhse ar leith.

D'fhéadfadh taifeadtaí de thréimhsí gearra cúpla uair sa lá pátrún a nochtadh in iompraíocht dalta, m.sh. an bhfuil nasc idir í agus tasc ar leith, nó an dtarlaíonn sé fad a bhíonn sé/sí ina s(h)uí in aice duine/daoine ar leith.

| | |
|---|---|
| **Ainm an dalta**...................................<br>**Dáta:** .....................<br>**Am:** **ó**............ **go** ............<br>**Iomlán don seisiún** ........................ | **An Iompraíocht a Breathnaíodh**<br>.............................................................................................................................<br>**Scór:** |

| | |
|---|---|
| **Ainm an dalta**...................................<br>**Dáta:** .....................<br>**Am:** **ó**............ **go** ............<br>**Iomlán don seisiún** ........................ | **An Iompraíocht a Breathnaíodh**<br>.............................................................................................................................<br>**Scór:** |

| | |
|---|---|
| **Ainm an dalta**……………………………… | **An Iompraíocht a Breathnaíodh** |
| **Dáta:** ………………… | ……………………………………………………………………………………………………… |
| **Am: ó**……….. **go** ……….. | **Scór:** |
| **Iomlán don seisiún** …………………… | |

Birmingham City Council Education and Learning Service. 2001. *Behaviour in Schools: Getting Started, Framework for Intervention,* Birmingham City Council

**Taifeadadh tréimhse:**

Is cuí an modh seo a úsáid i gcás iompraíochta gur dóigh go mairfidh dóibh, m.sh. ráigeanna teasaíochta, iompraíocht ionsaitheach, fánaíocht timpeall an tseomra ranga. Is fiú tréimhse iompraíochta a amú chun bonnlíne a sholáthar sula dtugtar isteach idirghabháil a d'fhéachfadh leis an iompraíocht sin a mhaolú.

- Bain úsáid as an leagan amach thíos.
- Taifead an iompraíocht agus an fad a mhaireann siad.
- D'fhéadfaí cineálacha difriúla iompraíochta a thaifeadadh más gá.

Ainm an dalta………………………………

Dáta breithe………………………………………………………

Dáta na breathnóireachta…………………………

An té a rinne an bhreathnóireacht …………………………

| Am | Tasc | Iompraíocht | Fad (nóiméid agus soicind) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**<u>Sceideal Breathnóireachta TOAD</u>**

Leis an gcóras TOAD is féidir eolas a bhailiú mar gheall ar cheithre cinn de chineálacha iompraíochta sa seomra ranga. Is iad na ceithre chineál iompraíochta: Ag Caint as Uain, Bheith as an Suíochán, Fadhbanna Airde agus Cur Isteach.

Is gnách iompraíocht a bhreathnú ag eatraimh 15, 30 nó 60 soicind. Ciallaíonn sin go dtugtar tic gach 15 (30, 60) soicind má tá aon cheann de na ceithre iompraíocht ar siúl ag an dalta. Breathnaítear gach ceann de na ceithre iompraíocht ag an am céanna.

**<u>Ag caint as uain</u>**
Rudaí a deir an dalta gan ceist dhíreach a bheith curtha air nó uirthi, rudaí a deirtear gan chead, leis an múinteoir nó le daltaí eile, ag amanna mí-oiriúnacha.

**<u>Bheith as suíochán</u>**
Ní bhíonn an dalta ina s(h)uí ar a c(h)athaoir tráth a mbíonn súil leis an rang a bheith ina suí ar a gcathaoireacha. Ní áirítear bheith ar ghlúine ar an gcathaoir; ní mór don dalta a bheith imithe as a (h)áit.

**<u>Fadhbanna Airde</u>**
Níl obair neamhspleách ná gníomhaíocht ghrúpa ar siúl ag an dalta. Tá rud éigin ar siúl ag an dalta nach é an rud atá ceaptha dó nó di. Áirítear air sin gan a bheith ag cloí le treoracha an mhúinteora.

**<u>Cur Isteach</u>**
Cuireann a bhfuil ar siúl ag an dalta isteach ar dhaltaí eile agus ar a gcuid oibre. Ar áireamh anseo bheadh torann nó teagmháil fhisiceach a dhéanamh, le hintinn nó gan intinn.

## Sceideal Breathnóireachta TOAD

| | | |
|---|---|---|
| Dalta: | Dáta: | Eatramh |
| Múinteoir: | Am Tosaigh: | 15 soicind |
| Gníomhaíocht: | Am Críochnaithe: | 30 soicind |
| Breathnóir: | Áit: | 60 soicind |

| Eatramh | T | O | A | D |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| 7 | | | | |
| 8 | | | | |
| 9 | | | | |
| 10 | | | | |
| Iomlán | | | | |
| Roinn ar a 10 | | | | |

**Léirmhíniú**

1. Suimigh líon na bpointí i ngach catagóir (T,O,A,D) agus roinn ar a 10 chun meán na gcineálacha iompraíochta i ngach catagóir a fháil.

2. Cuir an figiúr seo i gcomparáid le dalta amháin nó dhó nach mbraitear go bhfuil fadhb iompraíochta acu.

3. Déan arís é ag eatraimh chun tomhas a sholáthar den athrú tar éis clár idirghabhála.

# Seicliosta: Mo smaointe mar gheall ar an scoil

**Nótaí maidir le húsáid**

**Agallamh leis an dalta:**

Bíonn sé tábhachtach i gcónaí a fháil amach cé chomh feasach atá dalta ar a dheacrachtaí nó a deacrachtaí féin, agus an tuiscint atá acu orthu. D'fhéadfadh cúis mhaith a bheith le freagairtí mothúchánacha agus iompraíochta atá á dtaispeáint acu, agus miniú a bheith orthu. Má tá conradh simplí iompraíochta nó monatóireacht ar iompar i gceist agat, beidh tacaíocht an dalta de dhíth agus ní mór duit a bheith cinnte go bhfuil siad sásta leis na hathruithe atá beartaithe agat. Muna bhfuil an dalta sásta leis an athrú beartaithe, d'fhéadfadh roinnt seisiún a bheith ag teastáil chun iad a dhéanamh feasach ar a n-iompraíocht féin agus ar an tionchar diúltach atá aici orthu féin agus ar dhaoine eile, leis, b'fhéidir. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach féachaint go cúramach ar an méid a fhaigheann an dalta as an iompraíocht dhearfach nó as an fhreagairt mhothúchánach agus é sin a athrú.

**Ceisteanna molta:**

- Fiafraigh den dalta cad é a mhothaíonn sé/sí mar gheall air/uirthi féin, an múinteoir, ceachtanna agus obair, cairde, an rang.
- Fiafraigh díobh an eol dóibh cad é an t-údar imní nó cad atá ag cur isteach orthu / ar dhaoine eile.
- Déan iarracht tosú le ceisteanna éasca struchtúrtha agus dearfacha chun an dalta a chur ar a c(h)ompord (m.sh cad is maith leat a dhéanamh sa scoil nó lasmuigh de?) agus dul ar aghaidh ansin chuig ceisteanna níos oscailte, m.sh.
    - Inis dom cuid de na rudaí a dhéanann tú a mbíonn an múinteoir sásta leo.
    - Inis dom cuid de na rudaí a chuireann isteach ar an múinteoir nó ar dhaltaí eile, de réir dealraimh?
    - Inis dom cuid de na rudaí a dhéanann an múinteoir a thaitníonn leat.
    - Inis dom cuid de na rudaí a dhéanann an múinteoir nach dtaitníonn leat.

Déan iarracht a fháil amach conas a mhothaíonn an dalta ar na hócáidí sin.

- An dóigh leis an dalta gur fadhb iad na freagairtí sóisialta/iompraíochta/mothúchánacha atá á léiriú aige/aici?
- An dteastaíonn ón dalta rud éigin a dhéanamh chun an iompraíocht sin a athrú?
- Cén duine ar mhaith leo go dtabharfadh sé nó sí aird orthu dá ndéanfadh siad athrú dearfach?
- Cá háit agus le cén duine sa scoil a mbraitheann siad sábháilte agus sona?
- Má bhíonn sé deacair ar an dalta freagra a chur i bhfocail, iarr orthu é a tharraingt nó a scríobh.

**Beidh ort a mhíniú don dalta go gcoimeádfaidh tú an méid a deir siad faoi rún ach amháin má deir siad leat go bhfuil siad gortaithe nó i mbaol nó tá duine éigin eile gortaithe nó i mbaol. Ní mór duit é a dhearbhú dóibh go n-inseoidh tú dóibh é má tá ar intinn agat aon rud a deir siad leat a phlé le haon duine eile.**

# Seicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil



AINM AN DALTA: | RANG | Dáta

Seo iad na rudaí is fearr liom ar scoil:

Seo iad na rudaí nach maith liom ar scoil:

Seo iad na rudaí a bhfuilim go maith chucu:





Seo iad na rudaí atá deacair orm:



Bím sona sa rang nuair:

Bím sona i gcaitheamh am sosa agus am lóin nuair:


Seo iad mo chairde:

Bíonn cabhair ag teastáil uaim le:

D'fhéadfadh múinteoirí cabhrú liom trí:

Seo a déarfadh mo thuismitheoirí fúm:

Seo a déarfadh mo thuismitheoirí fúm:

| *D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur má tá deacracht mhothúchánach nó iompraíochta ag an dalta ar scoil:* |
|---|
| **Seo iad na daoine fásta is mó a réitím leo sa scoil:** |
| **Bím i dtrioblóid ar scoil nuair:** |
| **Seo iad na rudaí a dhéanaim a chuireann díomá ar mo mhúinteoirí:** |
| **Seo iad na rudaí a dhéanann mo mhúinteoirí a chuireann díomá ormsa:** |
| **Seo iad na rudaí a dhéanaim a chuireann áthas ar mo mhúinteoirí:** |
| **Seo iad na rudaí a dhéanann mo mhúinteoirí a chuireann áthas orm:** |
| **Seo iad rialacha an ranga:** |
| **Má bhriseann duine ar bith riail:** |
| **Seo iad na duaiseanna is mó a thaitníonn liom:**  |
| **Seo iad na rudaí nach mór dom a athrú:**  |

# Conas a Mhothaíonn Tú?

**Déan iarracht bheith macánta anseo. Ach freagraí macánta a thabhairt, beidh tú in ann sprioc a shocrú a chabhróidh leat bheith níos sona leat féin. An tslí a mhothaíonn tú fút féin, athróidh sé sin ó lá go lá, ó sheachtain go seachtain, ag brath ar a bhfuil ag tarlú i do shaol ag am ar bith. Déan iarracht an tslí a mhothaíonn tú formhór an ama a léiriú sna freagraí a thugann tú ar na ceisteanna. Roghnaigh uimhir a thaispeánfadh an áit a bhfuil tú ar gach scála.**

**0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10**
**↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓**

**Níl aon chara agam** — **Tá a lán cairde agam**

**0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10**
**↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓**

**Tá an obair thar a bheith deacair** — **Tá an obair thar a bheith éasca**

**0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10**
**↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓**

**Bím ag argóint agus ag troid le daoine eile i mo rang an t-am ar fad** — **Duine suaimhneach mé agus réitím le gach duine**

**0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10**
**↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓**

**Ní dhéanaim aon iarracht ar scoil** — **Déanaim iarracht ar iarracht an-mhór ar scoil**

0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10

↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓

| Ní maith liom mé féin mar dhuine | Bím sona i gcónaí liom féin mar dhuine |
|---|---|

0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10

↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓

| Bím i gcónaí dtrioblóid ar scoil | Iompraím mé féin go maith agus ní bhím i dtrioblóid riamh ar scoil |
|---|---|

0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10

↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓

| Bíonn díomá orm liom féin i gcónaí | Bím sásta liom féin i gcónaí |
|---|---|

0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10

↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓

| Is fuath liom m'aghaidh agus mo chorp | Bím sásta i gcónaí le m'aghaidh agus le mo chorp |
|---|---|

0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10

↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓ ↓

| Braithim nach bhfuil smacht ar bith agam ar mo shaol, gur daoine eile a shocraíonn rudaí i mo shaol | Bíonn rogha agam an t-am ar fad faoi cad a dhéanfaidh mé le mo shaol |
|---|---|

# Próifíl Bhreathnóireachta ar Scileanna Sóisialta

**Cuid 1** **Tabhair cuntas gairid ar an dalta agus é/í sa rang, agus luaigh rudaí dearfacha chomh maith le deacrachtaí.**

**Cuid 2** **IOMPRAÍOCHT A TUGADH FAOI DEARA**

Eochair: 1 Ní údar imní í
2 Údar beag imní
3 Údar measartha imní
4 Údar mór imní
5 Údar an-mhór imní

| **1. Idirghníomhaíocht Shóisialta** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| a) In ann geáitsíocht, iompar an choirp, comharthaí aghaidhe agus teagmháil súil le súil a úsáid i ngaol 1:1 | | | | | |
| b) In ann geáitsíocht, iompar an choirp, comharthaí aghaidhe agus teagmháil súil le súil a úsáid in idirghníomhaíocht ghrúpa | | | | | |
| c) In ann leideanna sóisialta a leanúint in 1:1 le daoine fásta | | | | | |
| d) In ann leideanna sóisialta a leanúint in 1:1 le daltaí eile | | | | | |
| e) In ann leideanna sóisialta a leanúint in idirghníomhaíocht ghrúpa | | | | | |
| f) In ann gníomhaíocht a roinnt le daltaí eile | | | | | |
| g) In ann gníomhaíocht a roinnt le duine fásta | | | | | |
| h) In ann cairdeas a dhéanamh le piaraí | | | | | |
| i) In ann suaimhniú / cion a lorg agus é/í trí chéile | | | | | |
| j) In ann suaimhniú / cion a thairiscint do dhaoine eile | | | | | |
| k) In ann taitneamh / pléisiúr daoine eile a roinnt leo | | | | | |
| l) In ann aithris a dhéanamh ar dhaltaí eile | | | | | |
| m) In ann aithris a dhéanamh ar dhaoine fásta | | | | | |
| n) In ann freagairtí difriúla a léiriú do dhaoine difriúla i gcásanna difriúla | | | | | |
| o) In ann freagairt go cuí do mholadh | | | | | |
| p) In ann freagairt go cuí do cháineadh | | | | | |

**Ráitis**

| 2. Cumarsáid shóisialta | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| a) In ann aird a léiriú ach glaoch ina (h)ainm air/uirthi | | | | | |
| b) In ann treoracha ó bhéal a leanúint i suíomh 1:1 | | | | | |
| c) In ann treoracha ó bhéal a leanúint i suíomh grúpa | | | | | |
| d) In ann treoracha ó bhéal a leanúint i suíomh ranga uile | | | | | |
| e) In ann uainíocht a dhéanamh i gcomhrá | | | | | |
| f) In ann tús a chur le comhrá | | | | | |
| g) In ann ábhar comhrá a athrú | | | | | |
| h) in ann comhrá cuí a choimeád ar siúl | | | | | |
| i) In ann feasacht a léiriú ar riachtanais an éisteora | | | | | |
| j) In ann comharthaí neamhbhriathartha cuí a thabhairt don éisteoir | | | | | |
| k) In ann ábhar nó stíl an chomhrá a athrú faoi mar a d'oirfeadh don éisteoir | | | | | |
| l) In ann airde agus tuin an ghutha a athrú go cuí | | | | | |
| m) In ann leideanna neamhbhriathartha a aithint agus freagairt dóibh m.sh. púic | | | | | |
| n) In ann ciall intuigthe a thuiscint | | | | | |
| o) In ann scéal samhlaíoch a insint nó a scríobh | | | | | |
| p) In ann seicheamh imeachtaí a aithris | | | | | |
| q) In ann seicheamh simplí treoracha a thabhairt | | | | | |

**Ráitis**

**Ainmnigh na trí údar imní is mó atá agat**

1.
2.
3.

**Adapted from Cumine, A., Leach, J., Stevenson, G., 2002, Asperger Syndrome, A Practical Guide for Teachers'. London, David Fulton Publisher**

# Iompraíocht a Thaifeadadh Laistigh de Chomhthéacs - ABC

**Tús Eolais**

Tar éis na nithe seo a nótáil: an timpeallacht ina dtarlaíonn an iompraíocht; an rud atá á dhéanamh ag an dalta; an mhinicíocht; fad na hiompraíochta, ní mór smaoineamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an iompraíocht i gcomhthéacs na scoile. Ach cur chuige ABC (Tuinseamh - Iompraíocht - Iarmhairt) a úsáid ag amanna agus i staideanna ar leith, is féidir léargas úsáideach a fháil ar na rudaí a spreagann iompraíocht ar leith agus ar na hiarmhairtí a choimeádann ar siúl é.

Agus dalta á bhreathnú, déan nóta de na nithe seo a leanas:

**A** Cérbh é an tuinseamh?
Cad a tharla díreach roimh an iompraíocht? M.sh. cé a bhí ina s(h)uí in aice leis an dalta?
Cad a bhí á dhéanamh acu?
Cá raibh siad?

**B** Cérbh í an iompraíocht?
Cad go díreach a chonaic tú ag tarlú?
Déan taifead den mhéid a rinne gach dalta.

**C** Cérbh iad iarmhairtí nó torthaí na hiompraíochta?
Cén réiteach a fuarthas?
Cad iad na pionóis a gearradh?
Conas mar a bhí na daltaí a bhí i gceist?
Conas mar a bhí na daltaí eile a chonaic an iompraíocht?
Conas mar a bhí an duine/na daoine fásta a bhí bainteach leis?
An raibh gach duine sásta leis an toradh?
Ar chabhraigh na hiarmhairtí chun an iompraíocht a choimeád ar siúl?

Agus breithniú á dhéanamh ar cibé an dtreisíonn na hiarmhairtí an iompraíocht, ní mór dúinn teacht ar thuairim cibé an inspreagadh dearfach nó diúltach atá taobh thiar den iompraíocht mhíchuí. Samplaí de thorthaí dearfacha ar iompraíocht threisithe: aird nó frithghníomh ó dhaoine eile; rudaí a fháil (rudaí inbhraite nó gníomhaíochtaí); spreagadh céadfach nó athrú timpeallachta. Samplaí de thorthaí diúltacha ar iompraíocht dhiúltach: seachaint (rud éigin míthaitneamhach ar nós cáineadh, obair leamh nó obair dheacair a sheachaint); éalú (ó imeacht scanrúil/ó imeacht míthaitneamhach); imeacht míthaitneamhach a bheith ciorraithe.

Cuirtear leagan amach féideartha ar fáil thall.

## Taifead Iompraíochta ABC

| | |
|---|---|
| **Dáta**……………………………………………<br><br>**Am**……………………………………………<br><br>**Suíomh**………………………………………<br><br>**Arna bhreathnú ag** ……………………………………….<br><br>**Na daltaí atá i gceist:** | **Dálaí an cháis**<br>Tosca comhshaoil/fisiceacha/bitheolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis pháirteach leis an iompraíocht. |
| **Trúigeanna/Tuinseamha**<br><br>Cá háit? Cathain? Cé? Cérbh é an tasc? | **Cad a d'fhéadfaí a athrú chun truicear a sheachaint?** |
| **Iompraíocht-** Cad a rinne an dalta?<br><br>Minicíocht (Cé chomh minic?)<br><br>Fad (Cá fhad a mhair sé?) | **Cén iompraíocht a bheadh níos fearr?** |
| **Iarmhairtí**<br>Cad a tharla?<br><br>Cérbh é freagairt daoine eile?<br><br>Ar seachnaíodh an obair?<br><br>Cérbh é freagairt an dalta ar na hiarmhairtí? | **Ar chabhraigh na hiarmhairtí chun an iompraíocht a choimeád ar siúl? Más ea, cad is gá a athrú?** |

**Anailís ar an eolas mar gheall ar fhreagairtí sóisialta/mothúchánacha/iompraíochta**

**Ceisteanna a d'fhéadfaí a chur:**

- Déan cur síos go cruinn ar an bhfreagairt iompraíochta/shóisialta/mhothúchánach.
- Cé chomh minic a tharlaíonn sé?
- Cá fhad a mhaireann sé de ghnáth?
- Cathain a tharlaíonn sé - mar shampla i gcaitheamh aon cheachta ar leith/am den lá/le grúpa daltaí ar leith?
- Cad atá á chur in iúl tríd an iompraíocht /an fhreagairt mhothúchánach?
- Conas a mhothaíonn an dalta?
- Conas a mhothaíonn tusa/Conas a mhothaíonn an múinteoir?
- Cén saghas tacaíochta atá de dhíth ar an dalta?
- Cén saghas tacaíochta atá de dhíth ar an múinteoir?
- Cén aidhm fhoriomlán a bheadh le haon idirghabháil?
- Aon rud eile nár mhór a chur san áireamh?

# Sochghraim

Féadfaidh sochghram cabhrú le múinteoir a dhéanamh amach cén dalta arbh fhearr a roghnú chun dul i mbun oibre le dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici ar mhaithe le scoileanna sóisialta grúpa, córas páirtíochta, piartheagasc srl. Nochtann sochghram daltaí aonraithe agus na daltaí is mó a bhfuil gean ag daltaí eile orthu araon. Féadfaidh daltaí a bhfuil gean ag daltaí eile orthu agus a iompraíonn iad féin go cuí bheith ina n-eiseamláirí dearfacha do dhaltaí eile. Gheofar eolas ó shochghram, leis, ar cé na daltaí a oibríonn ina n-aonar, a oibríonn i mbeirt ar leith, le cairde amháin, le daltaí den inscne chéanna nó le daltaí le cumais éagsúla. Is furasta agus is tapa é a úsáid le ranganna iomlána de leanaí seacht mbliana d'aois agus os a chionn, cláraíonn sé athruithe beaga, agus cuireann sé raon eolais úsáidí ar fáil don mhúinteoir ar shlí nach ndíríonn aird ar aon dalta ar leith.

Dhá shlí atá ann chun sochghram a úsáid.

1. Iarr ar na daltaí ainmneacha na dtriúr cairde is fearr atá acu a tharraingt nó a scríobh. Déan graf de na torthaí, .i. scríobh ainmneacha na ndaltaí ar fad a d'ainmnigh Anna mar dhuine dá bpríomhchairde i sraith Anna den tábla. Ná bac cairde a ainmníodh ach nach bhfuil sa rang. Úsáid cló Iodálach más cairdeas frithpháirteach é.

| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Anna | *Ella* | *Olivia* | Ciara | *Rebecca* | | | | |
| Ella | *Anna* | Olivia | *Ciara* | | | | | |
| Olivia | *Anna* | Claire | *Rebecca* | | | | | |
| Claire | | | | | | | | |
| Rebecca | *Anna* | Ella | *Olivia* | Claire | Ciara | | | |
| Ciara | *Ella* | Claire | | | | | | |
| Seán | Patrick | *Neil* | *Adam* | *Mark* | Joshua | | | |
| Patrick | *Joshua* | | | | | | | |
| Neil | *Seán* | *Adam* | *Mark* | Joshua | | | | |
| Adam | *Seán* | *Neil* | *Mark* | | | | | |
| Mark | *Seán* | Patrick | *Neil* | *Adam* | | | | |
| Joshua | *Patrick* | | | | | | | |

- Taispeánann an graf go roghnaíonn daltaí cairde den ghnéas céanna.
- Is iad Rebecca agus Seán na daltaí is mó a bhfuil gean orthu.
- Is í Claire an dalta is lú a bhfuil gean uirthi.
- Roghnaigh Rebecca cailín i rang níos sinsearaí mar dhuine de na cairde ab ansa léi.
- Ba chosúil go raibh dlúthchaidreamh idir ghrúpa de cheathrar buachaillí, John, Neil, Marc agus Adam.
- Ba chosúil go raibh Anna, Olivia agus Rebecca tar éis grúpa dlúthchairde a dhéanamh.

2. Slí eile le sochghram a úsáid ná leathanach oibre a chumadh, cosúil leis an gceann thíos, ina n-iarrtar ar rang daltaí naoi mbliana d'aois cá mhéad a thaitníonn sé leo bheith ag súgradh le gach duine eile sa rang. I gcás daltaí is sine ná sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos cuí iarraidh orthu cé na daltaí ar maith leo am a chaitheamh leo ag am sosa. Is fearr i gcónaí foclóir na ndaltaí féin a úsáid agus ceisteanna á gcur faoi am saor. D'fhéadfá, ar ndóigh, iarraidh orthu cé na daltaí ar maith leo bheith ag obair leo.

Ní mór an chúis leis an tasc a dhéanamh a mhíniú sula míníonn tú an tasc féin. Is cuma i ndáiríre cé na focail a úsáideann tú a fhad a thuigeann na daltaí a mbeidh le déanamh acu agus nach mbeidh aon fhreagra 'ceart' ann – nach gá ach a dtuairim féin a thabhairt.

Samplaí de shlite leis an tasc a mhíniú:

> *'Beidh tionscnamh á dhéanamh againn ar cé mar a réitímid le chéile agus ba mhaith liom féachaint ar an rang seo ar dtús.'*
>
> *'Ba mhaith liom eolas a fháil ar an tslí a réitíonn sibh le chéile ionas go mbeidh mé in ann grúpaí a chur le chéile.'*

Ná déan gealltanais nach mbeidh tú in ann a chomhlíonadh, cuir i gcás, *'Ba mhaith liom eolas a fháil ar an tslí a réitíonn sibh le chéile ionas gur féidir liom sibh a chur i ngrúpaí tionscadail le bhur gcairde.'*

Cuir ar a suaimhneas iad nach bhfeicfidh dalta amháin leathanach dalta eile. Beidh an méid a scríobhfar ar an leathanach ina rún idir tusa agus iadsan – ní nochtfaidh tú an méid a dúirt siad, ach níor cheart dóibhsean é a nochtadh ach oiread.

| Cá mhéad is maith leat bheith *ag súgradh* le gach duine eile sa rang? | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |
| | ? | | | |

# Aguisín 3

# DOICIMÉID IDIRGHABHÁLA

## 3.1 Doiciméid Idirghabhála Ranga (CID)

| 3.1 Doiciméid Idirghabhála Ranga (CID) | |
|---|---|
| CID 1 | Rialacha Ranga a Cheapadh |
| CID 2 | Straitéisí Ginearálta Bainistíocht Ranga |
| CID 3 | Neamhaird Thaicticiúil a Thabhairt ar Mhí-iompraíocht |
| CID 4 | Córas Duaiseanna Ranga Uile agus Duaiseanna Grúpa a Chur ar Bun |
| CID 5 | Focail Cheartaitheacha |
| CID 6 | Iarmhairtí |
| CID 7 | Seal Amuigh |

# Rialacha Ranga a Cheapadh

Slí is ea córas duaiseanna don rang uile chun rialacha ar leith a threisiú, comhtháthú agus comhar idir dhaltaí a chur ar aghaidh agus dea-iompraíocht i gcoitinne a threisiú sa rang. Is féidir leis an rang iomlán, grúpaí nó daoine aonair airíochtaí ranga uile a bhuachan. Is iomaí dalta a dtaitníonn se leo airíochtaí aonair a bhuachan ar son an ranga nó an ghrúpa.

**D'fhéadfaí córas duaiseanna a bhunú ar an tslí seo a leanas:**

- Iarr ar an rang an chairt duaiseanna a dhearadh. D'fhéadfaidís na leathanaigh dhuaise a tharraingt iad féin.
- Iarr ar an rang airíochtaí a roghnú don chairt duaiseanna. Airíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann:
    - greamáin
    - roinn de phictiúr a dhathú
    - carr a bhogadh ar aghaidh ar rian go dtí an chríochlíne
    - mír pháipéir a chur le slabhra páipéir go dtí go síneann sé trasna an tseomra
- Déan an phríomhdhuais a idirbheartú leis an rang agus an méid airíochtaí a bheidh ag teastáil chun an duais sin a bhuachan.
- Bíodh duaiseanna níos lú ann chun spreagadh a thabhairt do na daltaí.

Ba cheart go mbeadh an rang in ann an chéad duais a bhuachan go measartha tapa, .i. idir dhá lá agus seachtain, ag brath ar aois an ghrúpa.

**É a chur i bhfeidhm:**

1. Cuir greamán ar an gcairt nó dathaigh roinn (nó iarr ar dhalta é a dhathú) gach uair a dhéantar an dea-iompraíocht. Tabhair moladh ó bhéal chomh maith le duais chun iompraíocht a threisiú agus bíodh sé soiléir cén iompraíocht a bhuaigh an duais.
2. Déan pleanáil le haghaidh ratha trí airíochtaí ranga uile a thabhairt amach go rialta ionas gur féidir an chéad airíocht a bhuachan go tapa.
3. Ag deireadh gach lae, comhair na hairíochtaí a bronnadh agus mol an rang.
4. Ceap córas nua duaiseanna ranga uile ar an airíocht dheiridh a bheith buaite.

Léaráid de chóras duaiseanna ranga



# Straitéisí Ginearálta Bainistíocht Ranga

**1)** Fan go mbíonn tost ann agus aird an ranga agat sula labhraíonn tú leo. Beidh gá leis an iompraíocht sin a threisiú an t-am ar fad. Is féidir comhartha neamhbhriathartha a úsáid chun ciúnas a iarraidh ar an rang, e.g. 'Bosa Arda' (Féach an sampla i Roinn 3 - STRUCHTÚIR AGUS TACAÍOCHTAÍ RANGA). Ní mór don mhúinteoir sampla a thabhairt den chineál iompraíochta atá uaidh/uaithi, agus níor cheart go mbeadh sé riachtanach an guth a ardú má úsáidtear comhartha. Bí cinnte go n-aithníonn aon dalta a bhfuil deacracht iompraíochta aige/aici gur ball den rang iad agus go bhfuil guth acu sa chomhrá.

**2)** Seiceáil gur thuig na daltaí an tasc trí iarraidh orthu an méid atá le déanamh acu a insint duit.

**3)** Féach timpeall an ranga go minic agus úsáid moladh chun dea-iompraíocht i mbun oibre a threisiú – luaigh an rud atá á mholadh agat ionas go mbíonn na daltaí soiléir faoin iompraíocht a shásaíonn an múinteoir.

**4)** Bain úsáid as garsmacht (seas in aice an dalta nach bhfuil ag obair).

**5)** Bain úsáid as airíochtaí neamhbhriathartha, m.sh. 'an breathnú sa tsúil' nó méar a shíneadh chuig cóipleabhar an dalta. Atreoróidh sé sin aird an dalta ar ais chuig a c(h)uid oibre.

**6)** Déan cluiche as bheith i mbun oibre: abair go bhféachfaidh tú ar na daltaí gach cúpla nóiméad agus go dtabharfaidh tú réalta ar an gclár d'aon ghrúpa ina mbeidh na baill ar fad ag obair. Stop an rang tar éis deich nóiméad agus scríobh síos na torthaí. Bain úsáid as sin mar bhonnlíne do gach grúpa agus spreag iad leis an scór sin a fheabhsú. Más eagal leat go gcothódh an straitéis seo iomaíochas idir ghrúpaí ranga, ceap córas duaise ranga uile ina ionad sin, agus ainmnigh na daltaí atá ar tasc, agus bronn pointe i leith duais ranga uile bunaithe ar dhea-iompraíocht.

**7)** Dírigh ar iarracht agus ar ghnéithe dearfacha den obair, dá laghad iad, agus spreag na daltaí chun dul i bhfeabhas.

**8)** Bain úsáid as piartheagasc agus cuir beirteanna daltaí le cumais dhifriúla ag obair le chéile, ionas gur féidir le dalta amháin cabhrú leis an dalta eile, rud a choimeádfaidh gach duine ar tasc.

**9)** Spreag na daltaí chun obair a chríochnú laistigh den am trí mholadh agus duais a thabhairt nuair a dhéantar amhlaidh. D'fhéadfadh torthaí difriúla a bheith ar thascanna difriúla laistigh de thréimhse ama ar leith i gcás daltaí a bhfuil cumais dhifriúla acu.

**10)** Bheadh am breise ag teastáil ó dhaltaí áirithe chun glacadh le hathruithe toisc go mbíonn aistrithe deacair orthu. Gach uair a athraítear an ghníomhaíocht, abair go soiléir cén iompraíocht a bhfuil súil agat léi. Bí san airdeall idir thascanna; tá an t-am sin díreach chomh tábhachtach leis an am a chaitear ar tasc. Ullmhaigh faoi choinne na n-amanna sin, m.sh. fad a bhíonn daltaí ag glanadh, ag socrú rudaí, ag roghnú gníomhaíocht nua, ag spraoi, ag am tionóil, ar cuairt, ar turas.

# Neamhaird Thaicticiúil a Thabhairt ar Mhí-iompraíocht

Ciallaíonn seo neamhaird a thabhairt ar iompraíocht áirithe agus iompraíocht eile a mholadh.

Straitéis é seo a laghdaíonn an gá atá le haire dhiúltach a thabhairt ar mhí-iompraíocht.

Is fearr an straitéis seo a úsáid nuair
- nach bhfuil aon fhadhb shábháilteachta ann;
- is iompraíocht íseal-leibhéil é nach bhfuil ag cur isteach go ró-mhór ar an gceacht;
- nach dócha go rachaidh an iompraíocht in olcas má thugtar neamhaird uirthi.

Seo a leanas atá i gceist leis:
- gan aire dhíreach a thabhairt ar an dalta nach bhfuil á (h)iompar féin i gceart (ionas nach dtreisítear an iompraíocht trí aird a thabhairt uirthi).

- moladh a thabhairt do bheirt dhaltaí eile nó mar sin atá á n-iompar féin ar an tslí is inmhianaithe (Díríonn sé aird an dalta ar shamhlacha dea-iompraíochta).

- an iompraíocht atá á moladh a ainmniú
  (Tugtar an teachtaireacht go ndírítear aird ar dhaltaí agus iad á n-iompar féin i gceart, m.sh. má tá dalta amháin ag caint fad atá an múinteoir ag iarraidh scéal a léamh don rang, d'fhéadfadh an múinteoir an méid seo a leanas a rá: *'Maith thú, a Rachel, tá tú ag éisteacht go géar leis an scéal, agus a Sheáin, tá tú ag féachaint suas anseo agus ag éisteacht leis an scéal, maith thú').*

- an dalta a bhí i mbun na mí-íompraíochta a mholadh a luaithe a stadann sé nó sí den chaint agus go dtosaíonn sé/sí ag éisteacht – i bhfocail eile, beir orthu agus iad á n-iompar féin go cuí. (Déanann sin an iompraíocht inmhianaithe a threisiú).

Is fearr a oibríonn an cur chuige seo nuair a mhúintear don rang, leis, conas neamhaird thaicticiúil a thabhairt ar dhaltaí nach n-iompraíonn iad féin i gceart agus ar gá dóibh dul amach. Déanfaidh múinteoirí áirithe é sin a mhúineadh don rang le rólghlacadh, nó le puipéid, do na leanaí is óige.

# Córas Duaiseanna Ranga Uile agus Duaiseanna Grúpa a Chur ar Bun

**Ná bain duais de leanbh riamh.**
Má thuilleann dalta duais, ba cheart an duais a thabhairt dóibh is cuma cad a dhéanann siad ina dhiaidh sin. Má iompraíonn siad iad féin go míchuí, ba cheart déileáil leis an iompraíocht sin mar mhír ar leith i gcóras iarmhairtí. Tugann sé sin an teachtaireacht go ndéileálann an múinteoir le daltaí ar shlí chomhsheasmhach, intuartha agus go gcomhlíonann sé/sí a (h)uid gealltanas.

**Airíochtaí:**

- Greamáin
- Teastais
- Leabharmharc
- Greannáin
- Suaitheantais
- Pictiúir a dhathú
- Puzail (míreanna a bhailiú chun puzail iomlán a dhéanamh)
- Pointí
- Stampa
- Nótaí dearfacha a chur abhaile
- Nótaí dearfacha chuig an bpríomhoide
- Dearbháin le caitheamh ar a rogha gníomhaíochta

**Duaiseanna Sóisialta:**

- Cuairt ar an bpríomhoide
- Duais a bhuachan don rang ar fad
- An dea-iompraíocht a bheith luaite ag am tionóil
- Obair a bheith curtha ar taispeáint
- Ainm a bheith scríofa i leabhar 'dea-scéalta'
- Deochanna agus brioscaí

Is féidir le duaiseanna a bheith ina nduaiseanna **aonair, grúpa** agus/nó **ranga uile**.
Is féidir le teaglaim de dhuaiseanna aonair agus ranga uile a bheith an-éifeachtach. Cothaíonn sin atmaisféar dearfach sa ghrúpa agus gnóthachtáil aonair. Ach ní mór a bheith cúramach le grúpaí beag toisc gur féidir le hiomaíochas agus eascairdeas teacht chun cinn má theipeann ar dhaltaí áirithe an sprioc a shroicheadh. Ní mór do mhúinteoirí bainistíocht chúramach a dhéanamh air trí fhéachaint chuige go bhfeictear na daltaí is laige ag gnóthú duaiseanna don rang.


**Pribhléidí:**

- Bheith ar an gcéad duine sa líne
- Am breise ar a rogha gníomhaíochta
- Cabhrú leis an múinteoir
- Plandaí a uisciú/cúram d'ainmhithe/bia a thabhairt d'éin
- Suí i suíochán speisialta
- Am chun obair a dhéanamh ar chaitheamh aimsire
- Cluiche a roghnú sa rang corpoideachais
- Cúram ranga
- Éisteacht le CD
- A rogha leabhar a léamh
- Cluiche a imirt
- Scríobh ar an gclár
- Am breise ar an ríomhaire
- Ag múineadh daltaí óga
- Dul i mbun oibre ar thionscadal speisialta
- Cluiche a roghnú ag am ciorcail
- Fanacht istigh ag am sosa
- Am breise spraoi
- Físeán a roghnú ar son an ranga

**Duaiseanna nádúrtha:**

- Moladh
- Straoiseoga
- Aird dhearfach
- Marcáil rialta agus ráitis dhearfacha ar an obair
- Misniú
- Caochadh súl
- Comharthaí dearfacha, m.sh. ordóga in airde

Daltaí a bheith páirteach i nduaiseanna a bhronnadh ar a chéile



***Gathanna na gréine:***

- Tá grian ag gach dalta sa rang. (*Tá gathanna gréine réamhghearrtha ar fáil)*)
- Má fheiceann dalta amháin dalta eile ag déanamh rud maith nó rud cabhrach, is féidir leo:
    - an rud a chonaic siad a tharraingt nó a scríobh ar an nga gréine;
    - é a ghreamú ar ghrian an dalta;
    - é a shíniú nó a g(h)reamán féin a chur air.
- Ar an tslí sin bíonn baint idir gach moladh agus mír áirithe iompraíochta, cuirtear ar taispeáint go poiblí é agus is duine de phiarghrúpa an dalta féin a thugann é.
- Féadfaidh múinteoirí gathanna gréine a chur leis má fheiceann siad iompraíocht ar fiú í a mholadh.



***Bosca Poist***

- Bíonn duillíní páipéir ar fáil ar féidir le daltaí rudaí 'maithe' a fheiceann siad a scríobh nó a tharraingt orthu.
- Cuirtear na duillíní i mbosca agus léitear amach iad ag deireadh na seachtaine.
- Féadfaidh an múinteoir duillíní a scríobh agus iad a phostáil.
- Treisíonn sé sin an smaoineamh go dtéann sé chun tairbhe don rang agus don mhúinteoir araon daltaí a bheith ag cloí leis na rialacha.

# Focail Cheartaitheacha

Cad is féidir a rá le daltaí atá ciontach as mí-iompraíocht ionas:

- go scoireann siad de
- go bhfaigheann siad léargas ar an iompraíocht agus ar an éifeacht atá aici ar dhaoine eile
- nach laghdaítear a bhféinmheas?

Deir Bill Rogers gur uirlis thábhachtach í stíl na bhfocal ceartaitheach a úsáideann múinteoirí i gcúrsaí bainistíocht iompraíochta. (Rogers, B., 2000, Cracking the Hard Class: Strategies for managing the harder than average class; London; Paul Chapman Publishing) Seo a leanas cuid de na smaointe atá aige:

- Bain úsáid as teachtaireachtaí ***'fút féin'*** seachas faoin ***'dalta'***.
  I dteachtaireachtaí faoin ***'dalta'*** tugtar teachtaireacht nó rabhadh don dalta agus is teachtaireacht achrannach í de ghnáth,
  m.sh. '*Is buachaill dána tú*' . Ach teachtaireacht a thabhairt ***'fút féin'*** cabhraíonn sé leis an dalta foghlaim óna iompraíocht, m.sh. '*Nuair a deir tú rudaí gránna le daoine eile, mothaím brónach agus bíonn Seán trína chéile*'.
  I dteachtaireachtaí ***'fút féin'*** cuirtear mothúcháin in iúl i dtaobh na hiompraíochta seachas an duine féin.

- Déan idirdhealú idir an iompraíocht agus an dalta. '*Ní dalta dána í Emma ach nuair a bhuaileann sí Áine, mí-iompraíocht is ea é sin*'.

- Déan iarracht ráitis dhearfacha a úsáid. Trí chomhpháirt a bhíonn ag ráiteas dearfach:
  - An iompraíocht.............*Nuair a leag tú Marc*
  - An éifeacht.................. *ghortaigh sé a ghlúin*
  - Na mothúcháin.............*agus mothaíonn sé faoi bhrón anois agus tá díomá ormsa.*

- Déan iarracht focail dhearfacha a úsáid – ***'déan'*** seachas '***ná déan'.***
  '*Lámha suas gan glaoch amach* ' seachas '*Ná glaoigh amach*'.
  '*Féach sa treo seo agus éist, go raibh maith agat.*' seachas '*Ná labhair fad a bhímse ag caint*'.
  (*Go raibh maith agat*: is fearr é ná *más é do thoil é* chun ionchais a chur in iúl).

- Bíodh na tuairisceoirí simplí.
  '*Tá páipéar ar an urlár*' seachas '*Tá prácás déanta agat*' - seachnaítear achrann trí thuairisceoir a úsáid, ní chuirtear an milleán ar dhuine ar bith.

- Bain úsáid as focail a léiríonn rogha (Nuair/ansin – '*Nuair a bheidh an scéal léite agam beidh seans agat dul ag tarraingt*'.
  Ina dhiaidh sin/ansin
  Is ea/ansin
  '*Ba mhaith liom go gcuirfeá do chárta peile i do mhála nó é a fhágáil ar mo bhord*'.

- Úsáid focail chuimsitheacha.
  '***Inár*** *rang cuirimid na lámha suas aon rud a rá*'.

- Déan iarracht gan aird neamhriachtanach a thabhairt ar ráitis amaideacha, m.sh. tabhair neamhaird thaicticiúil air nó abair '*Ní chabhraíonn sin linn ag an nóiméad seo*' agus bog ar aghaidh leis an gceacht.
  Is féidir le greann ón múinteoir a bheith éifeachtach má réitíonn an múinteoir agus an rang go maith le chéile ach ná húsáid greann chun bheith searbhasach nó maslach. (féach *Neamhaird Thaicticiúil a thabhairt ar Iompraíocht* - Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 3)

- Má mhaslaíonn dalta amháin dalta eile os comhair an ranga, ba cheart don mhúinteoir dúshlán an chéad dalta a thabhairt.
  '*Tá riail againn sa rang seo mar gheall ar mheas a léiriú tríd an gcaint – gortaítear duine nuair a mhaslaítear é nó í'.* Tríd an *mbriathar saor* a úsáid, déantar idirdhealú idir an iompraíocht agus an dalta.

- Bain úsáid as 'Blocáil Shéimh' – tabhair an treoir nó an meabhrúchán arís sa ghuth ciúin céanna, ag súil le héisteacht, agus téigh ar aghaidh leis an gceacht.

- Bain úsáid as 'Comhaontú Páirteach' – admhaíonn an múinteoir an méid atá ráite ag an dalta, aontaíonn sé/sí leis/léi agus cuireann sé/sí i bhfocail eile é.
  *Múinteoir - 'A Thomáis, stad den chaint'.*
  *Tomás - 'Ach ní raibh mé ag caint'.*
  *Múinteoir - 'B'fhéidir nach raibh ach táim ag iarraidh ort féachaint suas anseo'.*

- Bain úsáid as comharthaí neamhbhriathartha.
  m.sh. ligean ort go bhfuil lasc fuaime á chasadh síos agat chun 'ciúnas' a chur in iúl
  m.sh. do mhéar a shíneadh chuig dalta atá ag cogaint guma agus ansin chuig an mbosca bruscair

**I gcoitinne:**

- Bí gonta
- Dírigh ar iompraíocht
- Bain úsáid as focail dhearfacha
- Seachain argóintí nó achrann
- Idirdhealaigh idir ceartú láithreach sa ghearrthéarma agus iarmhairt níos fadtéarmaí nuair a bheidh an lucht éisteachta imithe

# Iarmhairtí

Insíonn comhaontú ranga nó rialacha ranga do dhaltaí conas iad féin a iompar. Spreagadh is ea córais mholta agus duaiseanna do dhaltaí chun cloí leis an gcomhaontú ranga. Lorgóidh daltaí áirithe teorainn na hiompraíochta is inghlactha. Bíodh iarmhairtí dearfacha ar iompraíocht inghlactha ach iarmhairtí diúltacha nó pionós ar iompraíocht neamhinghlactha.

Ní mór do dhaltaí a fhoghlaim go bhfuil iarmhairtí ar iompraíocht agus is chun leasa an dalta é teorainneacha a shocrú ós rud é go gcabhraíonn sé leo bheith freagrach as a gcuid iompraíochta féin.

**Pointí nár mhiste aird a thabhairt orthu agus iarmhairtí á ndréachtú nó á gcur i bhfeidhm**

- Déan ransú smaointe in éineacht leis na daltaí mar gheall ar na hiarmhairtí gur mhaith leo a chur i bhfeidhm dóibh siúd a bhriseann rialacha ranga. Ba cheart an cinneadh deireanach a bheith ag an múinteoir agus é/í a bheith ar a c(h)ompord leis na hiarmhairtí a shocrófar.

- Gach uair is féidir, ba cheart na hiarmhairtí a bheith loighciúil agus nádúrtha, m.sh. má chaitheann tú rud nó má chuireann tú an áit in aimhréidh, ní mór duit é a ghlanadh suas, má mhaslaíonn tú duine, gabhann tú leithscéal leo.

- I gcás nach féidir iarmhairtí loighciúla nó nádúrtha a cheapadh, ceap ordlathas i measc na n-iarmhairtí. Ba cheart iad a ghrádú in ord tromchúise, m.sh. an chéad rabhadh agus rogha, an dara rabhadh agus rogha, ansin pionós níos déine ar nós 'seal amuigh'.

- Níor cheart iarmhairtí a bheith dochrach riamh go fisiceach ná go síceolaíoch, agus níor cheart dóibh an dalta a náiriú ná ceap magaidh a dhéanamh de/di os comhair an tsaoil.

- Ní gá d'iarmhairtí a bheith dian le bheith éifeachtach.

- Ba cheart na hiarmhairtí a bheith ar eolas ag an dalta agus iad a bheith ar taispeáint.

- Ní mór iarmhairtí a bheith dírithe ar an iompraíocht i dtrácht, agus ní ar an dalta.

- Is éifeachtaí iarmhairtí a chuirtear i bhfeidhm láithreach.

- Ba cheart iarmhairtí a sholáthar i bhfoirm rogha.

- Ba cheart tagairt a dhéanamh i gcónaí do rialacha agus d'iarmhairtí i nguth ciúin, cuimhnigh gur faoin gcóras seachas faoin mhúinteoir atá dúshlán á chur ag an dalta.

- Lá nua is ea gach aon lá agus déanann an dalta tús nua gach maidin.

- Ní mór deireadh a chur le hiarmhairtí muna bhfuil éifeacht leo.

# Seal Amuigh

**Céard é féin?**

Leathnú ar 'neamhaird' is ea 'seal amuigh. Bíonn ar an dalta fanacht ina (h)aonar ar feadh tamall gearr i bhfad ó gach foinse treisithe. Iarmhairt é a choimeádtar le haghaidh 'mí-iompraíocht thromchúiseach' ar nós:

- ionsaitheacht i leith múinteoirí nó daltaí eile, m.sh. bualadh, caint fíormhaslach;
- iompraíocht scriosach;
- ráta neamhchomhlíonta an-ard, m.sh. diúltú déanamh mar a iarrtar trí huaire as gach ceithre huaire.

**Buntáistí**

1. Iarmhairt láithreach is ea Seal Amuigh ar mhí-iompraíocht thromchúiseach agus is slí é chun éifeacht na mí-iompraíochta ar phiaraí a laghdú.
2. Tugann sé tamall don dalta machnamh a dhéanamh agus é/í féin a shuaimhniú agus cothaíonn sé braistint freagrachta sa dalta.
3. Tugann sé deis anála don mhúinteoir agus do na daltaí eile.
4. Slí é chun a chur in iúl nach nglacfar leis an iompraíocht agus nach mór meas a léiriú ar chearta daltaí eile agus iad a chosaint.
5. Nuair is cuid shoiléir de phlean araíonachta ranga é, d'fhéadfadh sé go nglacfaí leis mar iarmhairt iompraíochta, seachas mar bheart pionóis.
6. Tugann sé seans don mhúinteoir sampla a thaispeáint de conas déileáil go neamhionsaitheach le coimhlint.

**Córas Seal Amuigh a Chur ar Bun**

Ní mór pleanáil chúramach a dhéanamh roimh chóras Seal Amuigh a bhunú agus é a bheith mar chuid shoiléir de phlean bainistíochta ranga agus tacaíocht aige ó bheartas araíonachta scoile uile. Ba cheart an beartas Seal Amuigh a mhíniú go soiléir do thuismitheoirí. Achoimrítear thíos na céimeanna a ghabhann le Seal Amuigh a bhunú agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.

**Áit:** Sa seomra ranga bíodh cathaoir fholamh amach ó na háiteanna is gnóthaí agus ó aon acmhainn tharraingteach. Ba cheart don chathaoir a bheith san áit nach féidir leis an dalta teagmháil súl a dhéanamh le dalta eile. Bíodh ainm ar nós *cathaoir na smaointe, an chathaoir chiúin* oiriúnach. Cabhair is ea é suíomh eile a bheith aontaithe m.sh. seomra na múinteoirí do dhaltaí a dhiúltaíonn Seal Amuigh a ghlacadh ina seomra féin, nó i gcás gur cuid de sheicheamh aontaithe araíonachta é.

**Socraigh cé na cineálacha iompraíochta as a leanfaidh Seal Amuigh** Baintear úsáid as Seal Amuigh i gcás mí-iompraíocht tromchúiseach. Cabhair is ea rabhadh a thabhairt i dtaobh iompraíocht neamhchomhlíontach; ach más iompraíocht fhoréigneach í ba cheart Seal Amuigh a chur i bhfeidhm láithreach. Níor cheart go mbeadh aon amhras ar dhaltaí faoin gcineál iompraíochta as a leanann Seal Amuigh.

**Fad an tSeala Amuigh:** Slat tomhais úsáideach is ea nóiméad amháin in aghaidh gach bliain aoise suas go deich nóiméad ar a mhéad. Ní mór amadóir (m.sh. orláiste uibhe nó gainimh) a bheith agat.

**Seal Amuigh a mhúineadh do dhaltaí:** A mhíniú do dhaltaí cad iad na cineálacha iompraíochta as a leanfaidh Seal Amuigh. A mhúineadh do dhaltaí conas déileáil le Seal Amuigh, agus cleachtadh a dhéanamh air le rólghlacadh. Múin é do na daltaí le rólghlacadh conas neamhaird a thabhairt ar iompraíocht an spriocdhalta fad a bhíonn Seal Amuigh ann.

**Conas Seal Amuigh a thabhairt:** Tabhair rabhadh ar an gcéad dul síos (ach amháin más iompraíocht fhoréigneach í) agus fan ar fhreagairt an dalta. I nguth ciúin seasta, inis don dalta an rud atá déanta acu agus nach mór dóibh Seal Amuigh a dhéanamh: *'Bhuail tú Máire, bíodh Seal Amuigh agat.'* Socraigh amadóir. Cabhraíonn sé sin leis na daltaí óga nach bhfuil mórán tuisceana acu ar chúrsaí ama agus go minic suaimhníonn sé dalta bheith ag féachaint ar an ngaineamh ag dul tríd an amadóir. Ba cheart don mhúinteoir a bheith i gceannas i gcónaí, .i. is é/í an múinteoir a shocraíonn cathain a bheidh an Seal Amuigh istigh: *'A Áine, tá deireadh leis an Seal Amuigh.'*

**Nuair a bhíonn deireadh le Seal Amuigh:** Nuair a thagann dalta ar ais isteach sa rang tar éis Seal Amuigh a ghlacadh, ba cheart focal fáilte a rá leis nó léi. Ní bheadh ag teastáil ach 'tar ar ais chuig do bhord, bainimis triail eile as'. Ansin bí ag faire amach don chéad dea-iompraíocht le gur féidir í a threisiú le moladh. Má tugadh Seal Amuigh as neamhchomhlíonadh, tabhair an treoir bhunaidh arís agus bí ag faire amach don chéad deis chun comhlíontacht a threisiú (má dhiúltaítear géilleadh nó má tharlaíonn an mhí-iompraíocht arís, atosófar an seicheamh pionóis).

**Daltaí a dhiúltaíonn Seal Amuigh a dhéanamh nó a chríochnú:** I gcás daltaí óga, uaireanta is fiú iad a thabhairt go dtí an chathaoir tú féin ach é dhéanamh go foighneach. I gcás daltaí sinsearacha, is féidir nóiméad a chur leis i gcás gach diúltaithe suas le trí nóiméad sa bhreis agus ansin d'fhéadfaí rabhadh a thabhairt mar gheall ar Sheal Amuigh a ghlacadh i suíomh eile.

**Seal Amuigh a dhéanamh i seomra eile**: Ba cheart na treoirlínte thuas i dtaobh suímh agus fad ama a chur in iúl sa seomra eile, leis. Nuair a iarrtar ar dhalta Seal Amuigh a ghlacadh sa seomra aontaithe eile (seomra ranga eile) ba cheart nóta a chur in éineacht leis nó léi ina ndeirtear cá mhéad ama ar cheart dóibh a chaitheamh lasmuigh den rang.
Nuair a shroicheann an dalta an rang, ba cheart don mhúinteoir glactha a rá, '*Is féidir leat suí ansin ar feadh x nóiméad agus an t-amadóir a shocrú.'* Níor cheart aon chomhrá eile a bheith ann leis an dalta go dtí go mbíonn sé in am a rá leis an dalta gur féidir leo filleadh ar a seomra féin. Nuair a fhilleann an dalta ar an seomra ranga, fáiltíonn an múinteoir roimhe nó roimpi agus ar an gcéad ócáid is féidir molann sí/sé dea-iompraíocht chun í a threisiú.

**Seal Amuigh – Treoirlínte ginearálta eile le breithniú:**

**Rudaí le seachaint:**

- Cáineadh, ráitis dhiúltacha agus fearg, a d'fhéadfadh an mhí-iompraíocht a ghéarú
- Aird a thabhairt ar iompraíocht thánaisteach ar nós bheith ag cogar os íseal, chun nach ngéarófar an mhí-iompraíocht
- Bheith ag súil le doilíos
- Bagairtí folmha agus freagairtí moillithe; más leor an mhí-iompraíocht chun Seal Amuigh a thuilleamh nó má tugadh rabhadh, cuir an Seal Amuigh i bhfeidhm, sin nó beidh an dalta i gcónaí ag tabhairt do dhúshlán

**Taifeadadh**

Coimeádann an múinteoir taifead de dhaltaí atá ar Sheal Amuigh, den dáta agus den chúis leis. Má bhíonn Seal Amuigh ag dalta go minic, d'fhéadfadh sé nach bhféachfaí air mar phionós agus d'fhéadfadh modhanna eile a bheith riachtanach chun athrú ar iompraíocht a spreagadh. Sampla de sin is ea athrú ar dhuaiseanna agus moladh breise ar son dea-iompraíocht ar bith a léiríonn an dalta.

**Cineálacha eile Seal Amuigh**

*Ní mór an nós imeachta Seal Amuigh a ndéantar cur síos air anseo a idirdhealú ó chineálacha eile Seal Amuigh a mbaineann múinteoirí úsáid éifeachtach astu. Is iad sin*

- *modhanna coisctheacha: cúis a lorg chun dalta a bhaint as staid agus achrann ag bagairt, m..sh. chun teachtaireacht a sheachadadh;*
- *iarmhairt ar iompraíocht seachtasc nach gcuireann isteach chomh mór céanna ar an rang: an dalta a bhogadh go dtí bord ar leith chun críoch a chur lena gcuid oibre munar féidir leo oibriú go ciúin i ngrúpa;*
- *seal smaoinimh/fuaraíochta sa seomra ranga atá mar chuid de straitéis aontaithe idir an múinteoir agus dalta a bhfuil sé deacair air/uirthi smacht a choimeád ar fhreagairtí mothúchánacha.*

**Ceapadh an gnáthamh Seal Amuigh a thuairiscítear thíos mar threoir. D'fhéadfadh pleanáil níos sainiúla a bheith úsáideach, ag éirí as plé scoile uile, a bhféadfadh síceolaí oideachais na scoile a bheith bainteach leis.**

# Aguisín 3

# DOICIMÉID IDIRGHABHÁLA

## 3.2 Doiciméid ar Idirghabhálacha Aonair (IID)

| 3.2 Doiciméid ar Idirghabhálacha Aonair (IID) | |
|---|---|
| IID 1 | Córais Duaiseanna Aonair |
| IID 2 | Straitéisí chun Féinmheas agus Idirghníomhaíocht Shóisialta a Mhéadú |
| IID 3 | Féinmhonatóireacht |
| IID 4 | Cur Chuige Feidhmeach i leith Fadhbanna Iompraíochta |
| IID 5 | Féinmheas |
| IID 6 | Teicníc an Turtair |
| IID 7 | Paschártaí |
| IID 8 | Roth mo Mhothúchán |
| IID 9 | Leathanach Smaointe |
| IID 10 | Taifead Amhairc de Dhul Chun Cinn Acadúil |

# Córais Duaiseanna Aonair

Is minic a bhíonn gá le córais duaiseanna chun déileáil le hiompraíocht ar leith a tharlaíonn go minic. I gceist leis na córais sin bíonn airíochtaí ar nós greamán, ticeáil, straoiseoga, pointí.

Gnáthamh:

1. Labhair leis an dalta mar gheall ar an iompraíocht ar dóigh leo féin nó leis an múinteoir gur cheart a athrú.

2. Roghnaigh ceithre sprioc ar a mhéad a mheasann an dalta go mbeidh sé/sí in ann iad a bhaint amach. Bíodh táirge amháin ar áireamh ann ar cinnte go mbainfear amach é nó atá á bhaint amach cheana féin. (*D'fhéadfadh sé nach mbeadh daltaí áirithe in ann níos mó ná sprioc amháin a láimhsiú ag an am).*

3. Fiafraigh den dalta cé na duaiseanna a thaitneodh leo agus cén chairt duaiseanna agus airíochtaí ar mhaith leo a úsáid. (D'fhéadfadh an liosta in Aguisín 3, Doiciméad Idirghabhála Ranga 4, a bheith úsáideach chuige sin).

4. D'fhéadfá féin deacracht gach sprice a shocrú. Gheofaí níos mó airíochtaí ar son na spriocanna is deacra, m.sh. lámh a chur suas agus feitheamh ar chuireadh chun cainte ón múinteoir, d'fhéadfaí dhá airíocht a thabhairt air sin gach uair, os a choinne sin d'fhéadfaí cúig airíocht a thabhairt ar bheith ag imirt le daltaí eile ag am sosa gan iad a bhualadh. De rogha air sin, ná bac an chéim sin agus bíodh an luach céanna ar gach airíoch, m.sh. gach uair a dhéanfadh an dalta an iompraíocht inmhianaithe gheobhadh sé/sí airíoch amháin, is cuma cén sprioc é.

5. Socraigh cá mhéad airíocht a theastóidh chun na duaiseanna roghnaithe a bhuachan. Ní mór duaiseanna a thabhairt do dhaltaí go luath chun inspreagadh a chothú iontu. Sprioc ró-ard a bheadh ann céad airíocht a shocrú don chéad duais, thiocfadh lagmhisneach ar an dalta. D'fhéadfaí duais bheag a thabhairt as cúig airíoch a ghnóchan, ansin deich gcinn srl. D'fhéadfaí an phríomhdhuais a thabhairt tar éis cúig airíoch is fiche.

6. Socraigh cá háit sa seomra ranga a chuirfear an chairt ar taispeáint. D'fhéadfadh sé go dteastódh ón dalta an chairt a bheith ar taispeáint nó gan í a bheith ar taispeáint. Is iomaí cineál cairt duaise atá ann. Gheofar roinnt smaointe samplacha sa bheart seo. Is fearr don dalta an chairt duaise a bheith bunaithe ar a spéiseanna féin, m.sh. cairr, capaill, srl.

Pointí ginearálta le breithniú

- Ní mór don dalta dhá airíoch ar a laghad a bhuachan gach lá ar dtús chun inspreagadh a choiméad iontu.
- Níor cheart airíoch ná duais a bhaint de dhalta tar éis é a thabhairt di/dó.
- Athraigh na spriocanna agus na duaiseanna go minic tar éis é sin a phlé leis an dalta.
- Déan iarracht tuismitheoirí nó daoine fásta tábhachtacha eile i saol an pháiste a bheith bainteach leis an gcóras nó seol nótaí chucu ag insint dóibh cé chomh maith is atá ag éirí leis an dalta.
- Shílfeá, b'fhéidir, go bhfuil an-chuid i gceist leis an gcóras seo a chur ar bun ach déanfaidh sé ceartú an dalta agus bainistíocht iompraíochta sa seomra ranga i bhfad níos fusa.

# Sampla


**Tugtar thíos sampla de conas córas duaiseanna a thaifeadadh/monatóireacht a dhéanamh air:**

**Ainm:** **Rang:**

**Sprioc am ranga** ______________

**Sprioc am sosa** ______________

**Sprioc na seachtaine** _____________




| | Maidin | Sos Beag | Déanach ar Maidin | Sos Mór | Tar éis Lóin | Déanach san Iarnóin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dé Luain** | | | | | | |
| **Dé Máirt** | | | | | | |
| **Dé Céadaoin** | | | | | | |
| **Déardaoin** | | | | | | |
| **Dé hAoine** | | | | | | |

**Má shroichim mo sprioc gach lá beidh cead agam...**

**Má shroichim mo sprioc faoi dheireadh na seachtaine beidh cead agam...**

# Straitéisí chun Féinmheas agus Idirghníomhaíocht Shóisialta a Mhéadú



**TRAEIN CHAIRDIS**

Marcáil traein sa chlós. Iarr ar na daltaí seasamh in aice na traenach muna mbíonn páirtí súgartha acu. Nuair a thugann daltaí cuireadh do dhuine éigin atá ag feitheamh ag an traein dul isteach ina gcluiche, tabhair moladh agus greamáin dóibh mar dhuais.

**BINSE CAIRDIS**

D'fhéadfadh binse cairdis a bheith níos oiriúnaí do dhaltaí níos sine. Ceapann scoileanna áirithe áit suí nó binse mar stad cairdis. Arís, iarr ar na daltaí seasamh in aice na traenach muna mbíonn páirtí súgartha acu.



**CÓRAIS MHEANTÓIREACHTA**

Is iomaí córas meantóireachta a úsáidtear sna scoileanna. Cabhraíonn an mheantóireacht le daltaí atá aonraithe go sóisialta, nach bhfuil cairde acu nó ar lag a scileanna acadúla. Slí éifeachtach is ea iad le féinmheas agus féinmhuinín daltaí, a ndearcadh i leith na scoile, a gcuid scileanna sóisialta agus tinreamh scoile a fheabhsú. Seo a leanas roinnt samplaí de chórais mheantóireachta:

- **Córais pháirtíochta** Tar éis teicnící sochmhéadracha (féach Aguisín 2, Doiciméad Measúnaithe 6 - *Sochghram*) a úsáid agus cairdeas a bhreathnú sa chlós, déantar daltaí ón rang nó ón mbliainghrúpa céanna a mheaitseáil leis an spriocdhalta ar feadh lá amháin nó seachtaine chun dul i mbun súgartha leis an dalta sa chlós agus tacú leis/léi. Is fearr a oibríonn an córas nuair a thacaíonn múinteoir/í tacaíochta nó SNAnna leis an scéim trí chluichí a mholadh nó a mhúineadh. Is den tábhacht é go ndéanfadh múinteoirí monatóireacht dhlúth ar an gcóras seo chun a chinntiú nach nglacann na daltaí a ghníomhaíonn mar pháirtithe an iomarca freagrachta orthu féin ó thaobh aire a thabhairt don spriocdhalta. Ar an gcúis sin, is minic a mhalartaíonn múinteoirí an páirtí ó sheachtain go seachtain nó go n-ainmníonn siad scata páirtithe a rachadh i mbun oibre in éineacht leis an spriocdhalta.

- **Piarmheantóireacht:** Leathnú ar an gcóras páirtíochta is ea piarmheantóireacht. Is gnách piarmheantóireacht a eagrú trí dhaltaí i rang a sé a mheaitseáil le daltaí níos óige a d'fhéadfadh a bheith aonraithe go sóisialta nó a bhfuil fadhbanna iompraíochta acu sa chlós. Is féidir le múinteoirí tacaíochta a thaispeáint do dhaltaí conas súgradh leis na daltaí sin, éisteacht leo agus tacú leo. Trí rólghlacadh a dhéantar an oiliúint. Téann meantóireacht chun tairbhe na ndaltaí a ndéantar meantóireacht orthu agus na meantóirí féin. Féadfaidh sé dul go mór chun leasa daltaí sinsearacha a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha agus sóisialta acu iarraidh orthu tacú le daltaí is óige ná iad.



- **Piartheagasc:** Daltaí a bhfuil deacrachtaí acadúla acu, féadfaidh daltaí den aois chéanna teagasc a chur orthu nó daltaí is sine ná iad sa scoil tacú leo. Arís, téann an piartheagasc chun leasa na dteagascóirí agus na ndaltaí a fhaigheann an teagasc araon. Sampla de phiartheagasc is ea an cur chuige 'Léitheoireacht i bPéirí' a chleachtar i scoileanna. Féadfaidh daltaí sinsearacha a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu tacú le daltaí is óige ná iad sna naíonáin shóisearacha nó shinsearacha. Ní amháin go gcuirtear feabhas ar a scileanna léitheoireachta féin ach níos tábhachtaí fós, cothaíonn sé féinmhuinín, féinmheas agus braistint freagrachta iontu.





# Féinmhonatóireacht

Ach iompraíocht shuaiteach leanúnach a bheith tugtha faoi deara agus aitheanta ag múinteoir ranga, d'fhéadfaí féinmhonatóireacht a chur i bhfeidhm chun aird an dalta a dhíriú ar mhinicíocht na hiompraíochta. Samplaí den chineál iompraíochta sin is ea bheith ag caint as uain nó iompraíocht as suíochán. Bheifí ag súil úsáid a bheith bainte as straitéisí eile díreacha nó indíreacha roimh an idirghabháil sin (m.sh. garmholadh a úsáid nó meabhrú don dalta a lámh a chur suas).

**A bhfuil i gceist le féinmhonatóireacht**

1. Aithníonn an múinteoir an iompraíocht shuaiteach (m.sh. bheith ag caint as uain) agus socraíonn sé/sí bonnlíne maidir leis an iompraíocht, m.sh. seacht n-uaire idir am sosa agus am lóin ar an meán.
2. Chun aird dalta a dhíriú ar a (h)iompraíocht, labhraíonn an múinteoir leis an dalta mar gheall ar an iompraíocht agus a mhinice a tharlaíonn sí. Iarrann an múinteoir ar an dalta, ansin, minicíocht na hiompraíochta a thaifeadadh ar leathanach féinmhonatóireachta.

**Leathanach Féinmhonatóireachta 1**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm:** Tom | | **Dáta:** Dé Luain an 15 Feabhra | | | **Am:** 11.00-12.30 | |
| **Mo jab:** Taifead a dhéanamh de na hamanna a labhraím amach sa rang gan chead.<br>**Conas:** Bolgán cainte a dhathú gach uair a labhraím amach sa rang gan cead an mhúinteora. | | | | | | |
|  |  |  |  | | | |

3. Déanann an múinteoir a taifead féin de na hamanna a labhraíonn an dalta amach gan chead.
4. Socraítear tréimhse taifeadta, m.sh. idir am sosa agus am lóin, ar feadh seachtaine.
5. Ag deireadh na tréimhse aontaithe, pléann an múinteoir ranga agus an dalta na leathanaigh féinmhonatóireachta. Pléitear a mhinice a tharla an iompraíocht, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar an dalta agus ar dhaltaí eile sa rang. Chabhródh sé sin leis an múinteoir aon toisc foghlama nár aithníodh go dtí sin a chur san áireamh agus díriú uirthi.
6. Aithnítear agus pléitear iompraíocht níos inmhianaithe m.sh. lámh a chur suas, nóta a dhéanamh de rudaí ar mhaith leat a insint don mhúinteoir.
7. Socraítear sprioc agus leathanach féinmhonatóireachta i gcomhar leis an dalta, chun an iompraíocht roghnaithe a thaifeadadh.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm:** Tom | | **Dáta:** Dé Luain an 22 Feabhra | | | **Am:** 11.00-12.30 | |
| **Mo jab:** Mo lámh a chur suas chun cead cainte a fháil sa rang | | | | | **Sprioc:** 4/7 | |
|  |  |  | | | | |

8. Socraítear duais oiriúnach.
9. Aontaítear am chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Leagan amach níos mionsonraithe:

| | **Cineál na gníomhaíochta:** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta:<br>Am: | Múinteoir ag cur túis le ceacht | Ag obair ina (h)aonar | Ag obair le páirtí | Ag obair i ngrúpa | Am ciorcail ranga uile |
| Marc le haghaidh gach uair a ardaím mo lámh | | | | | |

# Cur Chuige Feidhmeach i leith Fadhbanna Iompraíochta

Féadfaidh **Treisiú Difreáilte ar Rátaí Ísle Freagartha (DRL)** a bheith úsáideach do dhalta ríogach a léiríonn ardmhinicíocht d'iompraíocht shuaiteach ar nós bheith ag glaoch amach, a bheith amuigh as an suíochán, i gcás nach bhfuil ag éirí le córas airíochtaí toisc a mhinice a tharlaíonn an iompraíocht.

- ✓ Oireann an modh seo go mór do Shuíomhanna Oideachais.
- ✓ Ní píonós é toisc nach bhfeiceann an dalta an leibhéal treisithe ag laghdú de réir a chéile go dtí nach fiú tada an méid atá fágtha.

**Teicníc**

**1)** Tugtar méid áirithe pointí nó airíochtaí do dhalta arb ionann é agus meánmhinicíocht na faidhbe. Mar shampla, d'fhéadfaí a mheas go mbíonn dalta suaiteach, neamhchomhlíontach nó taghdach cúig huaire sa lá ar an meán. Más amhlaidh, tugtar cúig phointe/ cúig straoiseog srl. don dalta.

**2)** Gach uair a tharlaíonn an mhí-iompraíocht baintear pointe den dalta / tugtar aghaidh bhrónach in ionad straoiseoige.

**3)** Má bhíonn pointe amháin/straoiseog amháin ar a laghad fágtha ag deireadh an lae, cáilíonn sé/sí do threisiú socraithe, mar shampla, greamán i leabhar a thaispeánfar do na tuismitheoirí. Is féidir greamáin a mhalartú ar dhuaiseanna ag an mbaile.

**4)** Chomh luath agus a thosaíonn an dalta ag comhlíonadh an chritéir sin go rialta (níor chóir dó sin a bheith deacair toisc go socraítear é ar ghnáthleibhéal feidhmíochta an dalta), athraítear an critéar. Mar shampla tugtar ceithre phointe/straoiseog ag tús an lae, ansin trí cinn agus mar sin de, go dtí an mbíonn an iompraíocht ar leibhéal sách íseal gur féidir an straitéis a scor.


Gné ríthábhachtach den chleachtas seo is ea an leibhéal treisithe a bheith díreach mar an gcéanna is cuma cá mhéad pointe nó straoiseog atá ag an dalta. D'fhéadfaí aiseolas scríofa a thabhairt do thuismitheoirí agus é a ghaolú le líon na bpointí/na straoiseog ag deireadh an lae.

| Sampla | 5 straoiseog | Ar fheabhas |
|---|---|---|
| | 4 straoiseog | An-mhaith |
| | 3 straoiseog | Go maith |
| | 2 straoiseog | Ceart go leor |
| | 1 straoiseog | Is trua sin |

Seo a leanas sampla de leathanach monatóireachta.

# Mo Spriocanna

**Sprioc na Seachtaine - Fanacht i mo shuíochán**



Má shroichim mo sprioc ag deireadh an lae beidh cead agam...

| | 9.20- 10.15<br>Pointí i mó phróca | 10.00- 11.00<br>Pointí i mó phróca | 11.10-12.30<br>Pointí i mó phróca | 1.00- 3.00<br>Pointí i mó phróca |
|---|---|---|---|---|
| **Dé Luain** | | | | |
| **Dé Máirt** | | | | |
| **Dé Céadaoin** | | | | |
| **Déardaoin** | | | | |
| **Dé hAoine** | | | | |

# Féinmheas

Ach daltaí a mhisniú chun iompraíocht/obair a bhfuil bród orthu as a ainmniú agus a thaifeadadh, cabhraíonn sé leo féinráitis dhearfacha a chumadh. Modh is ea é seo chun dúshlán a chur faoi aireachtálacha diúltacha maidir leo féin agus a gcuid smaointeoireachta, a gcuid mothúchán agus a gcuid iompraíochta a athrú chun feabhais.

## D'ÉIRIGH LIOM

**Ainm:** ______________________________________________

Gach lá ar feadh seachtaine, smaoinigh ar mhír amháin oibre a bhfuil bród ort as. Scríobh síos í.

Dé Luain: ______________________________________________


Dé Máirt ______________________________________________

Dé Céadaoin______________________________________________

Déardaoin ______________________________________________

Dé hAoine ______________________________________________

# Teicníc an Turtair



Baintear úsáid as an teicníc seo (Robin, Schneider and Dolnick, 1976) chun féinsmacht a mhúineadh do leanaí óga.

Insítear scéal do na leanaí mar gheall ar thurtar a bhíonn i dtrioblóid de shíor mar nach stopann sé chun smaoineamh a dhéanamh. Éiríonn sé crosta agus feargach dá bharr, agus tosaíonn sé ag troid leis na hainmhithe eile. Cabhraíonn seanturtar críonna leis smacht níos fearr a choimeád air féin. Ach fadhb a bheith ag an turtar tarraingíonn sé a cheann isteach chun smaoineamh a dhéanamh.

Foghlaimíonn na leanaí teicníc an turtair; cuireann siad a gcuid lámha gar don chorp agus ligeann siad orthu go bhfuil tar éis iad féin a chuachadh suas ina sliogáin ionas gur féidir leo bheith ciúin, smaoineamh a dhéanamh agus bheith ar a suaimhneas ansin.

An cuspóir atá leis an ngníomhaíocht seo ná cabhrú leis an leanbh dul i dtaithí ar iad féin a shuaimhniú tar éis bheith teann. Cabhraíonn sé leo réiteach a fháil ar fhadhb agus is straitéis féinsmachta dóibh í.

# PASCHÁRTAÍ



Straitéis is ea córas 'Paschárta' do dhaltaí a bhfuil sé deacair orthu smacht a choimeád ar a gcuid feirge. Ceadaíonn an Paschárta do leanaí an clós nó an seomra ranga a fhágáil (le tacaíocht duine fásta) sula mbriseann an fhoighne orthu. Ba cheart iad a threorú chuig áit chiúin ina bhféadfaidís leas a bhaint as teicnící chun iad féin a shuaimhniú. Gach uair a éiríonn le dalta smacht a choimeád ar a c(h)uid feirge gan úsáid a bhaint as an bpaschárta, ba cheart é nó í a mholadh.


Sula socraítear cá mhéad paschárta ar cheart a eisiúint do dhalta ní mór an iompraíocht féin a bhreathnú agus a chomhaireamh thar thréimhse ama. Cabhraíonn an bhonnlíne sin le múinteoirí a mheas cá mhéad cárta a bheadh ag teastáil ó dhalta i suíomh ar leith. Ba cheart líon na gcártaí a laghdú de réir mar a mhúintear straitéisí láimhsithe feirge don dalta.

| **Paschárta**<br><br>Ainm<br><br>Rang | Rialacha maidir le húsáid an phaschárta<br><br>1. Ní úsáidfidh mé an paschárta ach amháin nuair is gá dom an clós a fhágáil<br>2. Bainfidh mé úsáid as sula dtagann fearg orm<br>3. Gheobhaidh mé straoiseog ach cloí leis na rialacha agus an cárta a úsáid i gceart<br>4. Má éirím liom imeacht gan mo phaschárta a úsáid, tabharfaidh mé nóta 'maith thú' go dtí an príomhoide. |
|---|---|

# Roth mo Mhothúchán

**Ainm:** **Dáta:**

**Conas a mhothaím inniu?**




**Aon mhothúchán eile ionam?**

**Cá háit ar éirigh liom inniu?**

**Cá háit nár éirigh liom inniu?**




# Leathanach Smaointe...

Tarraing nó scríobh an méid a **tharla**, na **smaointe** a bhí agat, an tslí a **mhothaigh** tú agus an rud a **rinne** tú sna boscaí thíos.

| Cad a tharla? | Cén smaoineamh a bhí agam? | Conas a mhothaigh mé? | Cad a rinne mé? |
|---|---|---|---|
| | | | |

Ag smaoineamh ar an méid a tharla, cad iad na smaointe eile a d'fhéadfadh a bheith agam...




| *Cén smaoineamh eile a d'fhéadfadh a bheith agam?* | *Conas a mhothóinn ansin?* | *Cad a dhéanfainn?* |
|---|---|---|
| | | |

# Taifead de Dhul chun Cinn



Ainm: Dáta:

Rátáil tú féin ag deireadh gach ceachta agus déan comparáid idir do rátáil féin agus rátáil do mhúinteora. Tabhair 0 ar iarracht an-lag, 10 ar iarracht an-mhaith.

| Ceacht | Scór an dalta | Scór an mhúinteora | Ráitis |
|---|---|---|---|
| 1 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | |
| 2 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | |
| 3 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | |
| 4 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | |
| 5 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | |
| 6 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | |
| 7 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | |

# Gluais

## ACRAINMNEACHA

| | |
|---|---|
| **DES** | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| **IEP** | Plean Oideachais Aonair |
| **NCSE** | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| **NEPS** | Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| **NEWB** | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais |
| **PPDS** | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bunmhúinteoirí |
| **SCP** | An Clár Críochnaithe Scoile |
| **SEN** | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| **SENO** | Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais |
| **SESS** | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| **SNA** | Cúntóir Riachtanas Speisialta |

## TÉARMAÍ

**Múinteoir Tacaíochta**

D'fhéadfadh aon duine díobh seo a leanas a bheith i gceist, ag brath ar riachtanais an dalta:

- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne, a leithdháiltear i láthair na huaire ar bhunscoileanna faoin Leithdháileadh Ginearálta.
- Múinteoir Acmhainne - Múinteoir acmhainne oideachais speisialta a leithdháiltear ar an scoil chun freastal do riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu de bharr míchumas ísealmhinicíochta i dtéarmaí Imlitreacha Oideachais Speisialta 09/04 agus 02/05.
- Múinteoir Acmhainne le haghaidh daltaí Taistealaithe
- Múinteoir Tacaíochta a leithdháiltear ar líon áirithe scoileanna ar bhonn trialach chun freastal do riachtanais daltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha nó iompraíochta acu.
- Múinteoir tacaíochta teanga le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais teanga acu chomh maith le riachtanais speisialta oideachais
- Comhordaitheoir idir an Baile agus an Scoil a leithdháiltear ar scoileanna áirithe sa chathair agus faoin tuath ar bhonn míbhuntáiste

# Tagairtí


National Institute for Clinical Excellence. 2008. Public health intervention guidance: *Social and emotional wellbeing in primary education: Promoting children's social and emotional wellbeing in primary education*. NICE, London

Birmingham City Council Education and Learning Service. 2001. *Behaviour in Schools: Getting Started, Framework for Intervention,* Birmingham City Council

Dept. of Health and Children. 1999. *Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children.*, Dublin. Stationary Office )

Essex County Council Learning Services, 1998. : *Promoting Positive Behaviour*: the Essex approach. Essex. Essex Co Council.

Fox et al 2003. *The Teaching Pyramid, A Model for Supporting Social Competence and Presenting Challenging Behaviour in Young Children*, July 2003)

Mosley, J. 2002. *Quality Circle Time in the Primary Classroom* LDA, Cambridge )

NEWB, 2008, *Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools,* NEWB, Dublin.

Rogers, B. 2000. *Cracking the Hard Class: Strategies for managing the harder than average class*. London; Paul Chapman Publishing

Kelly, A.,2007, *Talkabout, A Social Communication Skills Package*; UK, Speechmark Publishing Ltd)

'Anger management, A Practical Guide' (Adrian Faupel, Elizabeth Herrick and Peter Sharp published by David Fulton 2001)

Walk Tall Social personal and Health Education Programme, For the Prevention of Substance Misuse, Department of Education 1999.

Robins, A., Schneider, M. & Dolnick, M. (1977). The turtle technique: An extended case study of self-control in the classroom. In O'Leary, K.D. and O'Leary, S.G. (Eds.) Classroom management: The successful use of behaviour modification. (2nd ed., pp. 619-700). New York: Pergamon Press.



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

National Educational Psychological Service